Front cover irish:Front cover irish 14/07/2009 08:15 Page 1

RANGANNA NAÍON·N SÚISEARACH AGUS SINSEARACH

Ábhair Acmhainní don

Oideachas Caidrimh & Gnéasachta

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

Front cover irish:Front cover irish 14/07/2009 08:15 Page 2

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

Introduction irish:Introduction irish 14/07/2009 08:18 Page 1

Ábhair Acmhainní don

Oideachas Caidrimh & Gnéasachta

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

Introduction irish:Introduction irish 14/07/2009 08:18 Page 2

Ábhair Acmhainní don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Ranganna Naíonán Sóisearach agus Sinsearach

© Rialtas na hÉireann 1998

Léaráidí le Mary Hall
Dearadh le Brian Kelly Design
Clóbhualadh le Brunswick Press Ltd

Introduction irish:Introduction irish 14/07/2009 08:18 Page 3

Innéacs

	Lch
Brollach	4
Buíochas	5
Clár Ábhair	6
Réamhrá	7
Páirtíocht Tuismitheoirí / Caomhnóirí	9
Modhanna Molta Múinteoireachta	10
Naíonáin Shóisearacha	
Téamaí OCG	14
Imeascadh Curaclaim	95
Naíonáin Shinsearacha	
Téamaí OCG	98
Imeascadh Curaclaim	179

Introduction irish:Introduction irish 14/07/2009 08:19 Page 4

Brollach

Tá na hábhair acmhainní a thugtar anseo bunaithe ar an gCuraclam Eatramhach agus Treoirlínte don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a d'ullmhaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus a d'fhaomh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Ní saintreoracha iad, ach soláthraíonn siad clár roghanna le haghaidh ceachtanna ranga ónar féidir le múinteoirí roghnú de réir Pholasaí OCG a scoile féin.

D'ullmhaigh múinteoirí le taithí na hábhair faoi threoir na Seirbhíse Tacaíochta Oiliúna do Scoileanna. Tá pearsanra ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an tSeirbhís Tacaíochta Oiliúna OCG do Scoileanna agus múinteoirí ranga sna Scoileanna Réamh-Thástála tar éis iad a mheas. Chuathas i gcomhairle leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta fad a bhí na hábhair seo á bhforbairt agus measadh iad a bheith comhoiriúnach don Churaclam Eatramhach agus Treoirlínte.

Tá sé mar chúram ar na daoine sin atá chun tarraingt as na hacmhainní seo iad féin a shásamh go bhfuil clár ábhair na n-acmhainní a úsáideann siad oiriúnach do riachtanais na ndaltaí agus de réir Pholasaí agus Chlár OCG a scoile.

Tá fíorbhuíochas ag dul dóibh sin ar fad a chuir le forbairt agus cnuasach na n-ábhar acmhainní seo. Gan dabht beidh siad ina gcabhair mhór dóibh sin a bhíonn ag plé le hoideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte daoine óga.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

National Council for Curriculum and Assessment | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta NCCA

Introduction irish:Introduction irish 14/07/2009 08:19 Page 5

Buíochas

Is í an tSeirbhís Tacaíochta Oiliúna OCG do Scoileanna a rinne forbairt na n-ábhar seo a chomhordú. Bunaíodh an tseirbhís seo i Lárionad Oideachais Droim Conrach i nDeireadh Fómhair 1995, seirbhís a bhfuil an fhreagracht uirthi tacaíocht a thabhairt chun an OCG a chur i ngníomh i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar fud na tíre. Faigheann an tSeirbhís Tacaíochta Oiliúna OCG do Scoileanna maoiniú ón Aonad Forbartha Ionghairme, ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa.

Tá an Roinn Oideachais agus Eolaíochta buíoch den mhórchuid daoine a chabhraigh le Lámhleabhar seo an Mhúinteora a scríobh. Mar thoradh ar a ndúthracht agus a gcabhair fhíorluachmhar le linn an tionscadail ar fad d'éirigh linn na hábhair a chríochnú. Tá buíochas ag dul do:

An tSeirbhís Tacaíochta Oiliúna OCG do Scoileanna
Nora Brennan, Comhordaitheoir Oiliúna
Áine Lawlor, Comhordaitheoir Cúnta
Jocelyn Kelly, Rúnaí

Na hÚdair
Mary Beausang
Clare Maloney, comhscríbhneoir Téamaí 1-8 do Naíonáin Shóisearacha

Grúpa Feidhmithe OCG
Cathaoirleach: Emer Egan, Cigire Sinsearach,
An tAonad Forbartha Ionghairme

Grúpa Bainistíochta Tionscadail OCG
Cathaoirleach: Paul Doyle, Príomh-Oifigeach,
An tAonad Forbartha Ionghairme

Scoileanna Réamh-Thástála
Na Bunscoileanna Réamh-Thástála, comhordaithe ag Siobhán Cluskey

Oiliúnóirí OCG
An Fhoireann Náisiúnta

Cigirí ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Bernadette Ní Áingleis
Proinsias Ó Dughaill
Pádraig Ó Donnabháin

Grúpa Oibre Bunoideachais na CNCM
Noreen Kavanagh,
Oifigeach Oideachais den CNCM
Fionnuala Kilfeather,
Comhordaitheoir Náisiúnta na Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunoideachas
Colm Ó Ceallacháin, Cigire Scoileanna
Sally Shiels,
Cumann Múinteoirí na hÉireann (INTO)

Baill Chomhairle na CNCM

Lárionad Oideachais Droim Conrach
Patrick B. Diggins, Stiúrthóir, agus an Fhoireann

An Líonra Lárionad Oideachais

Clóscríobhaí
Bridie Hunter

Aistritheoir
Dáithí Ó Luineacháin, Gaelchló

Tá gach iarracht déanta ag na foilsitheoirí teacht ar Paul Rogers, údar an dáin "Babaí". Má sáraíodh cóipcheart go neamh-aireach, iarrtar ar an úinéir teagmháil a dhéanamh leis na foilsitheoirí.

Creidiúnaítear dánta agus scéalta le Clare Maloney sa téacs.

Introduction irish:Introduction irish 14/07/2009 08:19 Page 6

Clár Ábhair

Naíonáin Shóisearacha

Téama	Lch
Seo Mise	15
Cé Tusa?	23
Is cairde sinn	33
Seo iad mo theaghlach	43
Daoine a mhúineann sábháilteacht dúinn	51
Tá mothúcháin againn	59
Beatha nua	67
Fásaim	77
Ag déanamh roghanna	85

Naíonáin Shinsearacha

Téama	Lch
Féach cad is féidir liomsa a dhéanamh	99
Seo iad mo chairde	107
Seo iad mo theaghlach	115
Is féidir liom bheith sábháilte	123
Tá mothúcháin ag daoine eile chomh maith	129
Ag tabhairt aire do bheatha nua	137
Mo chorp	147
Fásaim agus Athraím	157
Ag déanamh cinntí	169

Introduction irish:Introduction irish 14/07/2009 08:19 Page 7

Réamhrá

Forbraíodh na hábhair acmhainní seo chun múinteoireacht an Oideachais Chaidrimh agus Ghnéasachta (OCG) a éascú de réir Churaclam agus Threoirlínte an Oideachais Chaidrimh agus Ghnéasachta a d'ullmhaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).

Tá na hábhair leagtha amach go seicheamhach agus de réir aoise. Ní saintreoracha iad, áfach, ach soláthraíonn siad clár roghanna le haghaidh ceachtanna ranga ónar féidir le múinteoirí roghnú de réir Pholasaí a scoile féin ar OCG. Féadfaidh scoileanna ábhair OCG a roghnú ó fhoinsí eile, mar mhalairt, nó chun na hábhair seo a fhorlíonadh agus a chomhlánú.

Ní fhéadfaí na hábhair ar fad a chlúdach ach tugtar roghanna le haghaidh gach téama OCG, le dóthain ábhair ag gach rogha le haghaidh ceachta. B'fhéidir go mbeadh sé indéanta cuid de na roghanna a imeascadh le réimsí ábhar eile. Tugtar rogha gníomhaíochtaí le cur san áireamh sa cheacht chomh maith. Níor chóir go mbeadh bac ar rannpháirtithe sa chlár gníomhaíochtaí a roghnú de réir mar a oireann siad dá scoil féin.

Tá sé i gceist go bhforbrófar Polasaí Scoile don OCG i ngach scoil ar leith i gcomhar leis na tuismitheoirí/caomhnóirí, an príomhoide, an fhoireann mhúinteoireachta, an Bord Bainistíochta agus, nuair a oireann, leis na daltaí. Léireoidh polasaí na scoile príomhluachanna agus ethos na scoile.

Cad é OCG?

Tá OCG mar chuid den Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS). Soláthraíon OCG deiseanna struchtúrtha do pháistí chun an t-eolas, an dearcadh, na luachanna, an creideamh agus na scileanna praiticiúla a fhorbairt atá riachtanach chun caidreamh pearsanta sláintiúil mar pháistí agus, ina dhiaidh sin, mar dhaoine fásta a bhunú agus a chothú.

Cad í an aidhm le OCG a mhúineadh ar scoil?

Is í príomhaidhm an oideachais cur le forbairt gach gné den duine, lena n-áirítear an fhorbairt aeistéitiúil, chruthaitheach, chriticiúil, chultúrtha, mhothúchánach, intleachtúil, mhorálta, fhisiceach, pholaitiúil, shóisialta agus spioradálta, don saol pearsanta, do shaol an teaghlaigh, don saol oibre, don saol sa phobal agus don chaitheamh aimsire. Is léir go bhfuil an tOideachas Caidrimh agus Gnéasachta mar chuid den aidhm ghinearálta seo.

Cén chaoi ar féidir OCG a áireamh i gcuraclam na scoile?

Is féidir OCG a éascú ar thrí bhealach laistigh den scoil:

- i gcomhthéacs aeráid agus atmaisféar dearfach scoile;
- mar chuid de OSPS tráthchláraithe;
- ar bhonn imeasctha traschuraclaim.

Léireoidh Polasaí OCG na Scoile a mhéad a thabharfar an Clár OCG mar cheachtanna aonair nó ar bhealach dé-chur chuige .i. trí cheachtanna aonair agus naisc traschuraclaim. D'fhéadfadh an soláthar tráthchláraithe don OCG a bheith oiriúnach do réimsí íogaire an chláir agus do na gnéithe sin a mbíonn gá le cur chuige níos foirmiúla dóibh, nuair is féidir dóthain ama a thabhairt do pháistí eolas a fháil, ceisteanna a chur, eolas a shoiléiriú agus scileanna a fhorbairt.

Introduction irish:Introduction irish 14/07/2009 08:19 Page 8

Cad a mhúinfimid?

Is éard a bheidh san OCG ná ábhar agus scileanna a mhúineadh trí phróisis a chuirfidh ar chumas na bpáistí luachanna agus creideamh a mhúnlú agus modhanna iompair a chothú, laistigh d'fhrámaíocht mhorálta, spioradálta agus shóisialta a n-aontaíonn comhpháirtíocht na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, na múinteoirí agus na mBord Bainistíochta uirthi le linn fhoirmiú pholasaí OCG i ngach scoil. Chun na críche sin, tá sé i gceist go dtacóidh na hábhair seo le scoileanna agus iad i mbun leagan amach an chláir OCG a thabharfaidh siad, de réir pholasaí OCG na scoile.

Cén chaoi a múinfimid é?

Molann Curaclam agus Treoirlínte an OCG curaclam bíseach. Is éard atá ansin ábhair a chlúdach arís ar mhodh forásach go rialta. Ag tacú leis an gcur chuige seo, léiríonn na hábhair seo riachtanais fhorbartha na bpáistí.

Moltar do scoileanna nach mbeidh na cláir iomlán má fhágtar aon chuid de Churaclam agus Treoirlínte an OCG ar lár. Tá sé i gceist go gclúdófar gach téama arís gach bliain. Is faoin scoil agus faoi na múinteoirí féin a bheidh an cúram ar shainábhar gach ceachta a roghnú. Is iad dearbhú pholasaí na scoile agus aoiseanna is céimeanna forbartha na ndaltaí na príomhthionchair ar an obair seo.

Beidh OCG ina chuid thábhachtach den Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), mar a bheidh chomh maith oideachas sa chosaint ar mhí-úsáid ar pháistí, oideachas in úsáid/mí-úsáid substaintí, sa chothú agus i sláinteachas, srl. Tá ábhair ar fáil do scoileanna i gcuid mhaith de na réimsí seo agus is féidir iad a úsáid chun an obair in OSPS agus OCG a chomhlánú.

Introduction irish:Introduction irish 14/07/2009 08:19 Page 9

Páirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Aithníonn na hábhair acmhainní seo tuismitheoirí/caomhnóirí mar phríomhoideoirí na bpáistí agus soláthraíonn siad cabhair do mhúinteoirí ina ról comhlántach agus tacaíochta. Beidh teacht ag tuismitheoirí/caomhnóirí ar ábhair an tseomra ranga. Tabharfar deiseanna do thuismitheoirí/chaomhnóirí plé a dhéanamh lena gcuid páistí ar an ábhar ag céimeanna éagsúla le linn an chláir ar fad. Lorgaíonn gach sraith gníomhaíochtaí sna hábhair páirtíocht na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. Sa pholasaí scoile soláthrófar do chearta na ndaoine sin a dteastaíonn uathu a bpáistí a tharraingt siar ón OCG.

Ag deireadh gach sraith gníomhaíochtaí tá moltaí i dtaobh na slite inar féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí bheith páirteach ar bhealach praiticiúil. Tá leathanach Nasc idir Baile is Scoil ann le haghaidh gach téama. De réir mar a thagann deiseanna chun solais, féadfaidh na moltaí seo a leanas a dhéanamh do thuismitheoirí/chaomhnóirí chun a gcaidreamh lena bpáistí a fheabhsú níos mó.

Obair chúiteach do thuismitheoirí agus páistí araon is ea í éisteacht leis na páistí agus cloisteáil faoina bhfuil ag tarlú ina saol. Tráth den lá a mbíonn an tuismitheoir agus an páiste araon ar a suaimhneas is ea am luí, mar shampla. Soláthraíonn an t-am a chaitear ag taisteal nó ag obair le chéile timpeall ar an mbaile deis don tuismitheoir/chaomhnóir agus don pháiste taitneamh a bhaint as comhluadar a chéile.

Ó aois óg, agus trí aois na hóige ar fad, féadfaidh tuismitheoirí (pé acu tuismitheoirí nádúrtha, uchtaithe nó altrama iad) úsáid a bhaint as na hamanta speisialta sin chun scéal fíor a insint dá bpáiste, scéal a mbainfidh an páiste fíorthaitneamh as. Sin scéal an pháiste féin. Tá a scéal speisialta agus uathúil féin ag gach páiste, pé acu go maireann siad i ngrúpa teaghlaigh choinbhinsiúnaigh, lena tuismitheoir aonair nó lena seanathair is seanmháthair i mórtheaghlach.

Féadfaidh an t-albam grianghraf bheith ina phointe tosaithe úsáideach. Is breá le páistí óga scéalta a chloisteáil arís is arís eile. Tá draíocht ar leith ag baint le scéalta ina mbíonn an príomhról ag páistí.

Do pháistí áirithe, tosóidh scéal a mbeatha le scéal faoin gcaoi ar bhuail a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí le chéile agus ar thosaigh an grá atá acu dá chéile. Uaidh sin cloisfidh siad faoin áthas a bhí ar a máthair nuair a chuala sí go raibh sí ag iompar clainne nó faoin ngrá a bhraith sí nuair a mhothaigh sí an leanbh ag bogadh sa bhroinn don chéad uair.

Cloisfidh páistí faoin gcaoi ar thug baill éagsúla den teaghlach agus cairde aire don mháthair agus babaí le linn an toirchis. B'fhéidir go gcloisfidís faoin ngliondar a bhí ar a n-athair nuair a chuala sé go raibh sé le bheith ina athair agus faoin gcaoi ar thug sé aire don mháthair agus babaí le linn an toirchis. Beidh na múinteoirí tuisceanach do na dála éagsúla teaghlach de chuid na bpáistí sa rang.

B'fhéidir go n-inseodh tuismitheoirí/caomhnóirí uchtaithe faoina mothúcháin nuair a chuala siad go raibh siad chun babaí nua (nó mac nua nó iníon nua) a bheith acu, agus faoin gcéad uair a chonaic siad a mbabaí agus a thóg siad ina lámha é/í, faoina smaointe agus faoin gcaoi ar mhothaigh siad. Beidh gach scéal speisialta mar go mbeidh gach scéal difriúil agus féadfar na páistí a spreagadh chun na difríochtaí a thuiscint.

De réir a chéile aithneoidh na páistí a chloiseann a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí ag caint ar an ngrá a bhí acu dóibh ag céimeanna éagsúla i rith a saoil gur tugadh grá dóibh agus mar sin beidh siad sásta agus braithfidh siad sábháilte.

Introduction irish:Introduction irish 14/07/2009 08:19 Page 10

Modhanna Molta Múinteoireachta

I measc na modhanna múinteoireachta a mholtar do Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha tá:

1. Scéalta agus Dánta
2. Plé sa Seomra Ranga
3. Grúpobair
4. Cluichí
5. Gníomhaíochtaí Ealaíne
6. Am Ciúin
7. Cuairteoir ar an Seomra Ranga
8. Físeán
9. Drámaíocht Oideachais

1. Scéalta agus Dánta

Sna hábhair seo, moltar scéal nó dán mar réamh-ghníomhaíocht. Soláthraíonn scéalta agus dánta foclóir agus cabhraíonn siad san fhorbairt teanga. Ionannaíonn páistí le carachtair i scéal nó dán. Is féidir féinmhuinín a chothú leis an tuiscint gur "tharla sé sin domsa chomh maith". Is féidir leis bheith úsáideach don pháiste machnamh a dhéanamh ar mhalairt fuascailtí, agus iarmhairtí gníomhaíochta a mhíniú mar scéal.

Féadfaidh páistí foghlaim faoi chaidreamh ar bhealach ionadach trí éisteacht le scéalta agus dánta nó trí scéalta agus dánta a léamh: féadfaidh siad tuiscint a fháil ar na hamanta thuas seal agus thíos seal de chairdeas ó shuíomh compordach.

Ba chóir go mbeadh an tsaoirse ag an múinteoir, go háirithe sna ranganna sóisearacha, na scéalta a thugtar a chur in oiriúint do theanga agus taithí na bpáistí. Ba chóir na focail Mamaí/Daidí, Mam/Daid a úsáid go hinmhalartach le linn na gCeachtanna OCG ar fad.

2. Plé sa Seomra Ranga

Is é seo an phríomhghné de mhodheolaíocht na n-ábhar seo. Mar sin, is fearr a bheidh sé má ullmhaíonn an múinteoir don phlé roimh ré, ag cuimhneamh ar aidhm an cheachta i gcónaí. Chun cabhrú leis an múinteoir a leithéid a dhéanamh, áirítear go minic liosta cuimsitheach ceisteanna le haghaidh plé sa seomra ranga. Má úsáideann an múinteoir an liosta seo, féadfaidh sé/sí na ceisteanna is fearr a oireann, dar leis/léi, a roghnú.

Beidh gá le tacaíocht, agus soiléireacht, ón múinteoir, go háirithe sna ranganna sóisearacha nuair nach féidir leis na páistí a bpointe a dhéanamh chomh soiléir sin. Nuair a bhíonn scileanna teanga teoranta, féadfaidh an múinteoir 'stoc abairte' a sholáthar atá bunaithe ar na ceisteanna a sholáthraítear agus déanann na páistí sealaíocht chun iad a chríochnú. Mar shampla: 'Is cara maith mé nuair a ...'

Uaireanta, nuair a oireann, d'fhéadfadh na páistí suí timpeall i gciorcal le linn na seisiún plé seo. Rud neamhfhoirmiúil is ea é sin. Féadfaidh páiste na páistí eile a fheiceáil. Is mó de shuaimhneas a bhíonn orthu agus b'fhéidir go mbraithfeadh cuid acu gur fusa cur leis an bplé sa chaoi seo. Ní mór don mhúinteoir deimhin a dhéanamh de nach mbíonn ceannas ag beirt nó triúr páistí ar an bplé. Ag an am céanna, ní mór bheith tuisceanach do cheart páiste fanacht ina t(h)ost.

Introduction irish:Introduction irish 14/07/2009 08:19 Page 11

3. Grúpobair

Soláthraíonn an ghrúpobair deis don mhúinteoir na páistí a ghrúpáil agus tascanna cuí a thabhairt dóibh. Tugann sé deis don mhúinteoir plé a dhéanamh leis na páistí sna grúpaí seo ar bhonn níos pearsanta agus níos indibhidiúla ná mar a d'fhéadfaí a dhéanamh i suíomh ranga iomláin.

4. Cluichí

Is cleachtaí taitneamhacha, idirghníomhacha le cuspóir iad cluichí. Is féidir iad a úsáid mar réamhobair chun tús a chur le hábhar éigin, chun machnamh siar ar chleachtadh nua foghlama nó chun scil ar leith a chleachtadh, .i. éisteacht. Cruthaítear an bonn le haghaidh foghlama nádúrtha le cleachtadh a fháil trí chaithimh aimsire agus tríd an súgradh, le hidirghabháil tuismitheora, caomhnóra, feighlí nó múinteora.

Foghlaimíonn tú fút féin tríd an súgradh agus bíonn páirtíocht le daoine eile i gceist go minic. Tríd an súgradh ceadaítear do pháistí ceisteanna a iniúchadh ar nós 'Cad is féidir liom a dhéanamh?', 'Cad iad na rudaí a bhfuilim go maith leo?', 'Cad a thaitníonn liom?', 'Cad a bheidh ionam?' gan an gá le cinntí críochnúla a dhéanamh.

5. Gníomaíochtaí Ealaíne

Acmhainn riachtanach léirithe is ea na gníomhaíochtaí ealaíne agus cuireann siad le forbairt iomlán agus socracht an pháiste. Tá na gníomhaíochtaí ealaíne a mholtar sna hábhair acmhainní seo ceaptha chun an deis a thabhairt do gach páiste cleachtadh a léiriú agus machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim a bhí ann roimhe agus freagairt don fhoghlaim sin.

Agus na páistí ag obair ina n-aonar tugtar an deis dóibh machnamh pearsanta a dhéanamh, agus nuair a oibríonn siad i ngrúpaí cothaítear forbairt scileanna cumarsáide agus comhoibrithe iontu.

6. Am Ciúin

Is éard atá i gceist sa ghníomhaíocht shimplí seo go gcuimhneoidh na páistí siar ar ócáidí ar leith nó go samhlóidh siad suímh ina mbeidh siad sa todhchaí, dar leo féin. Mar shampla, d'fhéadfadh na páistí cuimhneamh siar ar an gcéad uair a bhuail siad le cara nó iad féin a shamhlú ag siopadóireacht le haghaidh éadaí nua d'ócáid speisialta.

Is féidir leis an tAm Ciúin bheith ina chleachtadh foghlama a thugann suaimhneas do na páistí agus is an-bhealach go deo é chun deireadh a chur le gníomhaíocht.

7. Cuairteoir ar an Seomra Ranga

Is próiseas tábhachtach é ullmhú le haghaidh cuairteora. Cinntíonn an t-ullmhúchán go mbíonn an fhoghlaim a fhaightear ón gcuairt oiriúnach do leibhéal forbartha na bpáistí agus do pholasaí OCG na scoile. D'fhéadfaí ceisteanna a ullmhú roimh ré agus d'fhéadfaí coimriú ar na ceisteanna sin a thabhairt don chuairteoir roimh ré. Tá sé fíorthábhachtach go mbíonn an cuairteoir ar an eolas faoi pholasaí OCG na scoile.

Introduction irish:Introduction irish 14/07/2009 08:19 Page 12

Cur Chuige a d'fhéadfaí a úsáid chun ullmhúchán a dhéanamh do chuairteoir:

a. Déanann an múinteoir aidhm na cuairte a mheas. Ag cuimhneamh air sin faigheann sé/sí ceisteanna amach ón rang. B'fhéidir go mbainfeadh cuid de na ceisteanna sa mhír 'Labhraimís' den cheacht le hábhar.

b. Déanann an múinteoir nóta de na ceisteanna sin. Chun deimhin a dhéanamh de go mbíonn páirtíocht chóir ag na páistí, féadfaidh an múinteoir ceist a thabhairt do gach páiste, ag déanamh nóta d'ainm an pháiste leis an gceist. Le linn na cuairte, féadfaidh an múinteoir leid a thabhairt don pháiste má bhíonn gá lena leithéid. Féadfaidh an múinteoir nóta a dhéanamh de na freagraí chomh maith chun iad a úsáid sa phlé a leanfaidh.

c. Tugann an múinteoir cuireadh don chuairteoir teacht, ag tabhairt le fios dó/di cad í aidhm na cuairte seo agus cad iad na ceisteanna a theastaíonn ó na páistí a chur. Ba chóir go gcuirfí an cuairteoir ar an eolas chomh maith faoi ghnéithe de pholasaí OCG na scoile a bhaineann leis an gcuairt.

Ar mhaithe le foghlaim na bpáistí:

d. Nuair a thagann an cuairteoir, fáiltíonn an múinteoir agus daltaí roimhe/roimpi agus gabhann buíochas leis/léi ag an deireadh. D'fhéadfaí deochanna a chur ar fáil ag an deireadh chomh maith.

e. I ndiaidh na cainte féadfaidh an rang cártaí buíochais a chur chuig an gcuairteoir. Féadfaidh na cártaí sin bheith mar chuimhne do na páistí ar an méid a d'fhoghlaim siad.

8. Físeán

Sna nótaí seo, déantar tagairt do na féidearthachtaí maidir le húsáid a bhaint as ábhar cuí físeáin. Tá sé i gceist go ndéileálfadh na físeáin seo le beatha nua i ndomhan na n-ainmhithe e.g. Ainmhithe Nuashaolaithe. Ceann de na buntáistí a bhaineann le físeán a úsáid is ea gur meán físe é. Soiléiríonn sé sin rudaí do na páistí. Féadfaidh físeán treoir a sholáthar do mhúinteoirí le haghaidh ranganna sa todhchaí.

Tá liosta de na físeáin sa "Chatalóg Acmhainní le haghaidh mhúineadh an OCG i mBunscoileanna". Tá an fhreagracht ar na daoine sin a úsáideann an Liosta Acmhainní, e.g. baill de phobal na scoile, as iad féin a shásamh go bhfuil ábhar na bhfíseán atá i gceist acu a úsáid le daltaí oiriúnach dá riachtanais, de réir pholasaí na scoile, agus oiriúnach do chláir scoile mar a chuireann an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta síos orthu.
D'fhéadfadh an sliocht seo a leanas ó Thuarascáil an tSain-Ghrúpa Chomhairligh ar OCG bheith úsáideach agus físeáin á réamhthaispeáint agus acmhainní eile á n-athbhreithniú:

"Agus ábhar acmhainní á meas, ba chóir na ceisteanna seo a leanas a chur:

(i) An bhfuil sé oiriúnach d'aois agus céim forbartha na bpáistí, maidir le teanga agus coincheapanna?
(ii) An bhfuil an t-eolas ann cruinn?
(iii) An mbaineann sé le hábhar an chláir?
(iv) An bhfuil sé de réir luachanna croíláir agus ethos/sainmheon na scoile?
(v) An bhfuil sé tuisceanach do chúlra teaghlaigh agus cultúrtha an pháiste?
(vi) An bhfuil sé saor ó bhuanchruthú gnéasach agus laofacht inscne?"

(4.6 Eagrúchán Acmhainní Múinteoireachta - lch. 15)

Introduction irish:Introduction irish 14/07/2009 08:19 Page 13

Treoir Céim-ar-Chéim d'úsáid Físeáin sa Seomra Ranga

1. Sula dtaispeántar an físeán, inis do na daltaí:
   (a) teideal an fhíseáin
   (b) eolas ginearálta faoi chlár ábhair an fhíseáin a fheicfidh siad.

2. Mínigh go bhfuil tú chun an físeán (nó cuid de, ag brath ar aois agus céim forbartha na ndaltaí) a thaispeáint i gcéimeanna, ag stopadh anseo is ansiúd le haghaidh plé, ceisteanna, míniúchán, srl.

3. Iarr ar na daltaí gan ceisteanna a chur fad a bhíonn an físeán ar siúl. Beidh deis acu é sin a dhéanamh le linn an ama phlé ag pointí éagsúla.

4. Cuir béim ar an tábhacht le féachaint agus éisteacht go han-chúramach fad a bhíonn an físeán ar siúl.

5. Ag pointí oiriúnacha, stop an físeán chun ligean do dhaltaí labhairt ar an méid atá feicthe/cloiste acu san fhíseán, ceisteanna a chur, freagraí/míniúcháin a sholáthar, srl.

6. Ag deireadh an ama fhéachana, spreag plé ginearálta ar ábhar an fhíseáin leis na daltaí ag déanamh achoimre ar na nithe nua atá foghlamtha acu agus ag tabhairt a dtuairimí agus measúnachta ar an bhfíseán.

Tá fiúntas teoranta ag na físeáin mura leanann deiseanna do na páistí labhairt ar an méid atá feicthe acu uathu. Leis an aiseolas seo ó na daltaí soláthrófar measúnú praiticiúil ar an bhfíseán don mhúinteoir.

Beidh a fhios ag múinteoirí cad iad na codanna gur bhain na daltaí ciall astu, cad iad na fíricí agus an teanga a thuig siad go furasta agus cad iad na nithe nár thuig siad nó ar bhain siad míchiall astu. Ar an mbealach sin, is fearr a bheidh na múinteoirí trealmhaithe agus is muiníní a bheidh siad agus iad ag múineadh an ábhair sin arís ag ócáid eile.

9. Drámaíocht Oideachais

Tá gnéithe áirithe mar thréithe ag an drámaíocht a thugann cumhacht uathúil mar mhodh léirithe di. Is féidir eilimintí na drámaíochta a thabhairt orthu sin. Creideamh, carachtar, gníomhaíocht, áit, am, teannas, brí (plota agus téama) agus cineál. Tá páirt ar leith le glacadh ag an drámaíocht i bhforbairt páiste agus mar sin is meán idéalach í chun gnéithe den Chlár OCG a fhorbairt.

Introduction irish:Introduction irish 14/07/2009 08:19 Page 14

Clár Ábhair

Naíonáin Shóisearacha

Uimhir	Téama	Lch
1	Seo Mise	15
2	Cé Tusa?	23
3	Is cairde sinn	33
4	Seo iad mo theaghlach	43
5	Daoine a mhúineann sábháilteacht dúinn	51
6	Tá mothúcháin againn	59
7	Beatha nua	67
8	Fásaim	77
9	Ag déanamh roghanna	85

Oiriúnú agus Eagrúchán Ábhar OCG

Is le haghaidh chuspóirí léirithe amháin atá leagan amach na nÁbhar OCG seo don Seomra Ranga agus níl sé i gceist go réamhshocróidís seicheamh múinte an Chláir OCG sa scoil.

Tá na hábhair leagtha amach go seicheamhach agus de réir aoise. Ní saintreoracha iad, áfach, ach soláthraíonn siad clár roghanna le haghaidh ceachtanna ranga ónar féidir le múinteoirí roghnú de réir Pholasaí a scoile féin ar OCG. Féadfaidh scoileanna ábhair OCG a roghnú ó fhoinsí eile, mar mhalairt, nó chun na hábhair seo a fhorlíonadh agus a chomhlánú.

Ní fhéadfaí na hábhair ar fad a chlúdach ach tugtar roghanna le haghaidh gach téama OCG, le dóthain ábhair ag gach rogha le haghaidh ceachta. B'fhéidir go mbeadh sé indéanta cuid de na roghanna a imeascadh le réimsí ábhar eile. Tugtar rogha gníomhaíochtaí le húsáid sa cheacht chomh maith. Níor chóir go mbeadh bac ar rannpháirtithe sa chlár gníomhaíochtaí a roghnú ar fearr a oireann siad dá scoil féin.

jun 1 irish:jun 1 irish 14/07/2009 08:17 Page 15

1 Seo Mise

jun 1 irish:jun 1 irish 14/07/2009 08:17 Page 16

Seo Mise

Aidhm: Chun cabhrú le páistí a thuiscint go bhfuil siad speisialta agus uathúil agus chun cur ar a gcumas mothú dearfach féinfheasachta a fhorbairt.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Am Scéalta:	Conchúr ar Scoil Moltaí le haghaidh Scéalta Eile
Labhraimís:	Faoin Scéal

Rogha 2

Am Ríme:	Mé! Mé! Mé! le Clare Maloney Is eol dom cé tusa. le Clare Maloney
Labhraimís:	Fúmsa

Gníomhaíochtaí a Leanann

Ionad Spéise:	Seo Mise! Táim speisialta.
Gníomhaíocht Ealaíne:	Maisc Aghaidhe nó Aghaidh-Phéinteáil
Am Ciúin:	Is maith liom mé féin.

Nóta ar Fhéinmheas

Is éard atá i bhféinmheas an meas a bhíonn agat ort féin. Is fearr an seans a bhíonn ag páistí le hardmheas orthu féin caidreamh tuisceanach a fhorbairt agus is lú an seans a bhíonn ann go mbainfidh daoine úsáid astu. Ba éifeachtaí a chuirfí clár atá ceaptha chun féinmheas daltaí a fhorbairt i bhfeidhm i gcomhthéacs chur chuige na scoile ina hiomláine. Féadfaidh timpeallacht dhearfach seomra ranga fás san ardmheas a chothú.

Éilíonn páistí le lagmheas an iomarca orthu féin agus bífhéidir nach bhfuil siad in ann iad féin a mheas i gceart. Méadaíonn an dá thréith seo an seans nach n-éireoidh leo. Treisítear lagmheas an pháiste air/uirthi féin leis an mothú neamhfhiúntais a ghabhann leis an teip. Má thugtar am ar leith i dtús seachtaine, lae nó ceachta chun insint do pháistí cad é a mbeifear ag súil uathu, gheofar amach gur fiú go mór é agus go mbíonn dea-thoradh ar an am a chaitear. Déiléailtear leis an éiginnteacht trí spriocanna a mhíniú go beacht. Cuireann an tsiúráil seo an dalta ar a s(h)uaimhneas. Le hathbhreithniú gairid rialta forbraítear sna páistí an cumas dul chun cinn a mheas go réadúil. De réir mar a dhéantar straitéisí dá leithéid arís is arís eile, iompaíonn siad ina gcuid nádúrtha den lá scoile. Is féidir tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh chun tacaíocht do na gníomhaíochtaí féinfheabhsaithe, agus treisiú na ngníomhaíochtaí sin, sa seomra ranga a sholáthar.

jun 1 irish:jun 1 irish 14/07/2009 08:17 Page 17

Rogha 1

Am Scéalta:	Conchúr ar Scoil Moltaí le haghaidh Scéalta Eile
Labhraimís:	Faoin Scéal

Am Scéalta: Conchúr ar Scoil

Bhí buachaill ann fadó. Conchúr ab ainm dó. Bhí sé ceithre bliana d'aois. Thosaigh sé ag dul ar scoil, díreach mar a dhéanann tusa. Thaitin an scoil go mór le Conchúr. Ba bhreá leis bualadh leis na páistí eile ina rang agus bhí an-chion aige ar a mhúinteoir. Thaitin sé leis súgradh leis an ngaineamh agus bheith sa Chúinne Baile. Thaitin sé leis bheith ag déanamh míreanna mearaí agus bheith ag tarraingt pictiúr. Thaitin am lóin go mór leis. Chuirfeadh a Mhamaí úll agus iógart AGUS ceapaire ina bhosca lóin dó. Bhíodh cartán sú torthaí le nól aige.

Ba bhreá le Conchúr éisteacht leis an múinteoir nuair a léadh sí scéal dos na buachaillí agus cailíní go léir. Ach tomhais cad é ba mhó a thaitin leis faoin scoil? Bhuel, éistigí anois agus inseoidh mé daoibh. An rud ba mhó a thaitin le Conchúr faoin scoil ná ... **AM BAILE!** Meas tú cén fáth sin! Nuair a bhuaileadh an clog chuireadh Conchúr a chóta mór air féin, dhúnadh na cnaipí agus na sipeanna air, mar a mhúin a mháthair dó é a dhéanamh. Ansin théadh Conchúr i líne leis na páistí eile. Nuair a bhuaileadh an clog arís ritheadh sé amach an doras chuig an áit a mbíodh a Mhamaí agus gach Mamaí agus Daidí eile agus na deartháireacha agus deirfiúracha móra agus na feighlithe ag feitheamh chun na páistí a thabhairt abhaile. Gach lá bhíodh a Mhamaí ag fanacht leis, ag croitheadh a lámh agus ag glaoch 'A CHONCHÚIR! A CHONCHÚIR! Is anseo atáim!' Ritheadh Conchúr ina treo go tapa. Bhéaradh sé barróg MHÓR uirthi agus shiúlaidís abhaile. Ar an mbealach abhaile d'insíodh Conchúr gach rud faoina lá ar scoil dá mháthair. Agus iad gar don bhaile déaradh Conchúr i gcónaí: 'Cad tá ann don lón? Tá AN-OCRAS orm.' D'fhreagraíodh a Mhamaí é i gcónaí le: 'Rud éigin AN-BHLASTA! Fan go bhfeice tú!'

Lá amháin ag am baile rith Conchúr chuig doras na scoile agus níorbh fhéidir leis a Mhamaí a fheiceáil. D'fhéach sé san áit a mbíodh sí de ghnáth agus ní raibh sí ann. D'fhéach sé amach i dtreo an gheata agus ní raibh sí ansin ach an oiread. Rug an múinteoir ar a lámh agus dúirt sí: 'Fan anseo liomsa, a Chonchúir! Beidh do Mhamaí chugat i gceann tamaillín!' Rug Conchúr greim daingean ar lámh an mhúinteora. Bhí an-chuid Mamaithe agus Daidithe agus deartháireacha agus deirfiúracha móra agus feighlithe ann ach ní raibh a Mhamaí féin ann. Chuala Conchúr guth ag glaoch 'A Phádraig!' Ceann eile ag glaoch 'A Shinéad!' Go tobann chuala sé guth ag glaoch a ainm FÉIN: 'A Chonchúir! A Chonchúir! Tá sé ceart go leor. Táim anseo!' Mamaí a bhí ann. Bhí sí díreach ag teacht isteach an doras. Ghlaoigh Conchúr ar ais uirthi: 'A Mhamaí! A Mhamaí!' Rith sé sall chuig a Mhamaí agus thug sé barróg mhór di. Mhínigh Mamaí go raibh sí déanach mar gur bhuail sí le bean Uí Bhroin ar an mbealach chun na scoile agus stop sí agus labhair sí léi níos faide ná mar a mheas sí. Thug siad faoin mbaile agus d'inis Conchúr gach rud di faoina lá ar scoil. Agus iad gar don bhaile dúirt Conchúr: 'Cad tá ann don lón? Tá an-ocras orm!' Agus dúirt Mamaí: 'Rud éigin AN-BHLASTA! Fan go bhfeice tú!'

jun 1 irish:jun 1 irish 14/07/2009 08:17 Page 18

Moltaí le haghaidh Scéalta Eile

A Difficult Day *le Eugenie Fernandes, foilsithe ag Viking*
Réitítear deacrachtaí Melinda leis an ngrá idir í agus a máthair.

The Alfie Treasury *le Shirley Hughes, foilsithe ag Bodley Head Press*
Is buachaill beag é Alfie a mbeidh a shaol simplí laethúil an-chosúil le saol laethúil na bpáistí sa rang. An-phointe tosaigh is ea é chun na páistí a chur ag caint fúthu féin.

Labhraimís: Faoin Scéal – Conchúr ar Scoil

Agus an scéal faoi Chonchúr léite, b'fhéidir go mbeadh cuid de na ceisteanna seo a leanas úsáideach chun deiseanna a thabhairt do na páistí plé a dhéanamh faoin bhfáth go bhfuil siadsan speisialta chomh maith.

- **Cad ab ainm don bhuachaill sa scéal? Cén aois a bhí aige?**
- **Ba bhreá le Conchúr dul ar scoil. Cad is breá leatsa a dhéanamh? Cad is maith leat a dhéanamh ar scoil?**
- **An rud ba mhó a thaitin le Conchúr faoin scoil ba ea an t-am baile! Cad é an rud is mó a thaitníonn leatsa faoin scoil?**
- **Ar an mbealach abhaile d'insíodh Conchúr dá mháthair faoina lá ar scoil. Cad faoi a labhrann tusa?**
- **Lá amháin ag am baile, ní raibh Conchúr ábálta a Mhamaí a fheiceáil. Ar tharla sé sin duitse riamh?**
- **Thug múinteoir Chonchúir aire dó go dtí gur tháinig a Mhamaí. Cé thug aire duitse?**
- **Ní raibh Conchúr ábálta a Mhamaí a fheiceáil ar dtús. Cé a chonaic sé?**
- **Ar dtús ní raibh Conchúr ábálta a Mhamaí a chloisteáil ag glaoch a ainm. Cad a chuala sé?**
- **Cad a rinne Conchúr nuair a chuala sé a Mhamaí ag glaoch a ainm FÉIN amach?**
- **Chuaigh Conchúr agus a Mhamaí abhaile agus d'inis sé gach rud di faoina lá ar scoil. Cad a dúirt sé léi, dar leat?**
- **Cé a bhailíonn tusa? Cad iad na rudaí a labhrann sibh fúthu ar an mbealach abhaile?**
- **Tá grá ag máthair Chonchúir dó. Cén chaoi a dtaispeánann sí sa scéal seo go bhfuil grá aici dó?**
  (Déanann sí lón blasta dó. Tá sé sláintiúil chomh maith. Déanann sí cinnte go bhfuil cóta breá mór aige. Mhúin sí dó conas na cnaipí agus na sipeanna a dhúnadh. Bailíonn sí é ón scoil. Éistíonn sí lena chuid nuachta ar fad ar an mbealach abhaile. Bíonn lón ullamh aici dó i gcónaí.)
- **Is breá le Conchúr a Mhamaí. Cén chaoi a dtaispeánann sé é sin sa scéal?**
  (Bíonn sé ag súil lena Mhamaí a fheiceáil ag am baile. Tugann sé barróg di nuair a fheiceann sé í. Insíonn sé a chuid nuachta ar fad di.)
- **Cé a ghránn tusa? Cén chaoi a dtaispeánann siad go ngránn siad thú? Conas a dtaispeánann tusa go ngránn tú iad?**

jun 1 irish:jun 1 irish 14/07/2009 08:17 Page 19

Rogha 2

Am Ríme:	Mé! Mé! Mé! le Clare Maloney Is eol dom cé tusa. le Clare Maloney
Labhraimís:	Fúmsa

Am Ríme: Mé! Mé! Mé! *le Clare Maloney*

Tabhair dom 'M'
Tabhair dom 'É'
Cuir le chéile iad
Déanann siad 'MÉ'

Is maith liom an 'M'
Is maith liom an 'É'
Gan an dá litir sin
Ann ní bheadh 'MÉ'

Is eol dom cé tusa *le Clare Maloney*

Is eol dom cé hé Filimín Fáilimín
Is eol dom cé itheann gruth agus meadhg
Is eol dom cé thagann amach ag súgradh
Is eol dom cé aige a raibh caoirín bheag
Is eol dom cé aige a bhfuil trí mhála lána
Is eol dom cé rith suas an clog -
An eol dóibh cé mise?

Labhraimís: Fúmsa

▲ **Cad is fearr leat fút féin?**
B'fhéidir go nglaofadh gach páiste a (h)ainm amach agus rud amháin speisialta faoi/fúithi féin .i.

'Is mise ... Táimse speisialta mar ...

Inis don duine in aice leat rud amháin speisialta faoi/fúithi a thaitníonn go mór leat.
(B'fhéidir go gcabhródh an múinteoir sa cheacht seo trí chúpla sampla a thabhairt e.g. 'Is maith liom gáire cairdiúil Chiaráin!')

jun 1 irish:jun 1 irish 14/07/2009 08:17 Page 20

Gníomhaíochtaí a Leanann

Ionad Spéise:	Seo Mise! Táim speisialta.
Gníomhaíocht Ealaíne:	Maisc Aghaidhe nó Aghaidh-Phéinteáil
Am Ciúin:	Is maith liom mé féin.

Ionad Spéise: Seo Mise! Táim speisialta

Déan bailiúchán leis na páistí de phictiúir agus grianghraif agus rudaí eile a léiríonn a n-uathúlacht. D'fhéadfaí ainmneacha na bpáistí a thaispeáint. D'fhéadfaidís pictiúir a tharraingt díobh féin. D'fhéadfadh na pictiúir sin na cúiseanna go bhfuil siad speisialta a léiriú, nó cad is maith leo a dhéanamh nó cad é go bhfuil siad go maith chuige. D'fhéadfaí a shocrú chomh maith go mbeadh taispeántas ann de na rudaí a rinne na páistí nó de rudaí atá speisialta dóibh.

Gníomhaíocht Ealaíne: Maisc/Aghaidh fidil

Tabhair leathanach nó cárta do gach leanbh. Iarr orthu pictiúr dá n-aghaidh agus dá ngruaig féin a tharraingt, agus a ghearradh amach. Agus iad ag obair, scríobh ainm gach páiste ar chúl an mhaisc.

Nuair a bhíonn gach duine críochnaithe bailigh na maisc. Ceann ar cheann, ardaigh gach pictiúr suas chun go bhfeicfidh an rang é agus go dtomhaisfidh siad cé leis an aghaidh. Is ródhóchasach a bheifeá dá mbeifeá ag súil go n-aithneofaí gach ceann de na *'portráidí'* seo, mar sin dírigh aird ar na cosúlachtaí.
Mar shampla, **'Seo cailín le gruaig ghearr dhonn agus meangadh mór gáire!'**

Iarr ar gach páiste a m(h)asc a thabhairt abhaile chun a fháil amach cad a cheapann an chuid eile den teaghlach!

Aghaidh-Phéinteáil

B'fhéidir go ndéanfaí an ghníomhaíocht áirithe seo le cead ó thuismitheoirí/chaomhnóirí agus chomh gar don 'am baile' agus is féidir. D'fhéadfadh tuismitheoirí/caomhnóirí bheith páirteach.

Roinn an rang i ngrúpaí de chúigear nó seisear. Cuir duine fásta i ngach grúpa. Maisíonn na daoine fásta aghaidheanna na bpáistí ag baint úsáide as criáin aghaidh-phéinteála nó aghaidh-phéint déanta ag baile. Is féidir an aghaidh-phéint sin a dhéanamh roimh ré tríd na nithe seo a leanas a mheascadh le chéile, sna codanna de chartán plaisteach uibheacha atá folamh:

Dhá thaespúnóg de ghránstáirse
Taespúnóg amháin d'uachtar fuar nó smidiú neamhchostasach
Taespúnóg amháin d'uisce agus
Cúpla taespúnóg de dhathú bia

San am baile féadfaidh na páistí a fheiceáil an aithníonn an duine a bhailíonn iad de ghnáth iad agus nuair a aithníonn, féadfaidh an páiste an cheist a chur 'Cén chaoi a bhfuil a fhios agat gur mise atá ann?' B'fhéidir go ndéarfadh an duine fásta: 'Tá cuma dhifriúil ar d'aghaidh ach, tá a fhios agam gur tú atá ann mar gheall ar dhath do chuid gruaige agus do mheangadh gáire speisialta'. D'fhéadfaí leideanna agus nodanna ar an bplé seo a áireamh sa nóta do thuismitheoirí/chaomhnóirí ag lorg ceada don cheacht aghaidh-phéinteála seo.

jun 1 irish:jun 1 irish 14/07/2009 08:17 Page 21

Am Ciúin: Is maith liom mé féin.

B'fhéidir go mbeadh gá leis an téacs seo a leanas a chur in oiriúint má tá páiste, nó páistí, le míchumas sa rang.

Spreag na daltaí chun a mboird a chóiriú, ag cur pinn luaidhe i leataobh agus aon ní eile a d'fhéadfadh a n-aire a chur ar seachrán. Is fearr gan tosú le *'hAm Ciúin'* go dtí go mbíonn na páistí ar fad socraithe síos agus a n-aire agat. Agus an múinteoir ag labhairt de ghuth ciúin treoraíonn sé/sí iad:

Ligigí bhur scíth *(sos)*

Suígí síos go compordach *(sos)*

Sínigí amach bhur gcosa ar an urlár *(sos)*

Cuirigí bhur lámha ar bhur nglúine *(sos)*

Go ciúin, go réidh, dúnaigí bhur súile *(sos)*

(I gcogar nach mór) **Éistigí ... éistigí ...**

Smaoinigh ar an mbaile a bhfuil cónaí ort ann ... féach i d'intinn é ... féach ar do theaghlach ... féach tú féin ag baile leo ... féach ort féin ... féach ort féin ... féach ar do chosa agus ar do lámha ...

Féach an chaoi inar féidir leat rith go tapa agus léim go hard agus damhsa agus siúl le do chosa ... féach ar do lámha ... smaoinigh ar na rudaí ar fad is féidir leat a dhéanamh le do dhá lámh ...

Féach d'aghaidh ... is í d'aghaidh féin í ... níl aghaidh díreach cosúil léi ag aon duine eile ... féach ar do mheangadh gáire ... féach ort féin ag gáire agus ag glaoch is ag canadh ... féach ar do shúile ... féach dúnta anois iad, mar a bheifeá i do chodladh ... féach chomh sásta atá tú leat féin ...

De ghuth ciúin, abair leat féin:

'Is iontach bheith mar atáim. Is maith liom mé féin.'

Oscail do shúile go mall anois agus S-Í-N tú fein!

Páirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Iarr ar na páistí insint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí faoin scéal nó na dánta a d'fhoghlaim siad.

Is féidir na maisc aghaidhe a thabhairt abhaile.

Féadfaidh na tuismitheoirí/caomhnóirí cabhrú le déanamh na haghaidh-phéinte agus leis an aghaidh-phéinteáil. Is féidir cuireadh a thabhairt dóibh teacht agus féachaint an aithníonn siad a bpáiste sa *'bhréagriocht'* seo!

jun 1 irish:jun 1 irish 14/07/2009 08:17 Page 22

Naisc idir Baile is Scoil Naíonáin Shóisearacha 1 Seo Mise

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná cabhrú le páistí a thuiscint go bhfuil siad speisialta agus uathúil agus chun an cumas a thabhairt dóibh mothú dearfach féin-eolach a fhorbairt. Is é sin an bhunchloch chun féinmheas páiste a chothú.

Forbraíonn páistí ardmheas orthu féin nuair a fhaigheann siad teachtaireachtaí dearfacha fúthu féin ó na daoine fásta atá tábhachtach ina saol. Tarlaíonn sé go nádúrtha, ag baile agus ar scoil, nuair a labhraimid le páistí fúthu féin, agus nuair a chabhraímid leo aithne a chur orthu féin, sa phlé leo ar a n-ainmneacha, dath a súl/gcuid gruaige, a ndreacha, a rogha duine/áite/bia, srl.

Seo a leanas roinnt moltaí le haghaidh **Gníomhaíochtaí Baile** a dífhéadfadh **Tuismitheoirí/Caomhnóirí** a dhéanamh lena **bpáistí** ar an téama **Seo Mise:**

Labhair leis an bpáiste faoi/fúithi féin agus iarr air/uirthi pictiúr a tharraingt, ar an taobh eile den leathanach seo, faoin teideal Seo Mise

nó

Féach ar ghrianghraif den pháiste agus labhair faoi na hócáidí nuair a tógadh iad, aois an pháiste ag an am, cad bhí ag tarlú, cén chaoi ar bhraith sé/sí, cad iad na héadaí a caitheadh, cé eile a bhí ann, srl.

nó

Déan bailiúchán leis an bpáiste dá rogha rudaí agus labhair faoin bhfáth go bhfuil siad chomh speisialta sin

nó

Léigh dán, ar nós an dáin seo a leanas:

Mé! Mé! Mé! *le Clare Maloney*



Tabhair dom 'M'
Tabhair dom 'É'
Cuir le chéile iad
Déanann siad 'MÉ'

Is maith liom an 'M'
Is maith liom an 'É'
Gan an dá litir sin
Ann ní bheadh 'MÉ'

jun 2 irish:jun 2 irish 14/07/2009 08:17 Page 23

2 Cé Tusa?

jun 2 irish:jun 2 irish 14/07/2009 08:17 Page 24

Téama 2

Cé Tusa?

Aidhm: Chun cabhrú le páistí a thuiscint go bhfuil gach duine speisalta.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Am Scéalta:	Cara Nua Chonchúir Moltaí le haghaidh Scéalta Eile
Labhraimís:	Faoin Scéal

Rogha 2

Am Ríme:	Mise agus Tusa
Labhraimís:	Faoi do Chairde

Gníomhaíochtaí a Leanann

Ionad Spéise:	Tá do Chairde speisialta chomh maith.
Gníomhaíocht Ealaíne:	Mise agus Tusa, Tusa agus Mise
Am Ciúin:	Is maith liom mé féin.

Nóta ar Chairdeas

Glacann cairde ról tábhachtach i saol an pháiste. De réir mar a idirghníomhaíonn páistí le cairde agus a roinneann siad a dtaithí le chéile, leathnaíonn a dtuiscint ar an domhan thar an tuiscint atá acu bunaithe ar a dtaithí féin. Tríd an aiseolas a fhaigheann siad ó dhaoine eile, tosaíonn páistí ag féachaint orthu féin mar a fhéachann daoine eile orthu agus tuigeann siad uathúlacht gach duine aonair. Agus deiseanna á soláthar do pháistí chun cabhrú leo nádúr an chairdis a thuiscint cabhrófar leo dáimh agus meas a bheith acu do dhaoine eile.

jun 2 irish:jun 2 irish 14/07/2009 08:17 Page 25

Rogha 1

Am Scéalta:	Cara Nua Chonchúir Moltaí le haghaidh Scéalta Eile
Labhraimís:	Faoin Scéal

Am Scéalta

Féadfaidh an múinteoir an scéal seo a oiriúnú chun difríochtaí a fheicfidh na páistí amach anseo a léiriú. B'fhéidir gur ó chultúr difriúil é cara Chonchúir, mar shampla, ó phobal na Síne, Vítneam nó ón Lucht Taistil. D'fhéadfadh reiligiún difriúil a bheith aige/aici agus go gcleachtfadh sé/sí é ar bhealach nach eol do Chonchúr. D'fhéadfadh míchumas a bheith aige/aici. B'fhéidir gur ó chúlra difriúil teaghlaigh an cara nua nó go mbeadh sé/sí faoi mhíbhuntáiste. Is mór ag Conchúr agus ag a Mhamaí an cara nua seo. Sa sampla seo a leanas, is ón Lucht Taistil cara Chonchúir. B'fhéidir go mbeadh gá le roinnt focal a mhíniú.

Am Scéalta: Cara Nua Chonchúir

An cuimhin libh an scéal faoin mbuachaill beag? Conchúr an tainm a bhí air, nach ea? An cuimhin libh gur thosaigh sé ag dul ar scoil? Ba bhreá leis súgradh sa Chúinne Baile agus pictiúir a tharraingt agus éisteacht leis an múinteoir agus í ag léamh scéalta. Thaitin am lóin go mór leis chomh maith. Ach an t-am ab fhearr leis ar scoil ná … An cuimhin libh? Is ea, ceart! An t-am ab fhearr ar scoil leis ná 'Am Baile'. Bhailíodh a Mhamaí é de ghnáth agus ar an mbealach abhaile… An cuimhin libh? D'insíodh Conchúr gach rud faoina lá ar scoil dá Mhamaí.

Bhuel, lá amháin, go luath i ndiaidh dó tosú ar scoil, dúirt Conchúr lena Mhamaí: 'A Mhamaí, tá cara nua agam. Is mór an spórt é bheith ag súgradh leis agus tá ceathrar deartháireacha móra aige!' Bhí deartháir amháin ag Conchúr agus ní raibh aon deirfiúr aige. 'Cad is ainm do do chara nua?' arsa Mamaí. 'Níl a fhios agam,' arsa Conchúr.

Ar an mbealach abhaile an lá ina dhiaidh sin dúirt Conchúr lena Mhamaí: 'Codlaíonn mo chara nua i leaba buinc. Codlaíonn sé sa bhunc íochtair agus codlaíonn duine dá dheartháireacha sa leaba os a chionn. Cónaíonn sé i gcarbhán.' Codlaíonn Conchúr i ngnáthleaba agus cónaíonn sé i dteach. 'An bhfuair tú amach cad is ainm dó?' arsa Mamaí. 'Rinne mé dearmad fiafraí de,' arsa Conchúr ag gáire.

Bhí breis nuachta ag Conchúr dá Mhamaí an lá ina dhiaidh sin. 'Féach, a Mhamaí!' a dúirt sé. 'Ghortaigh mé mo chos. Thit mé sa chlós. Chabhraigh mo chara nua liom éirí agus thug sé chuig an múinteoir mé.' 'Mo thrua thú!' arsa Mamaí. 'An bhfuair tú amach cad is ainm do do chara nua fós?' arsa Mamaí. 'Fuair! Pádraig an t-ainm atá air. D'fhiafraigh mé de inniu,' arsa Conchúr. 'Cara maith is ea Pádraig,' arsa Mamaí. 'Fiafróidh mé dá Mhamaí an féidir leis teacht ag súgradh lá éigin an tseachtain seo chugainn.' 'Go raibh maith agat, a Mhamaí! Thaitneodh sé sin go MÓR liom!' arsa Conchúr.

jun 2 irish:jun 2 irish 14/07/2009 08:17 Page 26

Moltaí le haghaidh Scéalta Eile

Little Star *le Marita Conlon McKenna, foilsithe ag O'Brien Press*
Titeann réiltín anuas ón spéir agus aimsíonn cara.

Three Friends *le Robert Kraus, foilsithe ag Viking*
Is féidir le cairde bheith difriúil. Tá an scéal seo faoi chairdeas idir tíogar, panda agus ochtapas. B'fhéidir go mbeadh scéalta eile ar eolas ag an múinteoir le téama comhchosúil.

Labhraimís: Faoin Scéal – Cara Nua Chonchúir

Tar éis an scéal a léamh b'fhéidir go mbeadh na ceisteanna seo a leanas úsáideach:

- **Cé hiad na cairde sa scéal?**
- **Conas a bhuail na cairde le chéile i dtosach?**
- **Cén chaoi a bhfuil siad cosúil le chéile?**
- **Cén chaoi a bhfuil siad difriúil óna chéile?**
- **Cén chaoi a bhfuil a fhios acu gur cairde iad?**

jun 2 irish:jun 2 irish 14/07/2009 08:17 Page 27

Rogha 2

Am Ríme:	Cé hiad?
Labhraimís:	Faoi do Chairde

Sa rím seo a leanas, is féidir na páistí a spreagadh chun méar a dhíriú orthu féin gach uair a deir siad 'mé' nó 'mise' agus ar dhuine eile nuair a deir siad 'tú' nó 'tusa'. Is féidir an fonn 'An Seanfhear' a úsáid chun an rím a chanadh. Is fearr a oibríonn an cluiche nuair a roinntear an rang ina ghrúpaí de sheisear nó mar sin.

Mise agus Tusa *le Clare Maloney*

Páiste a hAon
Is mise mise. Cé tusa?
Páiste a Dó
Is mise mise freisin – ach ní mise tusa.
Páiste a hAon
Mura mise tusa agus mura tusa mise
Páiste a Dó
Meas tú ansin, cé tusa?
Páiste a Trí
Is mise mise. Cé tusa?
Páiste a hAon is a Dó
Is mise mise freisin – ach ní mise tusa.
Páiste a Trí
Mura mise tusa agus mura tusa mise
Páiste a hAon is a Dó
Meas tú ansin, cé tusa?

Páiste a Ceathair
Is mise mise. Cé tusa?
Páiste a hAon, a Dó agus a Trí
Is mise mise freisin – ach ní mise tusa, srl.
Gach duine ***(nuair a bhíonn gach duine den ghrúpa san áireamh)***
Beidh mise mar mise agus bíodh tusa mar tusa
Ansin beimid cinnte faoi cé mise is cé tusa!
(Ag croitheadh lámh le chéile)
Dia dhuit, tusa! Conas tá tusa?
Is maith liom go mór bualadh leatsa.

Labhraimís: Faoi do Chairde

- **Cad a tharlódh dá mbeadh gach duine sa seomra seo mar an gcéanna?**
- **Dá mbeadh an chuma chéanna ar gach duine agus an glór céanna acu?**
- **Cén chaoi a n-aithneodh an múinteoir mise agus tusa?**
- **Dá mbeadh gach duine cosúil leatsa, cad déarfadh an múinteoir?**
- **Cad a tharlódh ag am baile?**

jun 2 irish:jun 2 irish 14/07/2009 08:17 Page 28

▲ **Féach ar do chairde in aice leat. Cén chaoi a bhfuil do chara cosúil leat?**

▲ **Cén chaoi a bhfuil do chara éagsúil nó difriúl leat?**

▲ **Cad a bheadh go maith, dar leat, dá mbeifeá mar an gcéanna le do chara?**

Spreag na páistí aird a dhíriú ar rud amháin maith faoin bpáiste eile. Mar shampla:

▲ **'Bheadh sé go maith bheith mar ... mar go mbíonn sé i gcónaí ag meangadh gáire.'**

▲ **'Bheadh sé go maith bheith mar ... mar gur reathaí tapa í.'**

Níor chóir ligean dóibh aird a tharraingt ar rudaí atá ag a gcairde. Tá an fócas ar an gcineál páistí atá sna cairde, nó na rudaí cairdiúla a dhéanann siad.

jun 2 irish:jun 2 irish 14/07/2009 08:17 Page 29

Gníomhaíochtaí a Leanann

Ionad Spéise:	Tá do Chairde speisialta chomh maith.
Gníomhaíocht Ealaíne:	Mise agus Tusa, Tusa agus Mise
Am Ciúin:	Is maith liom mé féin.

Ionad Spéise: Tá do Chairde speisialta chomh maith

Taispeáin bailiúchán pictiúr, grianghraf agus rudaí a bhaineann le hábhar an téama ar chairde agus daoine eile atá speisialta. D'fhéadfaí a áireamh ann leabhair scéalta ar théama an chairdis agus pictiúir a tharraingítear sa ghníomhaíocht ealaíne.

Gníomhaíocht Ealaíne: Mise agus Tusa, Tusa agus Mise

Tabhair píosa páipéir do gach páiste. Iarr orthu é a fhilleadh ina dhá leath agus líne a tharraingt síos tríd an lár. Iarr ar na páistí 'mise' a scríobh ar thaobh amháin agus 'tusa' (an duine a shuíonn láimh leo, b'fhéidir) ar an taobh eile. Chun cur leis an idirdhealú idir 'mise' agus 'tusa' d'fhéadfaí na páistí a spreagadh chun dhá dhath a úsáid - dath amháin do 'mise' agus dath eile do 'tusa'.

Fad a bhíonn siad ag tarraingt d'fhéadfadh an múinteoir na focail 'MISE' agus 'TUSA' a scríobh ar an leathanach. Tá go leor oibre anseo agus, mar sin, b'fhéidir go bhféadfadh tuismitheoir, caomhnóir nó feighlí cabhair a thabhairt.

Am Ciúin: An Scáthán Draíochta

Spreag na daltaí chun a mboird a chóiriú, ag cur pinn luaidhe i leataobh agus aon ní eile a d'fhéadfadh a n-aire a chur ar seachrán. Is fearr gan tosú le 'hAm Ciúin' go dtí go mbíonn na páistí ar fad socraithe síos agus a n-aire agat. Agus an múinteoir ag labhairt de ghuth ciúin treoraíonn sé/sí iad:

Ligigí bhur scíth *(sos)*

Suígí síos go compordach *(sos)*

Sínigí amach bhur gcosa ar an urlár *(sos)*

Cuirigí bhur lámha ar bhur nglúine *(sos)*

Go ciúin, go réidh, dúnaigí bhur súile *(sos)*

(I gcogar nach mór) **Éistigí ... éistigí ...**

Le do shúile fós dúnta , feiceann tú bosca ... osclaíonn tú an bosca ... laistigh den bhosca tá scáthán ... cuireann tú do lámh isteach agus tógann tú an scáthán amach ... feiceann tú rud éigin eile ann ...

Féach ar an duine a fheiceann tú sa scáthán draíochta ... is féidir leat labhairt leis an duine sa scáthán ... labhair i gcogar ionas nach féidir le héinne eile tú a chloisteáil ...

Cad ba mhaith leat a rá leis an duine sin ... is féidir leat do rogha rud a rá ... is féidir comhrá beag a bheith agat ... is féidir leat gach rud a fháil amach faoi/fúthu ... *(sos)*

Oscail do shúile go mall anois agus S-Í-N tú fein!

B'fhéidir gur mhaith le cuid de na páistí a bhfaca siad sa scáthán draíochta agus ar labhair siad faoi a roinnt le páistí eile. B'fhéidir nár mhaith le cuid eile.

jun 2 irish:jun 2 irish 14/07/2009 08:17 Page 30

Páirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Iarr ar na páistí insint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí gach rud faoi Chara Nua Chonchúir.

D'fhéadfadh tuismitheoirí/caomhnóirí cabhrú trí lipéid a chur ar na pictiúir 'mise' agus 'tusa'.
D'fhéadfadh na páistí roinnt pictiúr 'mise' agus 'tusa' de bhaill an teaghlaigh a tharraingt sa bhaile.

jun 2 irish:jun 2 irish 14/07/2009 08:17 Page 31

Naisc idir Baile is Scoil Naíonáin Shóisearacha 2 Seo Mise

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná cabhrú le páistí a thuiscint go bhfuil gach duine speisialta. Forbraítear an téama seo i gcomhthéacs an chairdis atá idir na páistí le chéile. Is í bunchloch an oideachais chaidrimh í.

Bíonn cairde speisialta i saol páiste. Trí shúgradh, labhairt, éisteacht, tuiscint agus roinnt ina gcairdeas, foghlaimíonn páistí fúthu féin agus faoi uathúlacht gach duine aonair. Cabhraíonn sé leo tuiscint, meas agus grá níos mó dá chéile a chothú.

Seo a leanas roinnt moltaí le haghaidh **Gníomhaíochtaí Baile** a d'fhéadfadh **Tuismitheoirí/ Caomhnóirí** a dhéanamh lena **bpáistí** ar an téama **Cé Tusa?**

Iarr ar do pháiste cairde speisialta sa scoil a ainmniú agus cur síos orthu – cad a thaitníonn/ nach dtaitníonn leo, cad é go bhfuil siad go maith chuige, cluichí a imríonn siad, srl.

nó

Imir cluiche tomhais, cuireann an páiste síos ar chara a bhfuil aithne agat air/uirthi agus caithfidh tusa a thomhas cé hé/hí.

nó

Spreag do pháiste pictiúr a tharraingt faoin teideal Mo Chairde.

nó

Cabhraigh le do pháiste blas a fháil ar thallanna a c(h)airde trí abairtí a chríochnú:
"Ba mhaith liom bheith go maith ag ... ar nós mo chara ..."
(ag meangadh gáire/ag rith/ ag scríobh)

jun 2 irish:jun 2 irish 14/07/2009 08:17 Page 32

jun 3 irish:jun 3 irish 14/07/2009 08:20 Page 33

3 Is cairde sinn



jun 3 irish:jun 3 irish 14/07/2009 08:20 Page 34

jun 3 irish:jun 3 irish 14/07/2009 08:20 Page 35

Téama 3

Is cairde sinn

Aidhm: Chun cabhrú le páistí cairdeas a thuiscint ag díriú ar phiarchairdeas.

Roghchlár Téamaí

Am Scéalta:	Jimmy agus Jenny Moladh le haghaidh Scéil Eile
Labhraimís:	Faoin Scéal
Am Ríme:	Is maith linn a chéile *le Clare Maloney* Is miste liom *le Clare Maloney*
Labhraimís:	Faoi Chairde
Am Súgartha:	Faigh Cara
Gníomhaíocht Ealaíne:	Lámha Cairdis
Am Ciúin:	Tá cairde speisialta.

Nóta ar Chairdeas

Glacann cairde ról tábhachtach i saol an pháiste. De réir mar a idirghníomhaíonn páistí le cairde agus a roinneann siad a dtaithí le chéile, leathnaíonn a dtuiscint ar an domhan thar an tuiscint atá acu bunaithe ar a dtaithí féin. Tríd an aiseolas a fhaigheann siad ó dhaoine eile, tosaíonn páistí ag féachaint orthu féin mar a fhéachann daoine eile orthu. Agus deiseanna á soláthar do pháistí chun cabhrú leo nádúr an chairdis ina saol a thuiscint cabhrófar leo grá a bheith acu do dhaoine eile agus leagfar an bhunchloch dóibh chun nádúr an phiarghrúpa a thuiscint de réir mar a fhásann siad.

jun 3 irish:jun 3 irish 14/07/2009 08:20 Page 36

Am Scéalta: Jimmy agus Jenny
Moladh le haghaidh Scéil Eile

Labhraimís: Faoin Scéal

Am Scéalta: Jimmy agus Jenny *le Clare Maloney*

Scrúdaíonn an scéal seo caidreamh an chairdis/an tsúgartha. Is é an súgradh ceann de na gnéithe is tábhachtaí de shaol laethúil an pháiste óig. Maireann agus mothaíonn páiste tríd an súgradh agus cothaítear dáimh iontu tríd uaireanta. Tá an gá le cairdeas agus an gá le súgradh fite fuaite ina chéile i saol páiste óig. 'Is duine a imrím liom' a bhíonn i gcara do pháiste, go háirithe i bpiarchara.

Jimmy agus Jenny *le Clare Maloney*

Bhí brón ar Jimmy agus Jenny. Ní raibh éinne acu le himirt leis. Bhí cara uathu. 'Rachaimid amach agus déanfaimid cairde,' a dúirt siad le chéile agus amach leo. Ní raibh siad imithe i bhfad nuair a tháinig siad chuig cnoc ard. 'Dreapfaimid an cnoc agus ansin féadfaimid labhairt leis na héin sa spéir,' a dúirt Jenny. 'B'fhéidir go mbeadh na héin mar chairde againn.'

Mar sin, dhreap Jimmy agus Jenny an cnoc. Nuair a shroich siad an barr, ghlaoigh Jenny ar na héin a bhí ag eitilt tharstu: 'Dia daoibh, a éin, an mbeidh sibhse mar chairde againn?' 'Tá duine éigin uainn le súgradh leis,' a scairt Jimmy. 'Ba bhreá linn bheith mar chairde agaibh agus súgradh libh,' a chan na héin. 'Sínigí amach bhur sciatháin. Tagaigí linn agus eitligí. Is mór an spórt í an eitilt.' Thuirling na héin agus d'éirigh siad ar an aer agus d'eitil siad timpeall agus timpeall. Ba iontach an t-am a bhí á chaitheamh acu.

D'fhéach Jenny ar Jimmy agus d'fhéach Jimmy ar Jenny. 'An bhfuil sciatháin agatsa?' arsa Jenny. 'Níl, ná é,' arsa Jimmy, 'an bhfuil sciatháin agatsa?' Ní raibh sciatháin ag Jenny ach an oiread. 'Mar sin, is oth linn nach féidir libh súgradh linne,' a scairt na héin. 'Beidh oraibh cairde eile a fháil.'

Chuaigh Jenny agus Jimmy síos an cnoc. Shiúil siad agus shiúil siad go dtí gur tháinig siad chun na farraige. 'Tá an-chuid iasc san fharraige,' arsa Jenny, 'b'fhéidir go mbeadh cuid acu mar chairde againn.' Shiúil Jenny agus Jimmy go himeall na farraige. 'Dia daoibh, a iasca,' a ghlaoigh Jimmy. 'An imreoidh sibh linne agus an mbeidh sibh mar chairde againn?' D'ardaigh na héisc a gcinn os cionn na farraige agus lena ngliog gliog gliog dúirt siad: 'Ba bhreá linn bheith mar chairde agaibh. Tagaigí isteach san uisce agus tosaigí ag súgradh linn. Snámhaigí agus croithigí bhur n-eireaball!' Shnámh na héisc agus thum siad is léim siad thar na tonnta. Ba mhór an spórt a bhí á dhéanamh acu.

D'fhéach Jenny agus Jimmy ar a chéile. 'An bhfuil eireaball agatsa?' arsa Jenny. 'Níl,' a d'fhreagair Jimmy, 'an bhfuil eireaball agatsa?' Ní raibh eireaball ag Jenny ach an oiread. 'Mar sin, ní féidir libh súgradh linne,' a dúirt na héisc lena ngliog gliog gliog, 'beidh oraibh teacht ar chairde eile chun súgradh leo.'

Shiúil Jenny agus Jimmy ar aghaidh. Go luath tháinig siad chuig páirc. 'Tá an-chuid créatúr sa pháirc,' a dúirt siad. 'B'fhéidir go mbeadh cuid acu mar chairde againn.' Shiúil siad isteach trí gheataí na páirce. Ní raibh siad imithe i bhfad nuair a bhuail siad le seilidí breátha, ag sleamhnú leo go mall. 'Dia daoibh, a sheilidí, an imreoidh sibh linn?' a d'fhiafraigh Jenny. 'Agus an mbeidh sibh mar chairde againn,' arsa Jimmy. 'Ba bhreá linn bheith mar chairde agaibh,' a d'fhreagair na seilidí. 'Seo libh agus cuirigí bhur dteach ar bhur ndroim agus tagaigí linn. Táimid ar fad chun dul ag sleamhnú leis an bhfána sleamhain. Is mór an spórt é.' Shleamhnaigh agus sciorr na seilidí leo síos an cnoicín láibe.
'An féidir leatsa teach a iompar ar do dhroim?' a d'fhiafraigh Jenny. 'Ní féidir,' a d'fhreagair Jimmy,

jun 3 irish:jun 3 irish 14/07/2009 08:20 Page 37

'an féidir leatsa?' Níorbh fhéidir le Jenny ach an oiread. 'Ní féidir libh súgradh linne mar sin,' arsa an seilide. 'Beidh oraibh cairde eile a fháil.' Bhí díomá mór ar Jimmy agus Jenny. 'Ní theastaíonn ó éinne bheith mar chairde againn,' a dúirt Jenny. 'Éinne in aon chor,' a dúirt Jimmy.

Ní raibh aon rud le déanamh ag Jimmy agus Jenny ach imeacht leo abhaile. Shiúil siad agus shiúil siad. Ansin scairt Jenny ar Jimmy go tobann. 'Tugaim dúshlán duit an geata a bhaint amach romham. Réidh! Ullamh! AR AGHAIDH!' Agus í ag gáire go hard, rith Jenny de ruathar. Thosaigh Jimmy ag gáire chomh maith. Rith siad agus rith siad. Shroich an bheirt acu an geata ag an am ceannann céanna. Ghair siad agus ghair siad. 'Ba mhór an spórt é sin,' a dúirt Jimmy. 'Ba mhór,' arsa Jenny.

'Tá smaoineamh agam,' arsa Jimmy, 'cén fáth nach mbíonn tusa mar chara **agamsa** agus beidh mise mar chara **agatsa**?' 'An-smaoineamh go deo é sin,' a dúirt Jenny. 'Ansin beimid in ann súgradh le chéile.' Anois níl brón ar Jenny ná Jimmy a thuilleadh. Tá an-áthas orthu. Rinne siad cairdeas eatarthu agus imríonn siad le chéile gach lá.

Moladh le haghaidh Scéil Eile

My Naughty Little Sister and Bad Harry *le Dorothy Edwards, foilsithe ag Methuen*
Roinnt scéalta taitneamhacha a insítear go simplí faoi eachtraí bheirt chairde.

B'fhéidir go mbeadh scéalta ar eolas ag an múinteoir le téama comhchosúil.

Labhraimís: Faoin Scéal – Jimmy agus Jenny

Agus scéal Jimmy agus Jenny léite, b'fhéidir go gcuirfeá tús leis an gceacht seo trí labhairt faoin scéal. Roghnaigh na ceisteanna is oiriúnaí, dar leat, agus atá dírithe i dtreo fíor-chairdeas a fhorbairt.

- **An cuimhin leat cén fáth go raibh brón ar Jimmy agus Jenny? Ar bhraith tú féin brón mar a bhraith siadsan é, mar nach raibh aon duine agat le súgradh leis? Inis dúinn faoi sin.**
- **An dóigh leat go raibh na héin cairdiúil le chéile? Cén fáth? Dá bhféadfá bheith i d'éan, le sciatháin agus cleití, cad ba mhaith leat a imirt leis na héin eile?**
- **Ar fhiafraigh tú d'aon duine riamh an bhféadfá súgradh leo? Cad dúirt siad? Inis dúinn faoi sin. An cuimhin leat cén fáth nach raibh Jimmy ná Jenny in ann súgradh leis na héisc?**
- **Ar imir tú san uisce riamh - ag an trá nó ag an linn snámha? Inis dúinn faoi sin. An raibh cairde agat le súgradh leo sa linn snámha? An raibh cairde agat le súgradh leo san uisce.**
- **Dá mbeifeá i d'iasc an bhféadfá snámh faoin uisce chun súgradh le do chairde éisc. Cén sórt cluichí a imríonn na cairde éisc le chéile, dar leat?**
- **An maith leat seilidí? Tá an-chuid daoine ann nach maith leo seilidí. Cén chaoi a mbeadh sé, dar leat, bheith i do sheilide murar mhaith le héinne thú? An maith le seilidí seilidí eile? Nach bhfuil tú sásta go bhfuil seilidí eile ag seilidí chun bheith cairdiúil leo agus gur maith leo a chéile.**

jun 3 irish:jun 3 irish 14/07/2009 08:20 Page 38

Am Ríme: Is maith linn a chéile *le Clare Maloney*
Is miste liom *le Clare Maloney*

Labhraimís: Faoi Chairde

Am Ríme: Is maith linn a chéile *le Clare Maloney*

Mar mise is tusa
lámha is cosa,
Mar mhéar is ordóg
nach deas bheith óg.
Mar chailín is buachaill
deiseal is tuathal,
Mar hum is há
cion agus grá.

Mar lá is oíche
ag ligean ár scíthe,
Mar áthas is brón
ná buair do shrón.
Mar 'le' agus 'chéile'
spórt agus féile,
Mar chat is cú
is maith liom thú.

Agus is maith leat mé
Cairdeas – nach é?

Is miste liom *le Clare Maloney*

Tugaim di gáire,
Nuair a bhíonn sí thíos.
Tugaim dó cúnamh,
Ag críochnú an phíosa.
Pógaim do mhéar thinn,
Mar go bhfuil agam suim,
'Is maith liom do phictiúr'
Nuair a bhíonn gach duine
ina thost.
Tugaim duit cóta,
Go dtí go dtiocfaidh an bus.

Sin má tá sé agam
Mura bhfuil - bhuel ...
Caochadh súl
Nach bhfeiceann an slua
Rún beag eadrainn
(Idir mise agus tusa).
Le gáire, bualadh bos agus póga
Barróg mhór throm,
Tá na mílte bealach ann
Mar gur miste liom.

Labhraimís: Faoi Chairde

jun 3 irish:jun 3 irish 14/07/2009 08:20 Page 39

Roghnaigh na ceisteanna is úsáidí, dar leat, ag cloí le haidhm an cheachta:

- **An bhfuil cara agat? Inis dúinn faoi do chara. Cad iad na rudaí a dhéanann tú féin agus do chara?**
- **Cad iad na cluichí a imríonn tú le do chara? Cad iad na bréagáin a n-imríonn tú leo? An dtéann tú ar cuairt chuig do chara ag baile?**
- **An bhfuil níos mó ná cara amháin agat? An gcabhraíonn tú le do chairde? Cén chaoi?**
- **An cuimhin leat an chéad uair a rinne tú cairde? Inis dúinn faoi sin! Inis dúinn bealach maith chun cairde a dhéanamh, dar leat.**

Cuir béim ar thábhacht mheangadh gáire cairdiúil, an tábhacht le 'Dia duit' a rá, d'ainm a rá, ainm duine eile a lorg, labhairt agus éisteacht, sealaíocht a dhéanamh agus rudaí a roinnt le chéile.

Labhair leis na páistí faoi suímh choitianta ina ndéanann siad cairde, m.sh. i naíolann an ollmhargaidh, ar scoil nó sa chlós.
Ceistigh iad: **Cén áit mhaith atá ann chun cairde a dhéanamh?**

D'fhéadfadh an múinteoir aithris a dhéanamh le duine ón rang ar iarrachtaí ar chairdeas a dhéanamh.

- **Bíonn argóint ag cairde uaireanta. An raibh argóint riamh agatsa le do chara? Ar mhaith leat insint dúinn faoi? Cén chaoi a ndéanann tú cairdeas arís i ndiaidh argóna? An bhfuil sé furasta an cairdeas a dhéanamh arís? Cén fáth?**
- **Cén chaoi a mbeadh sé, dar leat, mura mbeadh aon chara agat? Ar bhraith tú riamh nach raibh cairde agat? Ar mhaith leat insint dúinn faoi sin?**
- **An dóigh leat go bhféadfá cairdeas a dhéanamh le duine nach bhfuil aon chara aige? Conas? An gceapann tú go bhfuil gá ag gach duine le cairde? Cén fáth?**

jun 3 irish:jun 3 irish 14/07/2009 08:20 Page 40

Am Súgartha:	Faigh Cara
Gníomhaíocht Ealaíne:	Lámha Cairdis
Am Ciúin:	Tá cairde speisialta.

Am Súgartha: Faigh Cara

Seasann na leanaí i bhfáinne mór. Glaonn an múinteoir na treoracha amach. (De réir mar a théann na páistí i dtaithí ar an gcluiche, d'fhéadfadh duine acu féin na treoracha a ghlaoch amach). Déanann na páistí na línte a athrá agus déanann siad na gníomhaíochtaí cuí. Is féidir leo meangadh gáire a dhéanamh, a gcinn a chroitheadh, srl. leis an bpáiste ar an taobh eile nó, mar mhalairt, le cara aon áit san fháinne.

Múinteoir:

Tabhair dom meangadh gáire ...

Croith do cheann liom ...

Caoch do shúil liom ...

Croith do lámh liom ...

Tabhair dom lámh ...

Tabhair dom lámh eile agus ...

Ag an bpointe seo b'fhéidir go mbéarfadh na páistí san fháinne ar lámha a chéile nó, mar mhalairt, d'fhéadfadh páistí breith ar lámha cairde leo agus damhsa a dhéanamh i gciorcal don fhonn "Timpeall, timpeall, timpeall an tí ..."

Ag súgradh ar feadh an lae.

D'fhéadfaí an cluiche a athimirt agus na páistí a spreagadh chun 'cara difriúil' a dhéanamh an uair seo.

Gníomhaíocht Ealaíne: Lámha Cairdis

1. Ag baint úsáide as dathanna péinte, déanann gach páiste lorg láimhe dá lámha féin ar phíosa páipéir. Fágtar an lorg chun triomú.

2. Spreagtar na páistí a n-aghaidh féin agus aghaidh cara a tharraingt, le marcóir, crían nó peann luaidhe daite ar gach lámh pháipéir.

3. Cabhraítear leis na páistí agus iad ag gearradh timpeall ar na lámha - ba mhór an chabhair anseo cúnamh duine fhásta.

jun 3 irish:jun 3 irish 14/07/2009 08:20 Page 41

Crochtar slabhra lámh, le gach lámh ag dul thar a chéile beagán chun a thabhairt le fios go bhfuiltear ag breith láimhe ar a chéile, ar nós bratacha, fad an tseomra. Mar mhalairt, d'fhéadfaí na lámha a thaispeáint ar chlár fógraí nó bileog mhór pháipéir faoin teideal: **Cur le chéile** na **Naíonán Sóisearach.**

Am Ciúin: Tá cairde speisialta.

Spreag na daltaí chun a mboird a chóiriú, ag cur pinn luaidhe i leataobh agus aon ní eile a d'fhéadfadh a n-aire a chur ar seachrán. Is fearr gan tosú le 'hAm Ciúin' go dtí go mbíonn na páistí ar fad socraithe síos agus a n-aire agat. Agus an múinteoir ag labhairt de ghuth ciúin treoraíonn sé/sí iad:

Ligigí bhur scíth *(sos)*

Suígí síos go compordach *(sos)*

Sínigí amach bhur gcosa ar an urlár *(sos)*

Cuirigí bhur lámha ar bhur nglúine *(sos)*

Go ciúin, go réidh, dúnaigí bhur súile *(sos)*

(I gcogar nach mór) **Éistigí ... éistigí ...**

Agus do shúile fós dúnta ... féach ar an scoil ... féach ár seomra ranga ... ár mboird ... ár mbréagáin ... ár gcuid leabhar ar fad ...

Féach na haghaidheanna ar na páistí go léir ... is iad sin do chairde ... féach timpeall agus feicfidh tú do chairde

An bhfuil cara amháin speisialta ann ... abair ainm an chara sin i gcogar leat féin ... samhlaigh lámh do chara a thógáil ... tá teas sa lámh ... is deas lámha a thógáil ...

Samhlaigh go bhfuil do chara ag meangadh gáire leat ... déanann tusa meangadh gáire chomh maith ... tá tú sásta ... an-sásta le do chara ... is deas cara a bheith agat ... *(sos)*

Oscail do shúile go mall anois agus S-Í-N tú fein!

Páirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Iarr ar na páistí insint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí faoi scéal Jimmy agus Jenny nó faoin dán a chuala siad.

D'fhéadfadh na páistí múineadh do na daoine sa bhaile cén chaoi le 'Faigh Cara' a imirt.

D'fhéadfaí na 'Lámha Cairdis' a dhéanamh sa bhaile.

jun 3 irish:jun 3 irish 14/07/2009 08:20 Page 42

Naíonáin Shóisearacha 3 Is cairde sinn

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná cabhrú le páistí cairdeas a thuiscint le fócas ar chairdeas. Tugtar deiseanna do pháistí chun cabhrú leo nádúr an chairdis ina saol a thuiscint. Cabhraíonn sé sin leo dáimh níos fearr a bheith acu le chéile agus cuireann sé an bhunchloch dóibh chun nádúr an phiarghrúpa a thuiscint de réir mar a fhásann siad.

Is é an súgradh ceann de na gnéithe is tábhachtaí de shaol páistí óga. Maireann agus mothaíonn páiste tríd an súgradh agus cothaítear dáimh, meas agus grá iontu tríd uaireanta. Tá an gá le cairdeas agus an gá le súgradh fite fuaite ina chéile ina saol. 'Is daoine a imríonn liom' a bhíonn i gcairde do pháiste, go háirithe i bpiarchairde.

Seo a leanas roinnt moltaí le haghaidh **Gníomhaíochtaí Baile** a d'fhéadfadh **Tuismitheoirí/ Caomhnóirí** a dhéanamh lena **bpáistí** ar an téama **Is cairde sinn:**

Labhair faoi chairde – D'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas bheith cabhrach –

Cé hiad do chairde cléibhe?
Cad iad na cluichí a imríonn sibh le chéile?
Cén chaoi a gcabhraíonn sibh le chéile?

nó

D'fhéadfadh do pháiste Ciorcal Cairdis a tharraingt ar chúl an leathanaigh seo. Taispeánann sé sin lámha a c(h)airde, i bhfáinne le chéile. B'fhéidir go gcabhrófá chun ainmneacha na gcairde a scríobh ar na lámha.

nó

Léigh an Dán: **Is miste liom** *le Clare Maloney*

Tugaim di gáire,
Nuair a bhíonn sí thíos.
Tugaim dó cúnamh,
Ag críochnú an phíosa.
Pógaim do mhéar thinn,
Mar go bhfuil agam suim,
'Is maith liom do phictiúr'
Nuair a bhíonn gach duine
ina thost.
Tugaim duit cóta,
Go dtí go dtiocfaidh an bus.

Sin má tá sé agam
Mura bhfuil – bhuel ...
Caochadh súl
Nach bhfeiceann an slua
Rún beag eadrainn
(Idir mise agus tusa).
Le gáire, bualadh bos agus póga
Barróg mhór throm,
Tá na mílte bealach ann
Mar gur miste liom.

jun 4 irish:jun 4 irish 14/07/2009 08:19 Page 43

4 Seo iad mo theaghlach

jun 4 irish:jun 4 irish 14/07/2009 08:19 Page 44

Téama 4

Seo iad mo theaghlach.

Aidhm: Chun cabhrú le páistí a dteaghlach a aithint, chun scrúdú a dhéanamh ar nithe a dhéanann teaghlaigh le chéile agus chun na róil a bhíonn ag baill an teaghlaigh a aithint.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Gníomhaíocht Ealaíne 1:	Ag Déanamh Pictiúr – Ceiliúradh sa bhaile
Labhraimís:	Faoi do phictiúr

Rogha 2

Am Aithrise:	Cad tá á dhéanamh agam?
Labhraimís:	Faoi do Theaghlach

Gníomhaíochtaí a Leanann

Ionad Spéise:	Ceiliúrann teaghlaigh
Gníomhaíocht Ealaíne 2:	Cártaí Buíochais
Gníomhaíocht Ealaíne 3:	Féilire – Bronntanas Buíochais

Nóta ar Theaghlaigh

Glacann caidreamh ról tábhachtach i saol páistí. Cabhraíonn sé le páistí tuiscint níos fearr ar a saol a fhorbairt. Tríd an aiseolas a fhaigheann siad ó dhaoine eile, forbraíonn siad meas réadúil ar a gcumas agus a dteorannaithe féin. Nuair a thugtar gníomhaíochtaí do pháistí atá ceaptha chun iad a chur ag smaoineamh ar a gcaidreamh le daoine eile tugtar an deis dóibh a dtuiscint orthu féin agus ar an saol sóisialta ina maireann siad a fhorbairt.

Ba chóir patrúin dhifriúla teaghlach a chur san áireamh agus ceacht á ullmhú ar an teaghlach. Beidh ar an múinteoir ranga tuiscint do struchtúir éagsúil theaghlaigh na bpáistí a thaispeáint, lena n-áirítear na páistí uchtaithe nó altrama. B'fhéidir go mbeadh gá dul i gcomhairle le tuismitheoirí, maidir le noirm chultúir agus creideamh reiligiúnach.

jun 4 irish:jun 4 irish 14/07/2009 08:19 Page 45

Rogha 1

Gníomhaíocht Ealaíne 1:	Ag Déanamh Pictiúr – Ceiliúradh ag Baile
Labhraimís:	Faoi do phictiúr

Gníomhaíocht Ealaíne 1: Ag Déanamh Pictiúr – Ceiliúradh sa bhaile

Is gníomhaíocht an-simplí í seo a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as sceitimíní na bpáistí roimh Nollaig. Mar mhalairt, d'fhéadfadh ócáidí ceiliúrtha eile ag baile bheith mar fhócas.

Tabhair píosa mór páipéir, agus péinteanna nó criáin, do na páistí, agus iarr orthu pictiúr a tharraingt leis an Nollaig nó ócáid cheiliúrtha eile ag baile mar théama.

Labhraimís: Faoi do Phictiúr

Taispeáin na pictiúir agus ceistigh na páistí faoin rud atá tarraingthe acu. Ba chóir beagthábhacht a dhéanamh d'aon tagairt do 'ghnóthachain ábhartha'.

- **Inis dúinn faoi do phictiúr.**
- **Cén chuid den Nollaig *(nó lá breithe nó ócáid cheiliúrtha eile)* í?**
- **Cad tá ag tarlúint?**
- **Cé eile atá sa phictiúr?**
- **Cad í an pháirt ba mhó a thaitin leat?**
- **Cé a chabhraigh leat pictiúr chomh maith sin a tharraingt?**
- **Cad a rinne siad?**
- **Cén chaoi ar chabhraigh tusa?**

jun 4 irish:jun 4 irish 14/07/2009 08:19 Page 46

Rogha 2

Am Aithrise:	Cad tá á dhéanamh agam?
Labhraimís:	Faoi do Theaghlach

Am Aithrise: Cad tá á dhéanamh agam?

Labhair leis na páistí faoi na hullmhúcháin a raibh gá leo don Nollaig nó don ócáid cheiliúrtha eile agus faoi na poist éagsúla a bhí ag gach ball den teaghlach. Déan aithris ar chuid díobh sin leis an rang mar ghrúpa. Iarr ar na páistí mímeanna aonair a dhéanamh as a stuaim féin. Déanfaidh an chuid eile den rang iarracht a dhéanamh amach cén ghníomhaíocht atá á haithris.

Beidh sé ina ábhar spéise do na páistí eile má dhéanann páiste ó ghrúpa mionlaigh aithris ar ghníomhaíocht d'ócáid cheiliúrtha nach bhfuil eolas ag na páistí eile uirthi.

Cuir i gcuimhne do na páistí iarracht a dhéanamh cabhrú leis na daoine sin a luaitear san Athbhliain nó i ndiaidh na hócáide ceiliúrtha agus labhairt leo faoin gcaoi a bhféadfadh an chabhair seo a bheith praiticiúil.

Labhraimís: Faoi do Theaghlach

B'fhéidir go mbeadh cuid de na ceisteanna seo thíos úsáideach. Leanann ceisteanna ginearálta faoi chúraimí na bpáistí ag baile na saincheisteanna faoi ócáid cheiliúrtha ag baile:

- **An raibh tú gnóthach roimh ré? Cad a bhí le déanamh agat? An raibh tuirse ort ina dhiaidh?**
- **Cé eile a bhí gnóthach? Cad a bhí le déanamh acu sin?**
- **Cad a tharla an lá roimhe sin? Cad a tharla an mhaidin sin? Cad a tharla ansin?**
- **Cérbh é an duine ba ghnóthaí? Cén chaoi ar chabhraigh tusa?**
- **Cén chaoi ar féidir leat cabhrú sa bhaile?**
- **An bhfuil tú go maith ag éirí nuair a ghlaotar ort?**
- **An féidir leat tú féin a ghléasadh ar maidin?**
- **An féidir leat do chnaipí agus d'iallacha a dhúnadh?**
- **An scuabann tú do chuid fiacla gach maidin?**
- **An itheann tú do bhricfeasta gan stró?**
- **Cén chaoi ar féidir leat cabhrú timpeall an tí?**
- **An féidir leat cabhrú sa chistin? Cén chaoi?**
- **An féidir leat do leaba féin a chóiriú?**
- **An nglanann tú do chuid bréagán suas i ndiaidh duit bheith ag súgradh?**

jun 4 irish:jun 4 irish 14/07/2009 08:19 Page 47

- **An gcrochann tú do chóta agus an gcuireann tú do mhála ina áit nuair a thagann tú ón scoil?**
- **An féidir leat cabhrú sa ghairdín? Cén chaoi?**
- **An bhfuil dearthóireacha agus deirfiúracha níos óige agat sa bhaile?**
- **An féidir leat cúnamh a thabhairt leo sin? Cén chaoi?**

Mol do na páistí gur chóir dóibh jab/cúram amháin a chabhródh sa bhaile a lorg agus a dhéanamh.

jun 4 irish:jun 4 irish 14/07/2009 08:19 Page 48

Gníomhaíochtaí a Leanann

Ionad Spéise:	Ceiliúrann teaghlaigh.
Gníomhaíocht Ealaíne 2:	Cártaí Buíochais
Gníomhaíocht Ealaíne 3:	Féilire – Bronntanas Buíochais

Ionad Spéise: Ceiliúrann teaghlaigh

Déan bailiúchán, le cabhair na bpáistí, de phictiúir, grianghraif agus rudaí a bhaineann leis an téama 'ócáidí ceiliúrtha an teaghlaigh'. D'fhéadfaí grianghraif d'ócáidí ceiliúrtha teaghlaigh a thaispeáint, mar a d'fhéadfaí rudaí a bhaineann leis an ullmhúchán agus leis an gceiliúradh a thaispeáint. D'fhéadfadh sé bheith spéisiúil do na páistí eile agus ina cheacht féinfheabhsaithe do pháiste ó ghrúpa mionlaigh dá gcuirfeadh sé/sí síos ar ócáid cheiliúrtha a t(h)eaghlaigh féin.

Gníomhaíocht Ealaíne 2: Cártaí Buíochais

Cuir i gcuimhne do na páistí go bhfuil sé tábhachtach buíochas a ghabháil (.i. Go raibh maith agat).

Labhair leo faoin Nollaig nó faoi ócáid cheiliúrtha eile ar bhain siad taitneamh aisti. Cuir ag cuimhneamh iad ar na daoine a ghlac ról chun go mbeadh an ócáid taitneamhach.

Iarr ar na páistí duine nó daoine ag baile a roghnú a bhféadfaidís cárta Buíochais a chur chucu. D'fhéadfaí a thaispeáint ar an gcárta rud éigin a rinne an ball sin den teaghlach san ullmhúchán nó le linn na hócáide féin, ar mhaith leis an bpáiste buíochas a ghabháil faoi. Iarr orthu na cártaí a thabhairt dóibh in éineacht le barróg agus 'Go raibh maith agat!'

Gníomhaíocht Ealaíne 3: Féilire – Bronntanas Buíochais

Is éard atá sa ghníomhaíocht seo seanchártaí buíochais a úsáid chun féilire a dhéanamh mar bhronntanas Buíochais do na tuismitheoirí.

1. Iarr ar na páistí cárta a thaitníonn leo ón mbaile a roghnú. Cuir i gcuimhne dóibh cead a fháil chun é a thógáil. Is féidir leo a rá lena dtuismitheoirí gur 'féirín gan choinne' é. Dóibh sin a dhéanann dearmad, bíodh roinnt éigin sa seomra ranga cheana. Bheadh roinnt cabhrach ó thuismitheoirí úsáideach.

2. Scríobh i litreacha móra 'Go raibh maith agat as ucht grá a thabhairt dom feadh na bliana ar fad' ar bharr chárta dhaite A4. Le cabhair ó thuismitheoirí d'fhéadfadh an páiste beannú níos pearsanta a chumadh.

3. Gearrtar na cártaí go simplí ina lár chun an pictiúr a dhealú ón nóta buíochais istigh.

4. Is féidir féilirí beaga dhá mhí dhéag a ordú ó aon soláthróir maith scoile. Mar mhalairt déanann roinnt cuideachtaí/comhlachtaí cártaí beaga féilire mar bhealach fógraíochta agus d'fhéadfaí úsáid a bhaint astu sin. D'fhéadfaidís sin teacht ón mbaile chomh maith.

5. Is féidir leis na páistí an pictiúr agus an féilire a ghreamú don chárta A4. Arís, is féidir iad sin a thabhairt in éineacht le barróg agus 'Go raibh maith agat!'

jun 4 irish:jun 4 irish 14/07/2009 08:19 Page 49

Páirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí

D'fhéadfadh na páistí aithris a dhéanamh ar jabanna/cúramaí beaga tí lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

Ag leibhéal níos praiticiúla, i spiorad dea-rún Athbhliana, d'fhéadfaidís tasc simplí amháin tí ag baile a lorg a bheadh mar chúram orthu le linn na bliana rompu!

Gheobhaidh na tuismitheoirí/caomhnóirí buíochas i bhfoirm focal, barróg, cártaí nó féiríní!

D'fhéadfadh na tuismitheoirí/caomhnóirí cabhrú san obair déanta féilirí.

Féadfaidh na tuismitheoirí/caomhnóirí a thugann cuairt ar an seomra ranga na pictiúir atá déanta ag na páistí a fheiceáil.

jun 4 irish:jun 4 irish 14/07/2009 08:19 Page 50

Naisc idir Baile is Scoil **Naíonáin Shóisearacha 4 Seo iad mo theaghlach**

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná cabhrú le páistí a dteaghlach a aithint, chun scrúdú a dhéanamh ar nithe a dhéanann teaghlaigh le chéile agus chun na róil a bhíonn ag baill an teaghlaigh a aithint.

Má chabhraítear le páistí a ról féin sa teaghlach, mar dhearthair/dheirfiúr, mar mhac/iníon, a aithint tugtar mothú dóibh a chothaíonn muinín iontu. Is í an chéad taithí a bhíonn ag páistí ar an gcaidreamh ná an taithí sin a fhaigheann siad ó bheith ag féachaint ar a staid sa teaghlach, agus iad a bheith mar chuid de. Bíonn tionchar mór aige sin ar an gcaidreamh a bhíonn acu le daoine eile agus iad ag dul tríd an saol.

Seo a leanas roinnt moltaí le haghaidh **Gníomhaíochtaí Baile** a d'fhéadfadh **Tuismitheoirí/ Caomhnóirí** a dhéanamh lena **bpáistí** ar an téama **Seo iad mo theaghlach:**

D'fhéadfaí tús a chur le plé ar an teaghlach le ceisteanna ar nós:

Cé mhéad duine atá sa teaghlach seo?

Cad a dhéanaimid le chéile gach lá?

An bhfuil aon rud speisialta ann a dhéanaimid le chéile gach seachtain?

Cad a dhéanann tú chun cabhrú sa teach?

Cad iad na jabanna/cúramaí a dhéanann daoine eile sa teach?

Cad ba mhaith leat go ndéanfaimis níos minicí?

Cad é an rud is greannmhaire riamh a tharla dár dteaghlach?

nó

Tarraing pictiúr, ar chúl an leathanaigh seo, faoin teideal Seo iad mo theaghlach.

nó

Labhair le do pháiste faoi shaol do theaghlaigh féin agus spreag é/í chun ceisteanna a chur ort ina thaobh seo.

nó

Le chéile, féach ar ghrianghraif an teaghlaigh agus labhair faoi na hócáidí nuair a tógadh iad.

jun 5 irish:jun 5 irish 14/07/2009 08:16 Page 51

5 Daoine a mhúineann sábháilteacht dúinn

jun 5 irish:jun 5 irish 14/07/2009 08:16 Page 52

Daoine a mhúineann sábháilteacht dúinn

Aidhm: Chun cabhrú le páistí na daoine ina dteaghlaigh, ar scoil agus sa phobal a mhúineann sábháilteacht dóibh a aithint.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Cuairteoir ar an Seomra Ranga:	Duine a mhúineann sábháilteacht dúinn
Labhraimís:	Faoin gCuairteoir

Rogha 2

Am Súgartha:	Tomhais cé atá ann!
Labhraimís:	Faoi dhaoine a mhúineann sábháilteacht dúinn

Gníomhaíochtaí a Leanann

Am Geáitseála:	Cé a d'fhéadfadh cabhrú?
Gníomhaíocht Ealaíne:	Slabhra Cúntóirí

Nóta ar Shábháilteacht Phearsanta

Beidh OCG ina chuid thábhachtach den Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), mar a bheidh chomh maith oideachas sa chosaint ar mhí-úsáid ar pháistí, oideachas in úsáid/mí-úsáid substaintí, sa chothú agus i sláinteachas, srl. Tá ábhair ar fáil do scoileanna i gcuid mhaith de na réimsí seo agus is féidir iad a úsáid chun an obair in OSPS agus OCG a chomhlánú.

Cuirtear béim ar an tsábháilteacht phearsanta do pháistí go minic ag baile agus ar scoil i gcomhthéacs na gcontúirtí a bhaineann le trácht, uisce, tinte, leictreachas, srl. Tá sé tábhachtach nach bhfaigheann na páistí teachtaireachtaí nach bhfuil ar aon fhocal, idir an baile agus an scoil nó idir chláir ar scoil.

jun 5 irish:jun 5 irish 14/07/2009 08:16 Page 53

Rogha 1

Cuairteoir ar an Seomra Ranga:	Duine a mhúineann sábháilteacht dúinn
Labhraimís:	Faoin gCuairteoir

Cuairteoir ar an Seomra Ranga: Duine a mhúineann sábháilteacht dúinn

Tugann an múinteoir cuireadh do dhuine a bhíonn ag plé le múineadh na sábháilteachta do pháistí, m.sh. príomhoide na scoile, maor tráchta nó Garda, teacht chun an ranga.

Soláthraíonn cuairteanna dá leithéidí deis do na páistí foghlaim faoin tsábháilteacht ar bhealach suaimhneasach agus neamhbhagrach. Tá na céimeanna chun cuairt dá leithéid a eagrú le fáil faoi uimhir 7 de Mhodhanna Molta Múinteoireachta i dtús an leabhair.

Labhraimís: Faoin gCuairteoir

- **Cé leis ar bhuaileamar inniu? An cuimhin leat cén chomhairle a thug sé/sí dúinn faoi bhealaí chun a bheith sábháilte?**
- **An bhfuil aon chuid den chomhairle seo cloiste agat cheana? Cén chuid? Cad a bhí ina ábhar nua duitse? Cén chuid den chomhairle a dhéanfaidh tú iarracht a leanúint as seo amach?**

jun 5 irish:jun 5 irish 14/07/2009 08:16 Page 54

Rogha 2

Am Súgartha:	Tomhais cé atá ann!
Labhraimís:	Faoi dhaoine a mhúineann sábháilteacht dúinn

Am Súgartha: Tomhais cé atá ann?

Tosaigh trí labhairt leis na páistí faoi dhaoine ina mbailte féin agus ina gcomharsanacht a mhúineann dóibh faoin tsábháilteacht m.sh. tuismitheoirí, seanmháithreacha, seanaithreacha, deartháireacha agus deirfiúracha móra, aintíní agus uncailí, baill eile den mhórtheaghlach agus cairde an teaghlaigh.

Dírigh ar ról dearfach na ndaoine éagsúla a thugann comhairle a chabhraíonn le páistí agus le daoine fásta bheith sábháilte.

B'fhéidir go bhfuil cuid mhaith jabanna/cúramaí ag an múinteoir, ag príomhoide na scoile agus ag cúntóirí an tseomra ranga. Cabhraíonn siad linn rialacha na scoile a choinneáil chomh maith. Coinnítear sábháilte sinn leis na rialacha sin.

Cabhraíonn an maor scoile linn an bóthar a thrasnú.

Tugann airíoch na scoile aire d'áiteanna agus do rudaí i bhfoirgneamh na scoile a d'fhéadfadh bheith ina n-ábhar taisme.

Is féidir leis na Gardaí cuid mhaith a rá linn faoi bheith sábháilte, faoin rud ba chóir dúinn a dhéanamh má chaillear sinn, faoin mbóthar a thrasnú nó faoi thaisteal go sábháilte ar bhusanna, ar rothair nó i gcarr.

Insíonn fir dhóiteáin cuid mhaith dúinn faoin gcaoi le tine a sheachaint agus cad ba chóir a dhéanamh dá dtosnódh ceann.

Insíonn dochtúirí agus banaltraí ag an Lárionad Sláinte dúinn faoin gcaoi le bheith sláintiúil.

Mínigh go bhfuil cúis le rialacha a bheith ann.

I dtosach déanann an múinteoir agus an rang dráma nó mím ar bhealaí chun múineadh do na páistí foghlaim faoin tsábháilteacht. De réir mar a mhéadaíonn an mhuinín atá ag na páistí astu féin, is féidir le páistí aonair ón rang dráma nó mím a dhéanamh agus caithfidh an múinteoir agus an chuid eile den rang a dhéanamh amach cad é an rud atá sé ag ligean air a dhéanamh.

Ansin is féidir roinnt comhairle a lorg ó na páistí a d'fhéadfadh bheith ag an duine sin do pháistí agus a mhúinfeadh dóibh bheith slán sábháilte.

jun 5 irish:jun 5 irish 14/07/2009 08:16 Page 55

Labhraimís: Faoi dhaoine a mhúineann sábháilteacht dúinn

B'fhéidir go mbeadh cuid de na ceisteanna seo a leanas úsáideach:

- **Cé hiad na daoine sin a mhúineann dúinn faoi bheith slán sábháilte?**
  (Mamaí, Daidí, deartháireacha agus deirfiúracha móra, aintíní, uncailí, an múinteoir ranga agus múinteoirí eile, príomhoide na scoile, cúntóirí an tseomra ranga, páistí eile, airíoch na scoile, maor na scoile, Gardaí, fir dhóiteáin, dochtúirí agus banaltraí)
- **Cad a mhúineann ár dtuismitheoirí dúinn faoi bheith slán sábháilte?**
- **Cad faoi dheartháireacha agus deirfiúracha móra? Cad a mhúineann siadsan dúinn faoi bheith slán sábháilte?**
- **Cad a mhúineann an múinteoir dúinn faoi bheith slán sábháilte?**
- **Cén chomhairle a thugann príomhoide na scoile dúinn?**
- **Cé hiad na daoine eile ar scoil a mhúineann dúinn faoi bheith slán sábháilte? Cén chaoi a ndéanann siad é sin? Cad iad na cineálacha rudaí a deir siad?**
- **Cad í an chomhairle a bhíonn ag Gardaí (fir dhóiteáin/dochtúirí/banaltraí) do pháistí?**
- **An féidir leat féin bheith slán sábháilte? Cén chaoi?**

jun 5 irish:jun 5 irish 14/07/2009 08:16 Page 56

Gníomhaíochtaí a Leanann

Am Geáitseála:	Cé a d'fhéadfadh cabhrú?
Gníomhaíocht Ealaíne:	Slabhra Cúntóirí

Am Geáitseála: Cé a d'fhéadfadh cabhrú?

Iarr ar na páistí freagra a thabhairt i bhfoirm dráma ar na ceisteanna seo a leanas. Tosaíonn an múinteoir mar an bpáiste leis an bhfadhb agus is féidir leis na páistí fuascailt na faidhbe a sholáthar nó is féidir leo na róil a mhalartú.

- **Tá an bréagán is fearr liom thuas sa chófra go hard. Ní féidir liom teacht air. Cad a bheadh amaideach a dhéanamh? Cé a d'fhéadfadh cabhrú?**
- **Tá mo liathróid ar an mbóthar. Cad a bheadh contúirteach a dhéanamh? Cé a d'fhéadfadh cabhrú?**
- **Bíonn duine éigin do mo bhrú sa chlós i gcónaí? Cé a d'fhéadfadh cabhrú?**
- **Doirtim roinnt bainne ar urlár an tseomra ranga. Cén fáth go bhfuil sé sin contúirteach? Cé a d'fhéadfadh cabhrú? An bhféadfainnse cabhrú chomh maith? Cad a d'fhéadfainn a dhéanamh?**
- **Cé a chabhróidh liom an bóthar a thrasnú lasmuigh den scoil?**

Mar mhalairt, d'fhéadfadh na páistí a bhfreagra a tharraingt.

Gníomhaíocht Ealaíne: Slabhra Cúntóirí

Ag baint úsáide as pléatáil chairdín fill stiall pháipéir ar fhad ionas go bhfuil an páipéar roinnte ina cheithre nó ina chúig chuid. Ar an gcuid bairr tarraing imlíne chruth duine. Gearr é sin amach ionas go bhfuil na cruthanna ceangailte ag na lámha agus cosa. Beidh ceithre nó cúig imlíne duine ag teastáil ó gach páiste. Bheadh cúnamh ó thuismitheoirí úsáideach.

Iarr ar gach páiste gach cruth a dhathú, ag déanamh duine a mhúineann dó/di faoi bheith sábháilte as gach ceann acu m.sh. ball den teaghlach, cara, pearsanra na scoile, srl. Crochtar ansin iad mar bhratacha timpeall ar cheithre bhalla an tseomra ranga ag déanamh Slabhra Sábháilteachta. D'fhéadfaí lipéad mar **Múineann na daoine seo sábháilteacht dúinn!** a chur ar an taispeántas. D'fhéadfaí ainmneacha na ndaoine a chur ar gach cruth chomh maith.

Páirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí

D'fhéadfadh tuismitheoir/caomhnóir bheith mar chuairteoir ina ról mar thuismitheoir/chaomhnóir. D'fhéadfadh tuismitheoir/caomhnóir gur airíoch, maor scoile, Garda, srl. é/í teacht ar cuairt chomh maith.

Tá cuid mhaith oibre sa Ghníomhaíocht Ealaíne agus d'fhéadfaí an-leas a bhaint as cúnamh daoine fásta.

D'fhéadfaí an obair ealaíne a thaispeáint do na tuismitheoirí/caomhnóirí a thagann ar cuairt chuig an rang.

jun 5 irish:jun 5 irish 14/07/2009 08:16 Page 57

Naisc idir Baile is Scoil **Naíonáin Shóisearacha 5 Daoine a mhúineann sábháilteacht dúinn**

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná cabhrú le páistí na daoine ina dteaghlaigh, ar scoil agus sa phobal, a mhúineann sábháilteacht dóibh a aithint. Ní clár ionaid é seo don Chlár um Mí-úsáid ar Pháistí a Chosc, "Bí Sábháilte", atá mar chuid den Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte chomh maith agus a bhfuil ról ar leith le glacadh aige chun mí-úsáid – fhisiceach, mhothúchánach agus ghnéis - ar pháistí a chosc.

Sa cheacht seo déantar plé leis na páistí faoi dhaoine a mhúineann straitéisí sábháilteachta dóibh. Tá an bhéim ar an rud a fhoghlaimíonn páistí faoi bheith slán sábháilte.

Seo a leanas roinnt moltaí le haghaidh **Gníomhaíochtaí Baile** a d'fhéadfadh **Tuismitheoirí/ Caomhnóirí** a dhéanamh lena **bpáistí** ar an téama **Daoine a mhúineann sábháilteacht dúinn:**

Labhair faoi shábháilteacht ag baile, cad a fhoghlaimíonn páistí agus cé a mhúineann dóibh faoi:

leictreachas; gás; tinte; an staighre; fuinneoga; siosúr, srl.

nó

Labhair faoi na Maoir Scoile agus faoin méid a fhoghlaimíonn na páistí faoi Shábháilteacht ar Bhóithre:

Cad a dhéanann an Maor Scoile?

Cén chaoi a gcabhraíonn sé seo le páistí?

Cad a fhoghlaimíonn páistí ó na Maoir Scoile?

nó

Labhair faoi rialacha na scoile a chinntíonn sábháilteacht na bpáistí, agus faoi na daoine a mhúineann iad:

Iompar sa seomra ranga/sa phasáiste/sa chlós;

Bróga reatha don Chorpoideachas;

Doirteadh uisce; buidéil ghloine; rialóirí; bréagáin le faobhar, srl.

nó

Tarraing pictiúr, ar chúl an leathanaigh seo, a thaispeánann rud éigin a fhoghlamaíodh faoin tsábháilteacht, faoin teideal Mé Féin is mo Chairde Slán Sábháilte.

jun 5 irish:jun 5 irish 14/07/2009 08:16 Page 58

jun 6 irish:jun 6 irish 14/07/2009 08:16 Page 59

6 Tá mothúcháin againn

jun 6 irish:jun 6 irish 14/07/2009 08:16 Page 60

Téama 6

Tá mothúcháin againn

Aidhm: Chun cabhrú le páistí mothúcháin a bhraitheann siad a ainmniú, suímh ina mbraitear na mothúcháin sin a aithint agus an chaoi a nochtar iad a scrúdú.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Moltaí le haghaidh Scéil:	Faoi Mhothúcháin
Labhraimís:	Faoin Scéal

Rogha 2

Ag Éisteacht le Ceol:	An chaoi a mbraithim leis an gceol
Labhraimís:	Faoin gcaoi a mbraitheann tú

Gníomhaíochtaí a Leanann

Am Súgartha:	Taispeáin dúinn conas a mhothaíonn tú
Gníomhaíocht Ealaíne:	Mothúcháin Dhathannacha
Am Ciúin:	Ina chroílár

Nóta ar Mhothúcháin

Is cuid fhíorthábhachtach de thaithí páistí iad na mothúcháin. Tá na mothúcháin a ghabhann leis an taitneamh a bhaineann siad as an saol, na hathruithe ina saol agus na hamanta struis agus scíthe, casta go maith. Chun an cumas a fhorbairt maidir leis na mothúcháin sin a léiriú, ní mór bheith ar an eolas fúthu, iad a aithint, a admháil, glacadh leo agus iad a rialú.

Is éard atá san fheasacht mhothúcháin go n-aithníonn tú do chuid mothúchán féin chomh maith le mothúcháin daoine eile. Nuair a ghlactar leo tuigtear normáltacht mhothúcháin an duine. Is éard atá i rialú mothúchán ná an cumas déileáil le mothúcháin phearsanta agus iad a rialú agus bheith ábalta iad a léiriú ar bhealaí cuí sóisialta a nglactar leo. Is mór an buntáiste é d'fhorbairt shláintiúil an pháiste é nuair a fhoghlaimíonn sé/sí faoi mhothúcháin.

jun 6 irish:jun 6 irish 14/07/2009 08:16 Page 61

Rogha 1

Moltaí le haghaidh Scéil:	Faoi Mhothúcháin
Labhraimís:	Faoin Scéal

Bealach amháin chun deiseanna a thabhairt do pháistí foghlaim faoi mhothúcháin is ea trí éisteacht le scéal nó dán faoi mhothúcháin.

Insíonn na dánta seo a leanas faoi mhothúcháin.

Owen *le Kevin Henkes, foilsithe ag Julia MacRae*
Tá blaincéad ag Eoin a bhfuil sé an-tugtha dó ó bhí sé ina leanbh. Ach tá Eoin chun tosú ar scoil go luath agus braitheann a thuismitheoirí go bhfuil an t-am tagtha d'Eoin gan bheith chomh tugtha sin don bhlaincéad!

Sheila Rae, Laoch *le Kevin Henkes, foilsithe ag Puffin*
Níl eagla ar Shíle roimh mhadraí móra ná spéirlingí. Ansin téann sí ar seachrán …

The Mistery Men agus Little Miss Books *le Roger Hargreaves*

B'fhéidir go mbeadh eolas ag an múinteoir ar leabhair, nó b'fhéidir go mbeadh leabhair sa seomra ranga nó i leabharlann na scoile aige/aici, ar théama comhchosúil.

Labhraimís: Faoin Scéal

Má tá scéal léite agat do na páistí, d'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas bheith úsáideach:

- **Cén duine a bhí sa scéal seo?**
- **Cad a tharla don duine seo?**
- **Cén chaoi ar mhothaigh siad dá bharr?**
- **Cén chaoi ar thaispeáin siad conas a mhothaigh siad?**
- **Cén chaoi a mothófá dá dtarlódh sé sin duitse?**

jun 6 irish:jun 6 irish 14/07/2009 08:16 Page 62

Rogha 2

Ag Éisteacht le Ceol:	An chaoi a mbraithim leis an gceol
Labhraimís:	Faoin gcaoi a mbraitheann tú

Ag Éisteacht le Ceol: An chaoi a mbraithim leis an gceol

Cuir píosa ceoil ar siúl a spreagann giúmar ar leith nó meascán mothúchán. D'fhéadfá píosa clasaiceach a roghnú. Soláthraíonn cnuasaigh chlasaiceacha ar chaiséad meascán maith. Freagraíonn páistí óga do phíosa gairide ceoil chlasaicigh.

Ina measc sin atá machnamhach agus a chothaíonn giúmar/atmasféar machnamhach tá:

'Pavane' Andante (An Dara Gluaiseacht) **Gabriel Faure**

Coinseartó Pianó Uimh. 21 'Elivira Madigan' **Mozart**

An Dara Gluaiseacht; Adagio, Concierto De Aranjuez **Joaquin Rodrigo**

Adagio in G Minor **Tomaso Albinoni**

An Dara Gluaiseacht; Largo, Siansa Uimh. 9 in E Minor 'From The New World' **Antonin Dvorak**

An Chéad Ghluaiseacht; Adagio-moderato, Coinséartó Dordveidhle **Edward Elgar**

Meditation; Thais **Jules Massenet**

Intermezzo, Cavalleria Rusticana **Pietro Mascagni**

Ansin tá na cinn sin atá níos bríomhaire agus beomhaire:

The Hallelujah Chorus **George Frederick Handel**

Jupiter 'The Bringer of Jollity' **Gustav Holst**

'The Emperor Waltz' **Johann Strauss II**

'Ode to Joy' ón gCeathrú Gluaiseacht, Siansa Uimh. 9 in D Beag **Ludwig von Beethoven**

'O Fortuna', Carmina Burana **Carl Orff**

'Ride of the Valkyries' **Richard Wagner**

Prelude, Carmen **Georges Bizet**

Chorus of the Hebrew Slaves, Nabucco **Giuseppe Verdi**

Waltz of the Flowers, The Nutcracker Suite **Peter Ilyich Tchaikovsky**

Iarr ar na páistí éisteacht leis an gceol. Ina dhiaidh sin féadfaidh na páistí insint duit faoin gcaoi ar mhothaigh siad le linn an cheoil agus pictiúir de na nithe a tháinig chucu ina n-intinn a tharraingt.

jun 6 irish:jun 6 irish 14/07/2009 08:16 Page 63

Labhraimís: Faoin gcaoi a mbraitheann tú

Le ceisteanna thabharfaí deiseanna do pháistí labhairt faoi na mothúcháin:

- **Cén fáth go gcaoineann daoine? Cén fáth go ndéanann siad gáire? Cén fáth go dtugann siad barróg dá chéile? Cén fáth go mbéiceann daoine? Cén fáth go gcuireann daoine púic orthu féin?**
- **An cuimhin leat uair amháin nuair a rinne tú gáire *(nuair a chaoin tú, nuair a d'éirigh tú feargach nó nuair a tháinig eagla ort)*? Cad ba chúis leis sin?**
- **An dóigh leat go bhfuil mothúcháin ag ainmhithe?**
- **An dóigh leat go bhfuil mothúcháin ag do pheata - cén chaoi a bhfuil a fhios agat?**
- **An bhfuil aon rud ann nach bhfuil mothúcháin aige?**
- **An bhfuil mothúcháin ag cloch?**
- **An bhfuil mothúcháin ag bord?**
- **An bhfuil mothúcháin ag leabhar?**
- **Conas a thaispeánann daoine a mothúcháin?**
- **Cad a dhéanann tú chun a thaispeáint go bhfuil fearg *(uaigneas, áthas, imní)* ort?**
- **Smaoinigh ar na mothúcháin ar fad atá ar eolas agat - áthas, sceitimíní, eagla, fearg. Cad é an mothúchán is fearr leat? Cén fáth?**
- **Cad é an mothúchán is lú a thaitníonn leat? Cén fáth?**
- **Uaireanta ní mhothaíonn daoine mar an gcéanna ag an am céanna - b'fhéidir go mbeadh áthas ortsa, ach b'fhéidir go mbeadh brón ar do chara? Cad is féidir a dhéanamh ansin?**
- **Cén chaoi is féidir a aithint conas a bhraitheann daoine eile?**
- **Dá mbeadh brón ar do mháthair nó d'athair, an mbeadh a fhios agat? Cad a d'fhéadfá a dhéanamh chun iad a chur ar a seanléim arís?**
- **Samhlaímis gur féidir le dathanna insint dúinn faoi mhothúcháin. Tá dathanna geala áthasacha ann agus tá dathanna dubha agus brónacha nó feargacha ann. Inis dom cad is dath áthasach duitse? Cad iad na dathanna atá brónach nó feargach?**

jun 6 irish:jun 6 irish 14/07/2009 08:16 Page 64

Gníomhaíochtaí a Leanann

Am Súgartha:	Taispeáin dúinn conas a mhothaíonn tú
Gníomhaíocht Ealaíne:	Mothúcháin Dhathannacha
Am Ciúin:	Ina chroílár

Am Súgartha: Taispeáin dúinn conas a mhothaíonn tú

Déanann na páistí fáinne, le páiste amháin ina lár. Beireann na páistí san fháinne ar lámha a chéile agus siúlann timpeall ag canadh na ríme seo a leanas:

- **An bhfuil beagán áthais ort?**
- **An bhfuil beagán bróin ort?**
- **An bhfuil beagán sceitimíní ort?**
- **An bhfuil tú beagán ar mire?**
- **An bhfuil beagán uaignis ort?**
- **An bhfuil beagán púice ort?**
- **Abair linn conas a bhraitheann tú inniu**
- **Agus tabharfaimid cabhair duit.**

Freagraíonn an páiste sa lár tríd an gcaoi a mbraitheann sé/sí a lua agus í a léiriú le gníomhaíochtaí e.g. deir an páiste sa lár: 'Tá brón orm' agus ligeann air/uirthi go bhfuil sé/sí ag caoineadh. Déanann na páistí eile aithris air/uirthi.

Má deir an páiste sa lár: 'Tá fearg orm!' agus stampálann a c(h)osa ar an urlár, déanann na páistí eile amhlaidh.

Má deir an páiste sa lár: 'Tá sceitimíní orm' agus léimeann suas anuas, déanann na páistí é seo chomh maith.

Ainmníonn an páiste sa lár páiste eile ansin chun dul isteach sa lár agus tosaíonn an cluiche arís.

Gníomhaíocht Ealaíne: Mothúcháin Dhathannacha

1 Roinn an rang ina ghrúpaí. Tabhair trí dhath dhorcha agus trí dhath gheala do gach grúpa. Caith cúpla nóiméad ag labhairt faoi na cinn a measann na páistí iad a bheith áthasach agus brónach, uaigneach nó feargach.

2 Iarr ar na páistí dath áthasach a roghnú agus 'Mise' áthasach a tharraingt leis an dath sin; dath brónach a roghnú agus 'Mise' brónach a tharraingt; dath feargach a roghnú agus 'Mise' feargach a tharraingt; dath uaigneach a roghnú agus 'Mise' uaigneach a tharraingt, srl.

Taispeáin obair ealaíne na bpáistí faoi theideal ar nós: 'Mothúcháin Dhathannacha'

jun 6 irish:jun 6 irish 14/07/2009 08:16 Page 65

Am Ciúin: Ina chroílár

Spreag na daltaí chun a mboird a chóiriú, ag cur pinn luaidhe i leataobh agus aon ní eile a d'fhéadfadh a n-aire a chur ar seachrán. Is fearr gan tosú le 'hAm Ciúin' go dtí go mbíonn na páistí ar fad socraithe síos agus a n-aire agat. Agus an múinteoir ag labhairt de ghuth ciúin treoraíonn sé/sí iad:

Ligigí bhur scíth *(sos)*

Suígí síos go compordach *(sos)*

Sínigí amach bhur gcosa ar an urlár *(sos)*

Cuirigí bhur lámha ar bhur nglúine *(sos)*

Go ciúin, go réidh, dúnaigí bhur súile *(sos)*

(I gcogar nach mór) **Éistigí ... éistigí ...**

Éist le fuaim do chroí ag bualadh ... bíonn do chroí ag bualadh taobh istigh gach nóiméad gach lá ... go réidh, go réidh a bhualann sé ...

Nuair a bhíonn brón ort leanann do chroí air ag bualadh ...

Nuair a bhíonn áthas ort, buaileann sé ...

Nuair a bhíonn fearg ort nó nuair a bhíonn tú ar buile, buaileann do chroí ar aghaidh is ar aghaidh ...

Nuair a bhíonn sceitimíní, sciotaíl gháire agus bród ort, buaileann do chroí go réidh ...

Éist ... Éist le fuaim do chroí ...

Oscail do shúile go mall anois agus S-Í-N tú fein!

Páirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Iarr ar na páistí insint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí faoi mhothúcháin. D'fhéadfaidís tosú le fiafraí dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí nuair a fheicfidh siad iad (ag am baile, b'fhéidir) conas a mhothaíonn siad agus cén fáth go mothaíonn siad mar sin. D'fhéadfaí na comhráite seo a chleachtadh sa seomra ranga.

D'fhéadfadh na páistí an scéal faoi mhothúcháin a insint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

jun 6 irish:jun 6 irish 14/07/2009 08:16 Page 66

Naisc idir Baile is Scoil **Naíonáin Shóisearacha 6 Tá mothúcháin againn**

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná cabhrú le páistí na mothúcháin a bhraitheann siad a ainmniú, suímh ina mbraitear na mothúcháin sin a aithint agus an chaoi a nochtar iad a scrúdú.

Is mór an buntáiste é d'fhorbairt shláintiúil an pháiste é nuair a fhoghlaimíonn sé/sí faoi mhothúcháin. Tá sé tábhachtach deiseanna a thabhairt do pháistí mothúcháin a bhraitheann siad féin nó daoine eile a aithint - áthas, brón, fearg, goilliúint. Tá an teanga ag teastáil uathu chun a mothúcháin a ainmniú - "Tá áthas orm", "Tá brón orm", srl. Ní mór an scil chun mothúcháin a léiriú go cuí a fhorbairt chomh maith (.i. ag rá cén chaoi a mothaíonn siad in áit í a thaispeáint go fisiciúil).

Seo a leanas roinnt moltaí le haghaidh **Gníomhaíochtaí Baile** a d'fhéadfadh **Tuismitheoirí/ Caomhnóirí** a dhéanamh lena **bpáistí** ar an téama **Tá mothúcháin againn:**

Labhair faoi na nithe seo a leanas –

Cén fáth go gcaoineann daoine? Cén fáth go ndéanann siad gáire?

Cén fáth go mbéiceann daoine? Cén fáth go gcuireann daoine púic orthu féin?

nó

Labhair faoi na rudaí a chuireann na mothúcháin seo ar do pháiste –

Áthas, brón, fearg, eagla, sceitimíní, uaigneas, srl

nó

Pléigh cén chaoi a mbraithfeadh do pháiste agus cad a dhéanfadh sé/sí –

dá ndúiseodh sé/sí i lár na hoíche i ndiaidh tromluí,

dá dtógfadh duine a p(h)eann gan cead,

dá dtabharfaí rothar mar bhronntanas gan choinne dó/di,

mura mbeadh a fhios aige/aici conas an obair bhaile a dhéanamh.

nó

Iarr ar do pháiste pictiúr a tharraingt, ar chúl an leathanaigh seo, a thaispeánann ócáid nuair a bhí áthas/brón/uaigneas/fearg/eagla air/uirthi faoin teideal 'Nuair a bhí ... orm'.

jun 7 irish:jun 7 irish 14/07/2009 08:16 Page 67

7 Beatha Nua



jun 7 irish:jun 7 irish 14/07/2009 08:16 Page 68

Beatha Nua

Aidhm: Tuiscint áirithe a thabhairt do pháistí faoi bheatha nua sa saol.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Siúlóid Dúlra:	Comharthaí Beatha Nua san Earrach
Moltaí le haghaidh Scéalta:	Faoi Bheatha Nua
Labhraimís:	Faoin Scéal

Rogha 2

Am Ríme:	Babaí le Paul Rogers
Labhraimís:	Faoi Bhabaithe Nua

Gníomhaíochtaí a Leanann

Am Aithrise:	Beatha Nua san Earrach
Am Ciúin:	Iontas Beatha Nua

Nóta ar Bheatha Nua

Is mó cleachtadh a fhaigheann páistí ar bheatha nua - an t-earrach, fás nua sa ghairdín, peataí nua sa bhaile nó peataí nua ar an bhfeirm, teacht babaí/leanbh nua (deartháir nó deirfiúr, col ceathrair nó comharsa). Is rídheas an t-iontas a spreagtar iontu leis an tarlúint is simplí de bheatha nua agus féadfaidh siad tuiscint nua a mhúscailt sna daoine fásta timpeall orthu go fiú ar phéacán glas san earrach.

Trí mhúineadh do pháistí conas beatha nua agus an chaoi a dtarlaíonn sí a thuiscint, spreagann an múinteoir iad gan talamh slán a dhéanamh de na míorúiltí laethúla seo agus músclaíonn iontu meas agus luach ar bheatha nua.

jun 7 irish:jun 7 irish 14/07/2009 08:16 Page 69

Rogha 1

Siúlóid Dúlra:	Comharthaí Beatha Nua san Earrach
Moltaí le haghaidh Scéalta:	Faoi Bheatha Nua
Labhraimís:	Faoin Scéal

Siúlóid Dúlra: Comharthaí Beatha Nua san Earrach

Sula dtéitear ar an tsiúlóid, moltar duit:

a) an bealach a sheiceáil agus comharthaí beatha nua san earrach a aithint;

b) na páistí a ullmhú trí mhíniú dóibh faoi chuspóir na siúlóide agus iad a spreagadh chun faire amach do chomharthaí beatha nua atá feicthe agat. Cuir i gcuimhne dóibh gan na bláthanna a phiocadh;

c) ar mhaithe le sábháilteacht ar na bóithre iarr ar thuismitheoirí/chaomhnóirí teacht in éineacht libh chun an Cód Sábhála a mhúineadh nó dul siar air sa rang. Ba chóir go mbeadh duine fásta ag tús agus ag deireadh líne an ranga;

d) go dtabharfadh an múinteoir feadóg leis/léi chomh maith, i ndiaidh 'cód na feadóige' a mhúineadh roimh ré m.sh. fead fhada amháin le haghaidh "stadaigí" agus dhá fhead ghairid le haghaidh "ar aghaidh".

Mar mhalairt

D'fhéadfadh an múinteoir cuairt ó choileán, piscín nó uan nua agus a n-úinéir a réiteach. Comhairligh na páistí roimh ré faoin iompar a d'fhéadfadh eagla a chur ar an ainmhí nó a d'fhéadfadh an t-ainmhí a ghortú.

Bíonn an-tóir ar thurasanna scoile chuig feirmeacha oscailte i measc an aoisghrúpa seo.

Moltaí le haghaidh Scéalta

The Very Hungry Caterpillar *le Eric Carle, foilsithe ag Picture Puffin*
Scéal clasaiceach faoi chlaochlú chruimh chabáiste ina féileacán álainn.

When I Grow Up *le Steve Weatherill, foilsithe ag Frances Lincoln Paperbacks*
Foghlaimíonn góislín óg faoin bhfás atá i ndán don torbán, cruimh chabáiste, larbha bhóín Dé, síol blátha agus dearcán.

Our Baby *le Tony Bradman, foilsithe ag Collins*
Scéal buachalla agus a dheirféar linbh. Cuirtear a neamhspleáchas i gcontrárthacht le spleáchas an linbh.

Billy and The Baby *le tony Bradman, foilsithe ag Picture Lions*
Tá Mamaí agus Daidí ag ullmhú don leanbh nua. Spreagtar Billy chun cabhrú. Ach tá a chuid socruithe féin á n-ullmhú ag Billy féin!

Ellen and Penguin and The New Baby *le Clara Vuillamy, foilsithe ag Walker*
Le teacht babaí nua tagann athruithe le haghaidh Ellen agus Penguin. Ceann de na téamaí a chlúdaítear ná iompair siblíní.

jun 7 irish:jun 7 irish 14/07/2009 08:16 Page 70

Labhraimís: Faoin Scéal

D'fhéadfadh rogha ceisteanna astu seo a leanas bheith úsáideach do mhúinteoirí:

- **Cad a chonaic sibh?**
- **Cad iad na bláthanna a chonaic sibh?**
- **Cad iad na dathanna a bhí orthu?**
- **An bhfaca sibh aon éan?**
- **Cad a bhí á dhéanamh acu?**
- **An bhfaca sibh aon ainmhí?**
- **Cén cineál ainmhithe a bhí iontu?**
- **Cad iad na fuaimeanna a chuala tú?**
- **Cad í an fhuaim ba mhó a thaitin leat?**

jun 7 irish:jun 7 irish 14/07/2009 08:16 Page 71

Rogha 2

Am Ríme:	Babaí *le Paul Rogers*
Labhraimís:	Faoi Bhabaithe Nua

Am Ríme: Babaí *le Paul Rogers*

Tá duine ag teacht – cé hé, cé hí?
Duine speisialta, duine nua don líon tí.
Caithfimid fanacht, cé go bhfuil sé anseo ar bhealach –
Mar bheart faoin gcrann Nollag ag fanacht.

Mhothaíomar ag bogadh é, chomh gar agus is féidir.
Chualamar a chroí ag bogadh ar mheaisín dochtúra
Agus ní heol dúinn tada ach go bhfuil sé an-bheag
Gan ainm go fóill ach leigheasfar é sin go bog!

Cailín atá ó mhamó, ach is cuma linn dáiríre.
Fad nach bhfuil sé dána, imreoimid leis choíche.
Múinfimid an bualadh bos dó, ardóimid an cupán dó
Feicfidh sé na torbáin. Fásfaidh sé leo …

Tá duine ag teacht – ní fios cén uair.
Ó am go ham braitheann Mamaí ina bolg é.
Tá gach rud ullamh – an seomra, na héadaí, an leaba,
An t-ábhar a rinneamar chun dul os a chionn.

Tá Mamaí bréan den fheitheamh. Ligeann sí a scíth gach tráthnóna.
Is eol dúinn nach fada uainn anois é; caithfidh sé teacht luath.
Lá amháin agus sinn amuigh ag súgradh, braithfimid rud nua.
Agus sinn chomh ríméadach, ní bheidh a fhios againn cad tá le déanamh!
Ansin déarfaidh Daidí linn: 'Tagaigí isteach agus buailigí le'… Cé?

Labhraimís: Faoi Bhabaithe/Leanaí Nua

- **Fiafraigh de na páistí cad is ainm do bhabaithe na n-ainmhithe éagsúla feirme. Mar shampla, cat, madra, caora, capall, bó, gabhar, muc.**
- **An maith leat ainmhithe óga? Cé acu is fearr leat? Cén fáth?**
- **An bhfuil peata agat ag baile? An raibh babaithe ag do pheata riamh?**
- **An bhfuil babaí sa teach agaibh? Inis dúinn faoin mbabaí.**
- **An bhfuil aithne agat ar éinne atá chun babaí bheith acu? Inis dúinn faoi. Cá bhfuil an babaí anois, sula mbéarfar é?**
- **An cuimhin leat nuair a bhí do Mhamaí ag súil le do dheartháir/dheirfiúr óg? Inis dúinn faoi sin.**
- **Ar lig Mamaí duit an babaí a mhothú ag bogadh taobh istigh di? Conas a bhí sé sin? An dóigh leat gur maith leis an mbabaí bheith lena Mhamaí an t-am ar fad sula mbeirtear é? Cén fáth?**

jun 7 irish:jun 7 irish 14/07/2009 08:16 Page 72

Ábhair Acmhainní don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

- **Cad deir daoine nuair a fheiceann siad babaí nua? Cad dúirt daoine, dar leat, nuair a bhí tusa i do bhabaí? Cén fáth nach gceistíonn tú sa bhaile cad deireann daoine?**
- **An bhfuil grianghraf díot nuair a bhí tú i do bhabaí nua? An maith leat féachaint ar an bpictiúr sin? Inis dúinn faoi.**
- **Nuair a bhí tú i do bhabaí nua, thug duine éigin aire duit. Labhraimís faoi na rudaí is féidir linn a dhéanamh don bhabaí nua ...**
- **Caithfimid bheith an-chúramach le babaithe nua. Cén fáth sin, meas tú?**

jun 7 irish:jun 7 irish 14/07/2009 08:16 Page 73

Gníomhaíochtaí a Leanann

Am Aithrise:	Beatha Nua san Earrach
Am Ciúin:	Iontas Beatha Nua

Am Aithrise: Beatha Nua san Earrach

Féadfaidh na páistí ligean orthu gur síolta ag fás ina mbláthanna iad. Téigh tríd leo. Mar shampla:

Teastaíonn uaim go ndéanfadh sibh ceirtlín díobh féin chomh beag agus is féidir agus go ligfeadh sibh oraibh gur síolta beaga bídeacha faoin talamh sibh. Tá an geimhreadh ann. Tá tú i do chodladh. Tá an cré mar bhlaincéad te os do chionn. Tá sé fuar os cionn na talún. Ach tá tusa te teolaí faoi thalamh.

Sleamhnaíonn an t-am thart. Tá deireadh leis an ngeimhreadh agus tá an t-earrach tagtha. Tá an ghrian ag taitneamh. Éiríonn sé níos teo. Diaidh ar ndiaidh dúisíonn tú go mall, tosaíonn tú ag síneadh. Fásann d'fhréamhacha síos tríd an ithir fút.

Cuireann sé báisteach uaireanta. Síneann do chéad phéacáin amach agus fásann aníos as an ithir the agus fásann do ghas suas, suas, suas i dtreo na gréine gile sa spéir. I do chroílár tá bachlóg. Tá sé sin ag fás chomh maith.

Go mall osclaíonn sé chun bláth álainn laistigh a thaispeáint. Tá bláthanna eile mórthimpeall ort agus tá sibh ag luascadh sa leoithne ghaoithe ...

Ina dhiaidh fiafraigh de na daltaí cén cineál blátha iad? Cén dath atá orthu?

D'fhéadfaidís ligean orthu chomh maith gur uain nó scalltáin, torbáin ag iompú ina bhfroganna, cruimheanna cabáiste ag iompú ina bhféileacáin, éin ag déanamh neadacha nó scalltáin ag gor iad.

Chuirfeadh ceol cúlra go mór leis an ngníomhaíocht seo. Bheadh cuid mhaith píosaí oiriúnach. Dá bhféadfaí teacht orthu bheadh *Spring* ó *The Four Seasons* le Vivaldi agus *Morning* le Grieg an-oiriúnach.

jun 7 irish:jun 7 irish 14/07/2009 08:16 Page 74

Am Ciúin: Iontas Beatha Nua

Spreag na daltaí chun a mboird a chóiriú, ag cur pinn luaidhe i leataobh agus aon ní eile a d'fhéadfadh a n-aire a chur ar seachrán. Is fearr gan tosú le 'hAm Ciúin' go dtí go mbíonn na páistí ar fad socraithe síos agus a n-aire agat. Agus an múinteoir ag labhairt de ghuth ciúin treoraíonn sé/sí iad:

Ligigí bhur scíth *(sos)*

Suígí síos go compordach *(sos)*

Sínigí amach bhur gcosa ar an urlár *(sos)*

Cuirigí bhur lámha ar bhur nglúine *(sos)*

Go ciúin, go réidh, dúnaigí bhur súile *(sos)*

(I gcogar nach mór) **Éistigí ... éistigí ...**

Fadó fadó bhí tú beag bídeach. Thosnaigh tú i mbroinn do Mhamaí. Is ansin a d'fhás is a d'fhás tú go dtí go raibh sé in am duit bheith saolaithe. Samhlaímis conas a bhí sé ...

Éist leis na fuaimeanna ar fad mórthimpeall ort ... Samhlaigh go bhfuil tú ag déanamh ceirtlín díot féin ... tá tú slán sábháilte te teolaí ...

Éist ... éist ... tá do chroí ag bualadh ... tá gach rud ciúin síochánta ... tá tú sásta ... samhlaigh gur mar seo a bhí sé agus tú i do bhabaí beag bídeach taobh istigh de do Mhamaí ... samhlaigh ... tú féin is do Mhamaí amháin ... le chéile ... *(sos)*

Oscail do shúile go mall anois agus S-Í-N tú fein!

Páirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Iarr ar na páistí insint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí faoin scéal nó dán a chuala siad inniu.

Iarr ar na páistí labhairt lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí faoin uair a bhí siad ina mbabaithe.

jun 7 irish:jun 7 irish 14/07/2009 08:16 Page 75

Naisc idir Baile is Scoi

Naíonáin Shóisearacha 7 Beatha Nua

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná cabhrú le páistí fios a fháil faoi bheatha nua sa saol. Is mó cleachtadh a fhaigheann páistí ar bheatha nua - an t-earrach, fás nua sa ghairdín, peataí nua ag baile nó peataí nua ar an bhfeirm, teacht babaí nua (deartháir nó deirfiúr, col ceathrair nó comharsa).

Is rídheas an t-iontas a spreagtar iontu leis an tarlúint is simplí de bheatha nua agus féadfaidh siad tuiscint nua a mhúscailt sna daoine fásta timpeall orthu go fiú ar phéacán glas san earrach. Trí mhúineadh do pháistí conas beatha nua agus an chaoi a dtarlaíonn sí a thuiscint, spreagann tuismitheoirí agus múinteoirí iad gan talamh slán a dhéanamh de na míorúiltí laethúla seo agus músclaíonn iontu meas agus luach ar bheatha nua.

Seo a leanas roinnt moltaí le haghaidh **Gníomhaíochtaí Baile** a d'fhéadfadh **Tuismitheoirí/ Caomhnóirí** a dhéanamh lena **bpáistí** ar an téama **Beatha Nua:**

Le chéile, scrúdaigí comharthaí beatha nua sa ghairdín, sa chomharsanacht (plandaí, crainn, fálta sceacha), ar shiúlóid faoin tuath nó ar cuairt chuig feirm.

nó

Le chéile, féachaigí ar leabhair faoin mbeatha (fás) nua sa dúlra agus i ndomhan na n-ainmhithe.

nó

Labhraigí faoi theacht babaí nua sa ghartheaghlach agus sa mhórtheaghlach, ag fiafraí ceisteanna mar:

An bhfuil a fhios agat go bhfuil ... le babaí a bheith aici?

An bhfuil a fhios agat cá bhfuil an babaí anois, sula mbeirtear é?

Caithfimid bheith an-chúramach le babaithe nua. Cén fáth sin, meas tú?

Ar mhaith leat cloisteáil fút féin nuair a bhí tú i do bhabaí?

nó

B'fhéidir gur mhaith leat an dán ar an taobh eile den leathanach a léamh.



jun 7 irish:jun 7 irish 14/07/2009 08:16 Page 76

Babaí *le Paul Rogers*

Tá duine ag teacht - cé hé, cé hí?
Duine speisialta, duine nua don líon tí.
Caithfimid fanacht, cé go bhfuil sé anseo ar bhealach -
Mar bheart faoin gcrann Nollag ag fanacht.

Mhothaíomar ag bogadh é, chomh gar agus is féidir.
Chualamar a chroí ag bogadh ar mheaisín dochtúra
Agus ní heol dúinn tada ach go bhfuil sé an-bheag
Gan ainm go fóill ach leigheasfar é sin go bog!

Cailín atá ó mhamó, ach is cuma linn dáiríre.
Fad nach bhfuil sé dána, imreoimid leis choíche.
Múinfimid an bualadh bos dó, ardóimid an cupán dó
Feicfidh sé na torbáin. Fásfaidh sé leo ...

Tá duine ag teacht - ní fios cén uair.
Ó am go ham braitheann Mamaí ina bolg é.
Tá gach rud ullamh - an seomra, na héadaí, an leaba,
An t-ábhar a rinneamar chun dul os a chionn.

Tá Mamaí bréan den fheitheamh. Ligeann sí a scíth gach tráthnóna.
Is eol dúinn nach fada uainn anois é; caithfidh sé teacht luath.
Lá amháin agus sinn amuigh ag súgradh, braithfimid rud nua.
Agus sinn chomh ríméadach, ní bheidh a fhios againn cad tá le déanamh!
Ansin déarfaidh Daidí linn: 'Tagaigí isteach agus buailigí le' ... Cé?

jun 8 irish:jun 8 irish 14/07/2009 08:17 Page 77

8 Fásaim

jun 8 irish:jun 8 irish 14/07/2009 08:17 Page 78

Fásaim

Aidhm: Chun cabhrú le páistí eolas a fháil faoin bhfás fisiceach.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Moltaí le haghaidh Scéalta:	Faoin bhFás
Labhraimís:	Faoin Scéal

Rogha 2

Am Súgartha:	Rudaí ag Fás
Ionad Spéise:	Ag Fás
Labhraimís:	Faoin gCaoi a bhFásann tú

Gníomhaíochtaí a Leanann

Gníomhaíocht Ealaíne:	Féach ag Fás é
Am Ciúin:	Fás Inmheánach

Nóta ar an bhFás

Feiceann páistí mórán athruithe sa tsaol le linn phróiseas a bhforbartha. De réir mar a tharlaíonn athruithe go fisiceach, go sóisialta agus go cognaíoch foghlaimíonn páistí conas dul in oiriúint leis na hathruithe sóisialta agus cultúrtha timpeall orthu. Nuair a dhírítear ar na hathruithe seo cuirtear forbairt an fhéineolais agus an fhéinmheasa i bpáistí chun cinn.

jun 8 irish:jun 8 irish 14/07/2009 08:17 Page 79

Rogha 1

Moltaí le haghaidh Scéalta:	Faoin bhFás
Labhraimís:	Faoin Scéal

Moltaí le haghaidh Scéalta: Faoin bhFás

Tá an fás mar théama ag na scéalta seo a leanas. B'fhéidir go mbeadh eolas ag an múinteoir ar leabhair, nó b'fhéidir go mbeadh leabhair sa seomra ranga nó i leabharlann na scoile aige/aici, ar théama comhchosúil.

You'll Soon Grow Into Them Titch *le Pat Hutchins, foilsithe ag Red Fox*
Is é Titch an duine is óige den teaghlach. Tá a chuid éadaí róbheag dó anois. Ofrálann a dheartháir agus a dheirfiúr éadaí atá róbheag dóibhsean anois dó, ach tá siad rómhór. Tagann Daidí isteach chun fóirithint air.

Tá fophlotaí infheicthe sa chuid dheireanach. De réir mar a athraíonn na séasúir, déanann éan nead agus tógann ál agus le toircheas Mhamaí ní hé Titch an duine is óige a thuilleadh!

Fly By Night *le Stephen Lambert, foilsithe ag Walder*
Foghlaimíonn ulchabhán óg eitilt.

I Can *le Susan Winter, foilsithe ag Dorling Kindersley*
Cuirtear cumais bhuachalla óig i gcodarsnacht le cumais a deirféirín.

Labhraimís: Faoin Scéal

- **Cé faoi a raibh an scéal seo?**
- **Cé a bhí ag fás?**
- **Cén cineál fáis a tharla?**

jun 8 irish:jun 8 irish 14/07/2009 08:17 Page 80

Rogha 2

Am Súgartha:	Rudaí ag Fás
Ionad Spéise:	Ag Fás
Labhraimís:	Faoin gCaoi a bhFásann tú

Am Súgartha: Rudaí ag Fás

Tá an ghníomhaíocht seo a leanas bunaithe ar an tuiscint ghinearálta go ndéantar an saol a 'chleachtadh' i súgradh páistí óga. Sa ghníomhaíocht seo, le tógáil struchtúr níos casta le brící nó ábhair eile cleachtaítear, ar bhealach siombalach, an próiseas fáis – fás fisiceach, mothúchánach agus síceolaíoch in éineacht.

Roinn an rang ina ghrúpaí, ag leithdháileadh ábhar tógála mar Lego, brící tógála, tuí tógála nó gaineamh.

Ag obair ina n-aonar nó le chéile, spreag na páistí chun struchtúr chomh ard, ramhar, tanaí, aisteach nó iontach agus is féidir leo a thógáil.

Spreag iad chun labhairt ina measc féin faoi rud atá idir lámha acu.

Ionad Spéise: Ag Fás

Déan bailiúchán, le cabhair ó na páistí, de phictiúir, grianghraif agus rudaí a bhaineann leis an bhfás fisiceach ón mbreith aníos.

D'fhéadfaí grianghraif de na páistí ag céimeanna éagsúla a thaispeáint sa rang, díreach mar a d'fhéadfaí a dhéanamh le feisteas/éadaí babaí, feisteas/éadaí a bheadh oiriúnach do thachrán agus do ghnáthpháiste ag an aois sin.

D'fhéadfaí comparáid idir na bróga a chaitheann páistí ag aoiseanna éagsúla a chur i gcomparáid le bróga duine fhásta.

Sholáthródh an t-ionad spéise pointe maith tosaigh le haghaidh plé.

jun 8 irish:jun 8 irish 14/07/2009 08:17 Page 81

Labhraimís: Faoin gCaoi a bhFásann tú

B'fhéidir go mbeadh cuid de na ceisteanna seo thíos úsáideach:

- **Cé hé/hí an duine is airde sa bhaile?**
- **Cé hé/hí an dara duine is airde?**
- **Cé hé/hí an duine is lú?**
- **Cé hé/hí an duine is sine?**
- **Cé hé/hí an duine is óige?**
- **An bhfuil pictiúr díot féin agus tú i do bhabaí beag bídeach feicthe agat riamh?**
- **Taispeáin dom cé chomh beag a bhí tú an uair sin?**
- **An mbíodh túi do chodladh i leaba ar nós na leapa ina gcodlaíonn tú anois, nuair a bhí tú i do bhabaí? Cén fáth?**
- **An mbíodh tú ag ithe le scian agus forc nuair a bhí tú i do bhabaí? Cén fáth?**
- **Tá tú i bhfad níos mó anois ná mar a bhí tú nuair a bhí tú i do bhabaí. Tá tú ag fás. Tá do chorp ag fás.**
- **An féidir leat ceirtlín a dhéanamh díot féin ar nós babaí?**
- **An féidir leat síneadh agus fás i do bhuachaill nó i do chailín mór mar atá tú anois?**

jun 8 irish:jun 8 irish 14/07/2009 08:17 Page 82

Gníomhaíochtaí a Leanann

Gníomhaíocht Ealaíne:	Féach ag Fás é
Am Ciúin:	Fás Inmheánach

Gníomhaíocht Ealaíne: Féach ag Fás é

Roinn na páistí ina ngrúpaí. Tabhair píosa mór páipéir amháin do gach grúpa. Le crián nó peann luaidhe daite ar leith tarraingíonn páiste amháin spota beag i lár an leathanaigh. Tarraingíonn an chéad pháiste eile, ag baint úsáide as dath eile, spota beagán níos mó anuas ar an gcéad cheann. Déantar an ghníomhaíocht seo arís is arís eile go dtí go mbíonn an 'síol' méadaithe ag an ngrúpa. Anois, tarraingíonn roinnt páistí fréamhacha ag síneadh síos ón síol i dtreonna éagsúla. Tarraingíonn páistí eile péacáin ag síneadh suas ón síol agus cuireann duilleoga agus bláthanna leo.

Nuair a bhíonn na páistí críochnaithe, spreag iad chun a mhéad atá a síol fásta a thaispeáint do ghrúpaí eile.

Am Ciúin: Fás Inmheánach

B'fhéidir nach mbeadh an ghníomhaíocht seo oiriúnach i gcónaí nó b'fhéidir go mbeadh an gá ann í a chur in oiriúint do dhálaí éagsúla teaghlach.

Spreag na daltaí chun a mboird a chóiriú, ag cur pinn luaidhe i leataobh agus aon ní eile a d'fhéadfadh a n-aire a chur ar seachrán. Is fearr gan tosú le 'hAm Ciúin' go dtí go mbíonn na páistí ar fad socraithe síos agus a n-aire agat. Agus an múinteoir ag labhairt de ghuth ciúin treoraíonn sé/sí iad:

Ligigí bhur scíth *(sos)*

Suígí síos go compordach *(sos)*

Sínigí amach bhur gcosa ar an urlár *(sos)*

Cuirigí bhur lámha ar bhur nglúine *(sos)*

Go ciúin, go réidh, dúnaigí bhur súile *(sos)*

(I gcogar nach mór) **Éistigí ... éistigí ...**

Tá sé breá teolaí ar nós na hithreach ina bhfásfadh síol beag ... thosaigh tú mar shíol beag in áit theolaí mar seo taobh istigh de bhroinn do Mhamaí ...

Féach ... agus feicfidh tú tú féin mar shíol beag ina cheirtlín slán sábháilte agus sásta ... féach ... féach, tá tú ag fás ansin istigh ... tá tú ag éirí níos mó is níos mó ...

Tá an síol beag ag fás ... ag fás ... ag fás lámha agus méaranna agus ceann agus bolg agus tóin agus ... an mbeidh an síol seo ina bhuachaill beag nó ina chailín beag ...

Tá an síol beag fásta chomh mór sin anois, is gearr go mbeirfear é ... féach ag síneadh do ghéag thú ...

Tá tú saolaithe anois ... is babaí beag álainn thú ... an buachaill nó cailín thú?

Anois tá tú ag éirí níos mó agus níos sine ... tosaíonn tú ag siúl ... luascann tú beagán i

jun 8 irish:jun 8 irish 14/07/2009 08:17 Page 83

dtosach .. féach ag éirí níos dírí thú ...

Anois is féidir leat rith timpeall ... tosaíonn tú ag caint ... agus leanann tú ort ag fás ...

Is féidir leat ithe gan chúnamh ... féach an duine beag sin, tusa, ag ithe le spúnóg ...

Anois tá tú beagnach ábalta do chuid éadaí a chur ort féin gan chúnamh ... agus tá tú ag fás is ag fás ... féach cé chomh mór is atá tú ...

Anois tá sé in am duit dul ar scoil agus súgradh le do chairde ...

Oscail do shúile go mall anois agus S-Í-N tú fein!

Páirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Iarr ar na páistí insint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí faoi na scéalta faoin bhfás.

Ag baile tógann na páistí rudaí 'a fhásann'.

Tarraingíonn na páistí síol ag fás, le cabhair óna dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

Cuireann na páistí agus tuismitheoirí/caomhnóirí síol sa bhaile agus feiceann siad ag fás ina phlanda é. m.sh. píseanna, mustard nó biolar.

jun 8 irish:jun 8 irish 14/07/2009 08:17 Page 84

Naisc idir Baile is Scoil Naíonáin Shóisearacha 8 Fásaim

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná cabhrú le páistí eolas a fháil faoin bhfás fisiceach. Agus iad ag fás, athraíonn páistí. Má dhírítear ar na hathruithe sin forbrófar féineolas agus féinmheas na bpáistí.

Bíonn suim ag páistí ina bhfás féin agus bíonn deis ag tuismitheoirí/caomhnóirí é a phlé go neamhfhoirmiúil nuair a bhíonn siad ag siopadóireacht le haghaidh éadaí nua, ag tabhairt seanchótaí dearthóireacha/deirfiúracha móra dóibh, ag ceannach bróga nua, ag tarraingt cairteanna faoi aoirde sa Mhata, ag tarraingt imlíne timpeall ar a lámha agus cosa le linn rang ealaíne, srl. Tá sé tábhachtach go dtuigeann páistí go bhfuil ráta fáis difriúil ag gach páiste agus go gcuireann sé isteach ar roinnt páistí má dhéanann daoine fásta iad a chur i gcomparáid le cairde nó col ceathracha den aois chéanna.

Seo a leanas roinnt moltaí le haghaidh **Gníomhaíochtaí Baile** a d'fhéadfadh **Tuismitheoirí/ Caomhnóirí** a dhéanamh lena **bpáistí** ar an téama **Fásaim:**

Le chéile, imrígí le Lego, nó le blocanna thógála eile, chun tuairim na tógála agus an fháis a fhorbairt.

nó

Labhair faoi na difríochtaí idir na héadaí a chaitheann do pháiste anois agus na héadaí a chaitheadh sé/sí agus é/í ina b(h)abaí - b'fhéidir go bhfuil roinnt éadaí babaí i gcoimeád agat agus d'fhéadfaí iad sin a thógáil amach agus labhairt fúthu.

nó

Is féidir gnéithe eile den fhás a phlé, .i. bheith níos neamhspleáiche, bheith freagrach as na bréagáin a bhailiú go néata, ag cabhrú timpeall an tí, srl.

nó

Le chéile, d'fhéadfadh sibh pictiúir a tharraingt chun a thaispeáint cad a d'fhéadfadh an páiste a dhéanamh

faoin gcéad Lá Breithe – (Snámh ar an urlár/Siúl/Dreapadh)?

faoin dara Lá Breithe – (Breith ar mhuga/Ithe le spúnóg)?

faoin tríú Lá Breithe – (Peil a imirt/Dul ar thrírothach)?

faoin gceathrú Lá Breithe – (Do chóta a chur ort/Cnaipí a dhúnadh)?

jun 9 irish:jun 9 irish 14/07/2009 08:20 Page 85

9 Ag déanamh roghanna

jun 9 irish:jun 9 irish 14/07/2009 08:20 Page 86

Téama 9

Ag déanamh roghanna

Aidhm: Chun cabhrú le páistí a thuiscint go ndéanann siad roghanna ina ngnáthshaol.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Am Scéalta:	Cochaillín Dearg agus Na Trí Bhéar Moltaí le haghaidh Scéalta Eile
Labhraimís:	Faoin Scéal

Rogha 2

Am Ríme:	An-Chuid Roghanna
Labhraimís:	Faoi Roghanna a dhéanann tú

Gníomhaíochtaí a Leanann

Am Súgartha:	Cluiche - Roghanna le déanamh
Gníomhaíocht Ealaíne:	Deiseanna chun roghnú

Nóta ar Roghanna a dhéanamh

Chun lántaitneamh a bhaint as an saol ní mór fadhbanna a fhuascailt agus cinntí is roghanna a dhéanamh. Is féidir teacht ar phróisis dá leithéidí mar dhuine aonair nó mar ghrúpa. Agus iarracht á déanamh fadhbanna páistí a réiteach nó a ndeacrachtaí a réiteach dóibh, cothaítear an meon iontu gur féidir le duine éigin eile an fhadhb a "réiteach" agus nach bhfuil an cumas acu féin na fadhbanna is simplí fiú a fhuascailt gan chúnamh ó dhuine fásta.

Is féidir an próiseas cinnteoireachta sna hábhair sin a mhúineadh do rang nó do dhuine aonair a bheidh ábalta, le cleachtadh, cinntí céillí a oireann dá n-aois a dhéanamh go neamhspleách le tuiscint ar na hiarmhairtí.

jun 9 irish:jun 9 irish 14/07/2009 08:20 Page 87

Rogha 1

Am Scéalta:	Cochaillín Dearg agus Na Trí Bhéar Moltaí le haghaidh Scéalta Eile
Labhraimís:	Faoin Scéal

Am Scéalta: Cochaillín Dearg agus Na Trí Bhéar

Níor mhór do na páistí bheith an-eolasach ar na scéalta seo, mar scéalta iontu féin, sula n-éisteoidís leis an leagan seo a leanas a nascann an dá scéal mar scéal amháin. D'fhéadfadh an modh ina ndéantar comparáid agus codarsnacht idir na cinntí a dhéanann na carachtair a bheith mearbhlach do roinnt páistí. Más amhlaidh go bhfuil, moltar go n-insítear na scéalta ina n-aonar, san fhormáid thraidisiúnta.

Am Scéalta: Cochaillín Dearg agus Na Trí Bhéar

Sa scéal seo déanann Cochaillín Dearg roinnt cinntí agus cuirtear na cinntí sin i gcomparáid le cinntí a rinne Cinnín Óir. Déantar iarmhairtí na gcinntí sin a chur i gcodarsnacht le chéile chomh maith.

Inniu, táim chun scéal a insint daoibh faoi Chochaillín Dearg. Is dócha go bhfuil an scéal cloiste agaibh cheana faoi Chochaillín Dearg agus An Mac Tíre Gránna. Is scéal difriúil an ceann seo! Tá an scéal seo faoi Chochaillín Dearg agus … Na Trí Bhéar!

Mar is eol daoibh, chónaigh Cochaillín Dearg láimh le coill, agus ar an taobh eile den choill sin chónaigh a Mhamó. Maidin ghréine amháin dhúisigh Cochaillín Dearg go moch agus bhí an lá chomh haoibhinn sin gur bheartaigh sí ar chuairt a thabhairt ar a seanmháthair. Réitigh a máthair ciseán de rudaí deasa le hithe chun go dtabharfadh Cochaillín Dearg chuig Mamó iad.

Chuir sí i gcuimhne don chailín beag cloí leis an gcosán agus gan imeacht uaidh isteach sa choill. Gheall Cochaillín Dearg go ndéanfadh sí amhlaidh. Ba chuimhin léi gur bhuail sí leis An Mac Tíre Gránna nuair a d'imigh sí ón gcosán an uair dheireanach. D'imigh sí léi agus nílim cinnte cén chaoi ar tharla sé ach chuaigh Cochaillín Dearg amú! An uair seo, chuimhnigh sí ar an rud a dúirt a máthair léi agus d'fhan sí ar an gcosán. I ndiaidh tamaillín tháinig sí chuig teachín i lár na coille.

'N'fheadar cé a chónaíonn anseo?' a dúirt Cochaillín Dearg. 'Ní cuimhin liom bheith sa chuid seo den choill riamh cheana.' Bheartaigh sí ar stopadh sa teachín agus fiafraí de na daoine a chónaigh ann cá raibh sí, agus cén chaoi a rachadh sí chuig teach a Mamó. D'oscail sí geata an ghairdín agus shiúil suas an cosán chuig an doras. Chnag sí ar an doras ansin.

'Rat-a-tat-tat.' Ní raibh aon fhreagra! Mar sin, chnag sí arís.
'Rat-a-tat-tat.' Níor fhreagair éinne! Mar sin, thriail sí uair amháin eile é.
'Rat-a-tat-tat.' Agus ansin tomhais cad a rinne sí! Bhuel, mar a tharlaíonn, bheartaigh sí ar shiúl ar ais síos an gairdín.

'Ní dhearna an cailín beag deireanach a thug cuairt ar an teach seo ach an doras a oscailt agus siúl isteach ann gan choinne!' a chuala sí de ghíog. D'fhéach Cochaillín Dearg timpeall agus chonaic sí béar beag ag teacht timpeall an choirnéil. 'Ní bheadh sé sin rómhúinte!' arsa Cochaillín Dearg. 'Cad is ainm duitse?' a dúirt sé de ghuth cairdiúil. 'An bhfuil tú caillte?' 'Cochaillín Dearg is ainm dom,' ar sise, 'agus tá an chuma air go bhfuilim caillte!'

Mhínigh Cochaillín Dearg faoin gcaoi a raibh sí ar a bealach chuig teach a Mamó agus gur imigh sí

jun 9 irish:jun 9 irish 14/07/2009 08:20 Page 88

amú. 'Caithfidh go bhfuil ocras ort,' arsa an béar beag. 'Tá tú díreach in am don bhricfeasta. Tá mo Mhamaí agus mo Dhaidí díreach ag teacht ar ais ó shiúlóid. Tar liom agus buail leo! Tá an-eolas acu ar an gcoill seo. Táim cinnte go mbeidh SIADSAN ábalta cabhrú leat.'

Ansin díreach, tháinig Mamaí Béar agus Daidí Béar timpeall an chúinne. CÉ A BHÍ AG SIÚL INÁR nGAIRDÍN? arsa Daidí Béar de ghlór toll. 'Cé a bhí ag cnagadh ar ár ndoras tosaigh?' arsa Mamaí Béar de ghlór meánach. 'Seo í Cochaillín Dearg. Bhí sí ar a bealach chuig teach a Mamó agus chuaigh sí amú,' arsa Babaí Béar de ghlór babaí. 'Taispeánfaimidne an bealach duit,' a dúirt Mamaí Béar, go cineálta, 'ach tar isteach agus ith greim bricfeasta ar dtús.'

Chuaigh siad isteach. Ar an mbord bhí trí bhabhla leitean - babhla mór, babhla meánach agus babhla beag babaí. Thóg Mamaí Béar babhla eile amach as an gcupard. 'Bíodh greim leitean agat!' a dúirt sí. 'Ní maith liom leite dáiríre,' arsa Cochaillín Dearg go múinte. Chuir sé sin an-ionadh ar Theaghlach na mBéar. 'Mheas mise gur thaitin leite le gach cailín beag,' a dúirt Mamaí Béar.

'D'ith an cailín deireanach a thug cuairt ar an teach seo leite Bhabaí Béar ar fad,' a ghearán Daidí Béar. 'Agus bhris sí cathaoir Bhabaí Béar,' a dúirt Mamaí Béar go crosta. 'Ansin thit sí ina codladh i mo leabasa,' arsa Babaí Béar de ghíog, 'nuair a dhúisigh sí agus nuair a chonaic sí sinn, scread sí agus d'imigh sí,' a dúirt sé go brónach. 'Ní raibh sí ródheas, mar sin,' arsa Cochaillín Dearg.

Agus d'inis Cochaillín Dearg dóibh faoi dhuine ar bhuail sí leis uair nach raibh ródheas ach an oiread. N'fheadar cé a bhí ann? Is ea. Tá an ceart agat! Ba é An Mac Tíre Gránna é!

Fad a bhí siad ag caint, d'ith na béir an leite agus d'ith Cochaillín Dearg greim blasta d'arán donn agus mil. Ansin thaispeáin Teaghlach na mBéar di an bealach tríd an gcoill chuig teach a Mamó ar an taobh eile. Ghabh sí buíochas leis na béir agus gheall sí do Bhabaí Béar go dtiocfadh sí ar ais chun súgradh leis lá éigin eile. 'Agus féadfaidh tú bualadh le mo chairde Na Trí Mhuicín,' a dúirt sé. 'Bhí roinnt trioblóide acu sin leis An Mac Tíre Gránna chomh maith.' Dúirt Cochaillín Dearg go dtaitneodh sé sin léi agus chroith sí lámh leo agus iad ag imeacht as radharc. Chas sí timpeall agus thosaigh ag siúl i dtreo theach a Mamó. Ag teacht ina treo bhí cailín beag ar comhaois léi. Bhí coirníní fada óir ag an gcailín beag.

'Ní rachainn isteach sa choill sin dá mba mise tusa,' a dúirt an cailín beag go sotalach. 'Tá Teaghlach Béar Mór Gránna ann.' Ón méid a bhí ráite ag Babaí Béar, bhí a fhios ag Cochaillín Dearg cérbh í an cailín beag seo. An bhfuil a fhios agaibh cérbh í an cailín beag seo? Tá a fhios! Ceart, ba í Cinnín Óir í! Rinne Cochaillín Dearg meangadh gáire agus dúirt: 'Níl siad GRÁNNA ach le cailíní beaga a théann isteach ina dteach gan chead, a itheann a leite agus a bhriseann a dtroscán.' Ní raibh aon fhreagra ag Cinnín Óir di mar go raibh a fhios aici gurb í sin an FHÍRINNE.

Ar aon nós, níor fhan Cochaillín Dearg. Ina áit sin bhrostaigh sí uirthi i dtreo theach a Mamó chun insint di faoin eachtra ba dhéanaí agus faoi na cairde nua a bhí déanta aici.

Labhraimís: Faoin Scéal

- **An cuimhin libh cad faoi a bhí scéal an lae inniu? An raibh scéal cloiste agaibh cheana faoi Chochaillín Dearg? Cad a tharla di?**
- **An raibh scéal Na dTrí Bhéar cloiste agaibh cheana? Cérbh í an cailín sotalach le gruaig choirníneach óir a thug cuairt orthu cheana?**
- **Bhí Cinnín Óir i ndiaidh cnagadh ar an doras trí huaire agus nuair nach raibh aon fhreagra bheartaigh sí ar shiúl díreach isteach sa teach! Nuair nach bhfuair Cochaillín Dearg aon fhreagra ag an doras cad a rinne sí? Ceart, bheartaigh sí gurbh fhearr siúl ar ais síos an gairdín.**
- **Bhuail Cochaillín Dearg le Teaghlach na mBéar. An raibh siad deas léi? Cad a rinne siad?**

jun 9 irish:jun 9 irish 14/07/2009 08:20 Page 89

D'inis siad di faoi Chinnín Óir. Cad a bhí déanta ag Cinnín Óir?

- **An raibh Cochaillín Dearg mímhúinte ar nós Chinnín Óir? Ar thaitin Cinnín Óir leis na béir? Cén fáth? Ar thaitin Cochaillín Dearg leis na béir? Cén fáth? Cé leis ar bhuail sí tar éis di slán a fhágáil ag na béir?**
- **Cén fáth go ndúirt Cinnín Óir go raibh Teaghlach Béar Mór Gránna ina gcónaí sa choill?**
- **Cén fáth gur cheap Cinnín Óir go raibh Teaghlach na mBéar mór agus gránna?**
- **Ar cheap Cochaillín Dearg go raibh na béir mór agus gránna?**
- **Bhí Teaghlach na mBéar deas léi! Cén fáth?**
- **Cén fáth nach raibh siad chomh deas sin le Cinnín Óir?**
- **Cad a tharlódh dá mbeadh Cochaillín Dearg chomh mímhúinte le Cinnín Óir?**

Moltaí le haghaidh Scéalta eile

Scéalta Traidisiúnta:

Cinnín Óir agus Na Trí Bhéar

Na Trí Mhuicín

An Chearc Bheag Rua

I ngach cás, tarlaíonn rudaí áirithe mar thoradh ar na roghanna a dhéanann na carachtair, rudaí a mbíonn tionchar acu ar an scéal. I gcás Na dTrí Mhuicín, is í an rogha atá ann ná ábhar tógála.

Ábhar machnaimh eile is ea athmhúnlú an tseanscéil fhaiseanta, **Na Trí Mhac Tíre Bheaga agus An Mhuc Mhór Ghránna** *le Eugene Trivizas agus foilsithe ag Mammoth*.

jun 9 irish:jun 9 irish 14/07/2009 08:20 Page 90

Rogha 2

Am Ríme:	An-Chuid Roghanna
Labhraimís:	Faoi Roghanna a dhéanann tú

Am Ríme: An-Chuid Roghanna

Bainfidh na páistí taitneamh as an ngníomhaíocht seo aon lá ach go háirithe má tá sé ag cur báistí agus nach bhfuil siad ábalta aon fhuinneamh a chaitheamh taobh amuigh. Molann an múinteoir an rím:

Inniu, táim chun scéal a insint daoibh. Tá sibhse chun na gníomhaíochtaí a dhéanamh. Inseoidh na focail daoibh de ghnáth cad tá le déanamh. Cuirfidh mé ceist oraibh uaireanta agus beidh oraibh cinneadh a dhéanamh daoibh féin.

Ligimis orainn go bhfuil d'Aintín díreach i ndiaidh babaí a bheith aici. Cén chaoi a mbraitheann tú leis sin? Taispeáin dom! Mar sin, tá babaí álainn de chol ceathrar agat agus teastaíonn uait rud éigin an-deas a cheannach don bhabaí. Go luath ligfimid orainn go bhfuilimid ag dul ar shiúlóid chuig an lárionad siopadóireachta. Tá tú tar éis ceist a chur ar do Mhamaí/Dhaidí agus tá sí/sé ráite acu gur féidir leat mar go bhfuil duine fásta ag dul in éineacht leat.

Teastaíonn uaim go roghnófá i d'aigne cén cineál aimsire a bheidh ann. An bhfuil sé ag cur báistí nó ag bhfuil an ghrian ag taitneamh? B'fhéidir gur ag cur sneachta atá sé! Cén chaoi a mbraitheann tú leis an aimsir? Taispeáin dom! Nuair atá sé beartaithe agat cén cineál aimsire atá ann lasmuigh, beidh ort cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi a ngléasfaidh tú tú féin. Má tá sé ag cur báistí lasmuigh, déan cinneadh faoi na héadaí a chaithfidh tú. Má tá sé ag cur sneachta beidh ort gléasadh go teolaí. An mbeidh scáth fearthainne nó spéaclaí gréine uait? Réitigh tú féin anois agus taispeáin dom!

Ach cad faoin airgead a bheidh uait? Tá do bhosca airgid ar bharr chófraí na cistine go hard. An bhfuil tú chun dreapadh suas chun é a fháil nó an bhfuil tú chun rud éigin i bhfad níos ciallmhaire a dhéanamh? Tá tú ceart. Iarr ar dhuine fásta cabhrú leat! An bhfuil tú ullamh mar sin?

Seo linn. An bhfuil tú chun siúl go mall nó go pras? An bhfuil tú chun foléimt ann? Taispeáin dom cén chaoi a ngluaisfidh tú? Caithfimid an bóthar a thrasnú. Taispeáin dom an bealach ceart chun dul trasna an bhóthair. Tá tú ceart. Féach ar dheis agus ar chlé agus ar dheis arís agus déan cinnte nach bhfuil aon rud ag teacht. Siúil trasna go tapa ag féachaint agus ag éisteacht an t-am ar fad.

Táimid tar éis síulóid fhada a chur dínn. Ar deireadh thiar, táimid ag an lárionad siopadóireachta. Caithfidh go bhfuil tuirse ort. Aimsigh áit éigin chun suí síos agus do scíth a ligean. Éist, seo í an áit cheart chun bronntanas breá a cheannach do do chol ceathrar nua. Teastaíonn uaim go bhféachfadh gach duine agaibh le haghaidh rud éigin speisialta don bhabaí. Cad a bheartaigh tú a cheannach? Inis dom. *(Tabhair a sheal do gach páiste insint faoin rud atá faighte aige/aici – cuirfear le taitneamh na bpáistí má léiríonn an múinteoir suim, pléisiúr, iontas, srl. sa rud.)*

Bhí sé seo taitneamhach, ach tá sé ag éirí déanach agus b'fhearr brostú abhaile. Táim cinnte go dtaitneoidh an bronntanas sin le do chol ceathrair nua. Labhair leis na páistí faoi bhronntanais nach féidir a cheannach le hairgead!

jun 9 irish:jun 9 irish 14/07/2009 08:20 Page 91

Labhraimís: Faoi Roghanna a dhéanann tú

- Smaoinigh ar na rudaí a bheartaigh tú a dhéanamh ó dhúisigh tú ar maidin.
- Cad é an chéad chinneadh a rinne tú ar maidin?
- An raibh ort cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi ar ghléas tú tú féin nó an ndearna Mamaí/Daidí é sin?
- An bhfuil éide scoile agat a chaithfidh tú a chaitheamh?
- Cad a bheartaigh tú a ithe don bhricfeasta?
- An raibh rogha agat faoin gcaoi a ndeachaigh tú ar scoil?
- Cad a bheartaigh tú a dhéanamh nuair a shroich tú an scoil?
- Cén cluiche a bheartaigh tú a imirt sa chlós?
- Cé leis a d'imir tú?
- Smaoinigh ar roghanna eile a chaithfidh tú a dhéanamh inniu.
- Cad a dhéanfaidh tú i ndiaidh na scoile?
- Cad í an rogha a dhéanfaidh tú faoin teilifís anocht? Cad a fheicfidh tú?
- Dá mbeadh roinnt airgid agat cad a cheannófá sa siopa?

jun 9 irish:jun 9 irish 14/07/2009 08:20 Page 92

Gníomhaíochtaí a Leanann

Am Súgartha:	Cluiche - Roghanna le déanamh
Gníomhaíocht Ealaíne:	Deiseanna chun roghnú

Am Súgartha: Roghanna le déanamh

Níl aon eilimint iomaíochta sa chluiche seo. Baineann na páistí taitneamh as an ngíomhaíocht atá ann agus as a gcuid roghanna a dhéanamh. Ag cuimhneamh ar shábháilteacht agus ord is eagar, e.g. roinnt páistí ina seasamh ag luascadh timpeall lena súile dúnta, ní dhéantar ach gníomhaíocht amháin ag an am. Tosaigh le rogha dhá ghníomhaíocht agus ansin trí ghníomhaíocht a thabhairt dóibh.

- **Fan i do shuí nó seas suas.**
- **Coinnigh do shúile oscailte nó dún iad.**
- **Déan feadaíl nó buail do bhosa.**
- **Scuab do chuid fiacla nó do chuid gruaige.**
- **Eitil mar éan nó snámh mar iasc.**
- **Bí i do bholb nó bí i d'fhéileacán.**
- **Bí i do Chochaillín Dearg nó i do Chinnín Óir.**
- **Séid bolgóid nó séid póg.**
- **Cas timpeall nó ná corraigh.**
- **Damhsaigh timpeall nó léim timpeall.**
- **Imir peil nó snámh.**
- **Cuir meangadh gáire nó púic ort féin.**
- **Seinn an druma nó seinn an pianó.**
- **Bí i d'fhrog nó bí i do changarú.**
- **Snámh mar nathair nó siúil mar lacha.**
- **Bí i do Mhac Tíre Gránna nó i do Bhabaí Béar.**
- **Fás suas go hard mar chrann nó déan ceirtlín síl díot féin.**
- **Bí sásta, amaideach nó crosta.**
- **Bí i do Gharda, i d'Fhear Dóiteáin nó i do Mhaor Scoile.**
- **Scuab do chuid fiacla, nigh d'aghaidh nó scuab do chuid gruaige.**
- **Bí i do Dhaidí Béar, i do Mhamaí Béar nó i do Bhabaí Béar.**
- **Claon do cheann, croith do lámh nó caoch do shúil.**
- **Tiomáin carr, téigh ag rothaíocht nó eitil eitleán.**

Gníomhaíocht Ealaíne: Deiseanna chun roghnú

Iarr ar na páistí pictiúr díobh féin a tharraingt agus iad ag caitheamh na n-éadaí is fearr leo, leis na daoine is ansa leo ag déanamh na rudaí is fearr leo a dhéanamh. Is féidir leo aon rud eile a thaitníonn go mór leo a chur sa phictiúr chomh maith: a rogha bia, clár teilifíse, ainmhí, spórt, foireann peile, cineál aimsire. D'fhéadfaí é seo a thabhairt mar obair bhaile.

Mar mhalairt, d'fhéadfadh na páistí na 'rogha rudaí' seo a roghnú as irisí. Nó d'fhéadfadh an pictiúr bheith ina mheascán. Tabhair deis do na páistí labhairt faoi na roghanna a dhéanann siad. D'fheádfaí an toradh deireanach a thaispeáint ar an mballa nó i bhfoirm leabhair.

jun 9 irish:jun 9 irish 14/07/2009 08:20 Page 93

Páirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Féadfaidh na páistí insint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí faoi Chochaillín Dearg agus Na Trí Bhéar.

Féadfaidh siad insint dóibh faoin turas siopadóireachta.

Féadfaidh na páistí múineadh dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí faoin gcluiche 'roghanna' agus an cluiche a imirt sa bhaile.

Is féidir an taispeántas nó leabhar des na rudaí is fearr leis na páistí a thaispeáint do thuismitheoirí/chaomhnóirí a thagann ar cuairt chuig an seomra ranga.

D'fhéadfadh na páistí an Leathanach seo a leanas Naisc idir Baile is Scoil a thabhairt abhaile leo.

jun 9 irish:jun 9 irish 14/07/2009 08:20 Page 94

Naisc idir Baile is Scoil Naíonáin Shóisearacha 9 Ag déanamh roghanna

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná cabhrú le páistí a fhios a bheith acu go ndéanann siad roghanna gach lá dá saol. Uaireanta, déanann daoine fásta iarracht fadhbanna páistí a fhuascailt/réiteach dóibh gan na páistí a áireamh sa phróiseas. Tugann sé sin an tuairim don pháiste gur féidir le duine éigin í a "réiteach" dóibh agus nach gá dóibh féin aon fhreagracht a ghlacadh orthu féin chun fadhbanna a fhuascailt. Sa cheacht seo tugtar deiseanna do pháistí suímh a mheas agus roghanna a dhéanamh bunaithe ar an eolas a bhíonn ar fáil. I gcuid acu déanann na páistí cinní dóibh féin agus i gcuid eile déantar cinní mar chuid de ghrúpa.

Seo a leanas roinnt moltaí le haghaidh **Gníomhaíochtaí Baile** a d'fhéadfadh **Tuismitheoirí/ Caomhnóirí** a dhéanamh lena **bpáistí** ar an téama **Ag déanamh roghanna:**

Ligigí oraibh gur Am Cinntí é –

Teastaíonn ó do chara go n-imreoidh sibh Lego le chéile. Teastaíonn uaitse peil a imirt. Cad a bheartaíonn sibh a dhéanamh?

Tá sé in am luí. Teastaíonn uait féachaint ar an teilifís. Cad a dhéanann tú?

Tá milseáin agat. Tá sé in am dinnéir. Cad a dhéanann tú?

nó

Cé acu is fearr leat?

Féachaint ar an teilifís nó peil a imirt le do chara? Cén fáth?

Cuairt a thabhairt ar do chol ceathracha nó dul ag siopadóireacht? Cén fáth?

Milseáin a ithe nó do dhinnéar a ithe? Cén fáth?

nó

Iarr ar do pháiste pictiúr a tharraingt, ar chúl an leathanaigh seo, ag taispeáint bailiúchán bréagán/bianna, agus ciorcal a chur timpeall ar a rogha ábhair, faoin teideal

Bréagáin a roghnaím le súgradh leo

nó

Bia a roghnaím le hithe

jun index irish:jun index irish 14/07/2009 08:19 Page 95

Innéacs

Naíonáin Shóisearacha:Imeascadh Curaclaim

Ábhar	Téama OCG	Lch
Béarla		
Forbairt Teanga		
MÉ	Seo Mise	19
Cairde	Is cairde sinn	38
Ag Ceiliúradh ag Baile	Seo iad mo theaghlach	45
Daoine a mhúineann sábháilteacht dúinn	Daoine a mhúineann sábháilteacht dúinn	53
An chaoi a mbraitheann tú	Tá mothúcháin againn	63
Siúlóidí Dúlra	Beatha Nua	70
Babaithe Nua	Beatha Nua	71
An chaoi a bhfásann tú	Fásaim	81
Roghanna a dhéanann tú	Ag déanamh roghanna	91
Scéal		
Conchúr ar Scoil	Seo Mise	17
Cara Nua Chonchúir	Cé Tusa?	25
Jimmy agus Jenny *le Clare Maloney*	Is cairde sinn	35
Cochaillín Dearg agus Na Trí Bhéar	Ag déanamh roghanna	87
Dánta agus Rímeanna *le Clare Maloney*		
Mé! Mé! Mé!	Seo Mise	19
Is eol dom cé tusa	Seo Mise	19
Is maith linn a chéile	Is cairde sinn	37
Is miste liom	Is cairde sinn	37
Babaí *le Paul Rogers*	Beatha Nua	71
Aistriúchán ar **'Baby'** ó		
Another Very First Poetry Book *Oxford University Press 1992*		
Eolas Imshaoil		
Cuairt		
Duine a mhúineann sábháilteacht dúinn	Daoine a mhúineann sábháilteacht dúinn	53
Siúlóid Dúlra		
Comharthaí Beatha Nua san Earrach	Beatha Nua	69
Ionad Spéise		
Seo Mise! Táim speisialta	Seo Mise	20
Tá do Chairde speisialta chomh maith	Cé Tusa?	29
Ceiliúrann teaghlaigh	Seo iad mo theaghlach	48
Ag Fás	Fásaim	80

jun index irish:jun index irish 14/07/2009 08:19 Page 96

Ábhar	Téama OCG	Lch
Ceol		
Ag Éisteacht le Ceol		
An chaoi a mbraithim leis an gceol	Tá mothúcháin againn	62
Drámaíocht		
Mím		
Cad tá á dhéanamh agam?	Seo iad mo theaghlach	46
Beatha Nua san Earrach	Beatha Nua	73
An-chuid roghanna	Ag déanamh roghanna	90
Am Ciúin		
Is maith liom mé féin	Seo Mise	21
An Scáthán Draíochta	Cé Tusa?	29
Tá cairde speisialta	Is cairde sinn	40
Ina chroílár	Tá mothúcháin againn	65
Iontas Beatha Nua	Beatha Nua	74
Fás Inmheánach	Fásaim	82
Am Súgartha		
Mise agus Tusa	Cé Tusa?	27
Faigh Cara	Is cairde sinn	39
Tomhais cé atá ann	Daoine a mhúineann sábháilteacht dúinn	54
Taispeáin dúinn conas a mhothaíonn tú	Tá mothúcháin againn	64
Ag Fás Rudaí	Fásaim	80
Roghanna le déanamh	Ag déanamh roghanna	92
Ealaín		
Maisc Aghaidhe	Seo Mise	20
Aghaidh-Phéinteáil	Seo Mise	20
Mise agus Tusa, Tusa agus Mise	Cé Tusa?	29
Lámha Cairdis	Is cairde sinn	39
Ag Déanamh Pictiúr - Ceiliúradh	Seo iad mo theaghlach	45
Ag Déanamh Cártaí Buíochais	Seo iad mo theaghlach	45
Féilire - Bronntanas Buíochais	Seo iad mo theaghlach	48
Slabhra Cúntóirí	Daoine a mhúineann sábháilteacht dúinn	56
Mothúcháin Dhathannacha	Tá mothúcháin againn	64
Féach ag Fás é	Fásaim	82
Deiseanna chun roghnú	Ag déanamh roghanna	92

jun index irish:jun index irish 14/07/2009 08:19 Page 97

Naíonáin Shinsearacha

jun index irish:jun index irish 14/07/2009 08:19 Page 98

Clár Ábhair

Naíonáin Shinsearacha

Uimhir	Téama	Lch
1	Féach cad is féidir liomsa a dhéanamh	99
2	Seo iad mo chairde	107
3	Seo iad mo theaghlach	115
4	Is féidir liom bheith sábháilte	123
5	Tá mothúcháin ag daoine eile chomh maith	129
6	Ag tabhairt aire do bheatha nua	137
7	Mo chorp	147
8	Fásaim agus Athraím	157
9	Ag déanamh cinntí	169

Oiriúnú agus Eagrúchán Ábhar OCG

Is le haghaidh chuspóirí cuir i láthair amháin atá leagan amach na nÁbhar OCG seo don Seomra Ranga agus níl sé i gceist go réamhshocróidís seicheamh/córas múinte an Chláir OCG sa scoil.

Tá na hábhair leagtha amach go seicheamhach agus de réir aoise. Ní saintreoracha iad, áfach, ach soláthraíonn siad clár roghanna le haghaidh ceachtanna ranga ónar féidir le múinteoirí roghnú de réir Pholasaí OCG a scoile féin. Féadfaidh scoileanna ábhair OCG a roghnú ó fhoinsí eile, mar mhalairt, nó chun na hábhair seo a fhorlíonadh agus a chomhlánú.

Ní fhéadfaí na hábhair ar fad a chlúdach ach tugtar roghanna le haghaidh gach téama OCG, le dóthain ábhair ag gach rogha le haghaidh ceachta. B'fhéidir go mbeadh sé indéanta cuid de na roghanna a imeascadh le réimsí ábhar eile. Tugtar rogha gníomhaíochtaí le cur san áireamh sa cheacht chomh maith. Níor chóir go mbeadh bac ar rannpháirtithe sa chlár gníomhaíochtaí a roghnú de réir mar a oireann siad dá scoil féin.

sen 1 irish:sen 1 irish 14/07/2009 08:22 Page 99

1 Féach cad is féidir liomsa a dhéanamh

sen 1 irish:sen 1 irish 14/07/2009 08:22 Page 100

Téama 1

Féach cad is féidir liomsa a dhéanamh

Aidhm: Chun cabhrú le páistí a fháil amach faoina láidreachtaí pearsanta chun go mbeidh siad cinnte iontu féin.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Am Scéalta:	Cad is féidir le Sinéad a dhéanamh Moltaí le haghaidh Scéalta Eile
Labhraimís:	Faoin Scéal

Rogha 2

Am Súgartha:	Dúshlán – an féidir leat "Is éard a deir Síomón" a imirt?
Labhraimís:	Faoi cad is féidir leatsa a dhéanamh

Gníomhaíochtaí a Leanann

Am Amhránaíochta:	Dúshlán eile - an féidir leat é seo a dhéanamh?
Gníomhaíocht Ealaíne:	Leabhar Pictiúr de rudaí is féidir liom a dhéanamh

Nóta ar Fhéinmheas

Is éard atá i bhféinmheas an meas a bhíonn agat ort féin. Is fearr an seans a bhíonn ag páistí le hardmheas orthu féin caidreamh tuisceanach a fhorbairt agus is lú an seans a bhíonn ann go mbainfidh daoine úsáid astu. Ba éifeachtaí a chuirfí clár atá ceaptha chun féinmheas daltaí a fhorbairt i bhfeidhm i gcomhthéacs chur chuige na scoile ina hiomláine. Féadfaidh timpeallacht dhearfach seomra ranga fás san ardmheas a chothú.

Éilíonn páistí le lagmheas an iomarca orthu féin agus b'fhéidir nach bhfuil siad in ann iad féin a mheas i gceart. Méadaíonn an dá thréith seo an seans nach n-éireoidh leo. Treisítear lagmheas an pháiste air/uirthi féin leis an mothú neamhfhiúntais a ghabhann leis an teip. Má thugtar am ar leith i dtús seachtaine, lae nó ceachta chun insint do pháistí cad é a mbeifear ag súil uathu, gheofar amach gur fiú go mór é agus go mbíonn dea-thoradh ar an am a chaitear. Cuirtear deireadh leis an éiginnteacht trí spriocanna a mhíniú go beacht. Cuireann an tsiúráil seo an dalta ar a s(h)uaimhneas. Le hathbhreithniú gairid rialta forbraítear sna páistí an cumas dul chun cinn a mheas go réadúil. De réir mar a dhéantar straitéisí dá leithéid arís is arís eile, iompaíonn siad ina gcuid nádúrtha den lá scoile. Is féidir tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh chun tacaíocht a thabhairt do na gníomhaíochtaí féinfheabhsaithe, agus treisiú na ngníomhaíochtaí sin, sa seomra ranga a chinntiú.

sen 1 irish:sen 1 irish 14/07/2009 08:22 Page 101

Rogha 1

Am Scéalta:	Cad is féidir le Sinéad a dhéanamh Moltaí le haghaidh Scéalta Eile
Labhraimís:	Faoin Scéal

Am Scéalta: Cad is féidir le Sinéad a dhéanamh

DROCHLÁ a bhí ann do Shinéad. Ní raibh aon rud le déanamh aici agus ní raibh aon duine le súgradh léi. Bhí Daidí sa chistin ag déanamh na hiarnála. 'An féidir liom cabhrú leat leis an iarnáil?' a d'fhiafraigh Sinéad. Ghair Daidí. 'Fan go fóill!' a dúirt sé. 'Beidh ort feitheamh go dtí go mbeidh tú níos airde agus níos láidre. Tá an t-iarann te agus trom agus b'fhéidir go dtitfeadh sé ó do lámh nó go ndófá tú féin leis. Beidh ort feitheamh go dtí go mbeidh tú níos sine. Ansin beidh tú ábalta an méid iarnála is mian leat a dhéanamh! Ba dheas cúnamh a fháil.'

Bhí cruinniú club á thionól ag Bríd, deirfiúr mór Shinéad, lasmuigh lena cairde. 'An Triúr Trioblóideach' a thugtaí ar an gclub. 'An féidir liomsa bheith i do chlub chomh maith?' a d'fhiafraigh Sinéad. 'Ní féidir,' arsa Bríd, 'is maith linn bheith ar an Triúr Trioblóideach. Dá mbeifeása inár ngrúpa bheadh orainn ár n-ainm a athrú go dtí an Ceathrar Cineálta agus ní bheadh aon spórt ansin.' 'Le do thoil,' a dúirt Sinéad. 'Á, seo linn, tabhair seans di,' arsa duine den bheirt eile. 'Bhuel,' a dúirt Bríd, 'lig dom smaoineamh. Is féidir leatsa bheith inár ngrúpa más féidir leat … feadaíl. An féidir leat feadaíl?' 'Ní féidir go fóill,' a dúirt Sinéad go brónach. 'Sin é, mar sin!' arsa Bríd. 'Anois, gread leat agus ar aghaidh linn lenár gcruinniú.'

Bhí deartháir mór Shinéad, Tomás, ag imirt peile lena chairde. 'An féidir liomsa imirt chomh maith?' a d'fhiafraigh Sinéad. 'Is féidir gan dabht!' a dúirt Tomás. Thug Tomás an liathróid do Shinéad. Thug Sinéad cic don liathróid i dtreo an chúil agus rith sí ina diaidh. Fuair sí an liathróid roimh na himreoirí eile agus chiceáil sí arís í. 'Ana-chic!' a dúirt Tomás. Rith Sinéad níos tapúla fós. Tháinig sí suas leis an liathróid arís ach thuisligh sí agus thit agus bhuail a ceann i gcoinne na talún. 'Mí-ádh!' a dúirt Tomás.

Tháinig Daidí amach nuair a chuala sé Sinéad ag caoineadh. 'Coinnigh an misneach!' a dúirt sé, agus thug sé barróg mhór di. 'Cén fáth nach nglaonn tú ar Chonchúr? Táim cinnte go mbeadh rud éigin ann a d'fhéadfá a dhéanamh leis sin.' Bhí ÁTHAS ar Chonchúr í a fheiceáil. 'Táim ag déanamh prochóige faoin mbord,' a dúirt sé, 'ach titeann na ballaí anuas i gcónaí. An mbeidh tusa ábalta é sin a réiteach?' 'Is dóigh liom go mbeidh,' a dúirt Sinéad. Bhí prochóg bhreá theolaí déanta ag Conchúr faoi bhord na cistine. Bhí braillín mhór caite thar an mbord agus gan dabht thiteadh sí anuas i gcónaí. Thaispeáin Sinéad do Chonchúr an chaoi le cúisíní a chur ar bharr na braillín ionas nach dtitfeadh sí.

'Iontach,' a dúirt Conchúr. 'Cad a dhéanfaimid anois?' 'Beidh cruinniú club againn mar a bhíonn ag na páistí móra. Tabharfaimid 'an Bheirt Mheabhrach!' orainn féin,' a dúirt Sinéad. 'An-smaoineamh go deo é sin!' a d'fhreagair Conchúr.

Moltaí le haghaidh Scéalta Eile

Edward's First Day at School
Edward's First Swimming Party
Edward's First Night Away
Gach scéal faoi Éadbhard le Rosemary Wells agus foilsithe ag Children's Poolbeg

Míníonn gach ceann de na scéalta seo an chaoi nach bhfuil gach duine réidh do na rudaí céanna a dhéanamh ag an aois chéanna agus is údar misnigh do pháistí óga iad. B'fhéidir go mbeadh eolas ag an múinteoir ar leabhair, nó b'fhéidir go mbeadh leabhair sa seomra ranga nó i leabharlann na

sen 1 irish:sen 1 irish 14/07/2009 08:22 Page 102

scoile aige/aici, ar théama comhchosúil.

Labhraimís: Faoin Scéal

I ndiaidh an scéal faoi Chonchúr agus Sinéad a léamh, b'fhéidir go dtosófá an ceacht seo le labhairt faoin scéal ag baint úsáide as cuid de na ceisteanna seo thíos:

- **An cuimhin libh cén fáth gur drochlá a bhí ann do Shinéad?**
- **Cé leis ar labhair sí i dtosach? Cad a bhí á dhéanamh ag Daidí? Cén fáth nach raibh sí ábalta cabhrú le Daidí? Cathain a bheidh sí ábalta an iarnáil a dhéanamh? An raibh Daidí deas léi?**
- **An raibh Sinéad ábalta dul isteach i ngrúpa Bhríd? Cén fáth? Arbh é sin an fáth dáiríre? Cén uair a bheidh Sinéad ábalta feadaíl? An raibh Bríd deas léi?**
- **Ar fhiafraigh tú d'éinne riamh an bhféadfá súgradh nó imirt leo? An ndúirt éinne riamh leat NACH bhféadfá? Cén chaoi ar mhothaigh tú faoi sin? An bhfiafraíonn páistí eile díotsa an féidir leo súgradh leat? Cad deir tú? An ndeir tú NACH féidir choíche? Cén fáth? An bhfuil sé sin deas?**
- **An raibh Tomás, deartháir Shinéad a bhí ag imirt peile, deas le Sinéad? An raibh Sinéad go maith ag imirt peile? Cén fáth gur stop sí ag imirt?**
- **Cén duine ar thug sí cuairt air ansin? Cad a bhí á dhéanamh aige? An ndearna tusa prochóg faoi bhord riamh nó in aon áit eile? Cén chabhair a bhí ag teastáil ó Chonchúr? An raibh Sinéad ábalta cabhrú? Cén chaoi ar chabhraigh sí? Cad a rinne siad ar deireadh?**

sen 1 irish:sen 1 irish 14/07/2009 08:22 Page 103

Rogha 2

Am Súgartha:	Dúshlán – an féidir leat "Is éard a deir Síomón" a imirt?
Labhraimís:	Faoi cad is féidir leatsa a dhéanamh

Am Súgartha: Dúshlán – an féidir leat "Deireann Síomón" a imirt?

Is éard is gá a dhéanamh sa dúshlán seo ná éisteacht, treoracha a leanúint agus machnamh a dheánamh.

Chun tosú, is féidir leis an múinteoir bheith mar Shíomón. Glaonn an múinteoir na treoracha amach don rang mar seo a leanas: 'Deireann Síomón: téigh ag rothaíocht!' 'Deireann Síomón: tarraing pictiúr!' 'Deireann Síomón: beir ar liathróid!'

Fad a leanann na treoracha na focail 'Deireann Síomón' leanann na páistí na treoracha. Ach má thugann an múinteoir treoracha, e.g. 'buail liathróid' nó 'bácáil cáca', gan Síomón a lua ní leanann na páistí iad. Má leanann aon pháiste iad tá sé/sí amuigh.

De réir mar a théann na páistí i dtaithí ar an gcluiche, déanann siad sealaíocht ar bheith mar Shíomón nó féadfaidh siad a n-ainmneacha féin a úsáid. Chuirfeadh sé sin le féinmheas na bpáistí sin a n-úsáidtear a n-ainmneacha agus bheadh leibhéal machnaimh níos airde ag teastáil ó na rannpháirtithe.

Labhraimís: Faoi cad is féidir leatsa a dhéanamh

B'fhéidir go bhfeicfeadh an múinteoir go bhfuil leibhéil éagsúla féinmheasa ag na páistí. B'fhéidir go mbeadh cabhair ó chuid de na páistí chun a rá cad iad na buanna atá acu. Nuair atá scileanna teanga teoranta, tabhair abairt le críochnú do na páistí.

Is cara maith mé nuair ...
Cabhraím ag baile trí ...
Ag baile déanaim ... go maith

- **Cathain a bhraitheann tú speisialta? Cad iad na rudaí a dhéanann tú go maith ar scoil? Cad iad na rudaí gur maith leat a dhéanamh? Cad iad na cluichí a bhfuil tú go maith acu?**
- **An bhfuil roinnt rudaí ann nach féidir leat a dhéanamh anois ach gur mhaith leat a fhoghlaim conas a dhéanann tú iad? Cad iad na rudaí sin? Cén chaoi a bhfoghlaimeoidh tú conas na rudaí sin a dhéanamh? Cé a chabhródh leat?**
- **Cad iad na rudaí fút a thaitníonn le daoine eile, dar leat?**
- **Cad iad na rudaí fút a thaitníonn leat féin? Inis dúinn cuid de na rudaí fút féin a bhfuil tú bródúil astu.**

sen 1 irish:sen 1 irish 14/07/2009 08:22 Page 104

Gníomhaíochtaí a Leanann

Am Amhránaíochta:	Dúshlán eile – an féidir leat é seo a dhéanamh?
Gníomhaíocht Ealaíne:	Leabhar Pictiúr de na rudaí gur féidir liom a dhéanamh

Am Amhránaíochta: Dúshlán eile – an féidir leatsa é seo a dhéanamh?

Is éard is gá a dhéanamh sa dúshlán seo ná éisteacht, treoracha a leanúint agus machnamh a dheánamh.

Roghnaigh amhrán atá ar eolas ag na páistí m.sh. Ceann is Guaillí, Glúine is Cosa.
Ar dtús abair é leis na gníomhaíochtaí:

Ceann, Guaillí, Glúine, Cosa, Glúine, Cosa
Ceann, Guaillí, Glúine, Cosa, Glúine, Cosa
Súile, cluasa, béal agus srón
Ceann, Guaillí, Glúine, Cosa,
Glúine, Cosa

Ansin, fágann na páistí an focal 'ceann' ar lár. Déanann siad crónán in áit an focal a rá agus díríonn siad méar ar a gcinn.

Mmm *(díríonn ar a gcinn)* **... guaillí, glúine, cosa ... srl.**
An chéad uair eile a deirtear an t-amhrán fágtar na focail 'ceann' agus 'guaillí' ar lár, ní dhéanann na páistí ach crónán in áit na bhfocal a rá agus an ghníomhaíocht á déanamh.

I véarsaí a leanann, ceann ar cheann fágtar na codanna eile den chorp ar lár.
Ar deireadh, déanann na páistí an t-amhrán ar fad a chrónán *(taobh amuigh den fhocal 'agus')* agus díríonn méar ar na codanna éagsúla den chorp de réir mar a oireann.

Gníomhaíocht Ealaíne: Leabhar Pictiúr de na rudaí gur féidir liomsa a dhéanamh

Le leabhair phictiúr faoi na rudaí is féidir leis na páistí a dhéanamh, déanta ag na páistí ina n-aonar nó ag an rang ar fad, láidreofar mothú gnóthachtála agus féinmheasa na bpáistí.

I gcás "Leabhar Ranga" tabhair leathanach do gach páiste. Cuirtear ainm an pháiste ag barr an leathanaigh agus scríobhtar na focail 'Is féidir liom ...' Iarr orthu pictiúir a tharraingt ar an leathanach de na rudaí gur féidir leo a dhéanamh. Cuir na leathanaigh ar fad le chéile idir dhá chlúdach. Priontáil na focail: 'Féach cad is féidir linne a dhéanamh!' ar an gclúdach agus taispeáin an leabhar sa seomra ranga nó i leabharlann an ranga.

sen 1 irish:sen 1 irish 14/07/2009 08:22 Page 105

Páirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Má tá a leabhair speisialta féin déanta ag na páistí faoi na na rudaí gur féidir leo a dhéanamh, ba chóir iad a spreagadh iad a thabhairt abhaile chun iad a thaispeáint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

Más Leabhar Ranga atá pleanáilte, d'fhéadfadh na páistí a leathanaigh a thabhairt abhaile, a thaispeáint agus a thabhairt ar ais sula gceanglófaí an leabhar. D'fhéadfaí iarraidh ar na tuismitheoirí/caomhnóirí teacht isteach chun cabhrú sa ghníomhaíocht seo. Sula dtabharfaí faoin leabhar seo d'fhéadfadh na páistí fiafraí sa bhaile cad iad na rudaí go n-éiríonn leo a dhéanamh go maith, dar lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

Iarr ar na páistí dúshlán a thabhairt dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí 'Deireann Síomón!' a imirt nó 'Ceann is Guaillí' a rá.

Meán Fómhair

Ullmhúchán le haghaidh Cheacht 8: Fásaim agus Athraím

Am Mata: Ag tomhas Fáis

Is é an ceacht seo an chéad cheann i gceacht trí chuid. *(Féach téama 3 agus téama 8.)*

Tomhaistear **airde, fad lámh** agus **tomhas bróg** gach páiste

a) ag tús na scoilbhliana

b) ag tús Eanáir, agus

c) ag deireadh téarma an tsamhraidh

Is féidir leis na páistí cabhrú le chéile iad féin a thomhas, faoi stiúradh an mhúinteora. Le tuiscint an mhúinteora déanfar deimhin de nach ndírítear an iomarca airde ar rátaí fáis thar meán i measc na bpáiste.

Is féidir **airde** a thomhas ag baint úsáide as cairt balla agus í a mharcáil i ndath le hainm an pháiste scríofa láimh leis an marc. Is féidir dath difriúil a úsáid le haghaidh gach tomhais.

Is féidir an **fad lámh** agus an **tomhas bróg** a thaifeadadh, a leathanach féin ag gach páiste, trí líne a tharraingt timpeall ar lámha agus cosa an pháiste, ag baint úsáide as dath difriúil gach uair.

D'fhéadfaí na leathanaigh sin a chur le chéile i bhfoirm leabhair. I dtreo dheireadh na bliana, d'fhéadfaí an tomhas deiridh a ghearradh amach agus a chur ar taispeáint. Feicfidh na páistí an chaoi a bhfuil siad i ndiaidh fáis agus feicfidh siad an chaoi a mbíonn rátaí fáis éagsúil. Bheadh sé cabhrach dá bhfaighfí cúnamh ó thuismitheoirí/chaomhnóirí sa ghníomhaíocht seo.

sen 1 irish:sen 1 irish 14/07/2009 08:22 Page 106

Naisc idir Baile is Scoil **Naíonáin Shinsearacha 1** **Féach cad is féidir liomsa a dhéanamh**

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná cabhrú le páistí a fháil amach cad iad a láidreachtaí pearsanta ionas go mbeidh siad cinnte iontu féin. Tá sé seo mar chuid de chothú fhéinmheas na bpáistí.

Tugtar cúnamh do pháistí a n-eolas, scileanna agus tallanna san obair agus sa súgradh, ag baile agus ar scoil, a aithint. Le moladh agus spreagadh ó thuismitheoirí/chaomhnóirí agus múinteoirí tugtar féiníomhá dhearfach dóibh agus cothaítear muinín astu féin iontu. Cuireann an mhuinín inmheánach seo le mothú folláine na bpáistí agus cabhraíonn sí leo caidreamh sláintiúil a chothú ina saol.

Seo a leanas roinnt moltaí le haghaidh **Gníomhaíochtaí Baile** a d'fhéadfadh **Tuismitheoirí/ Caomhnóirí** a dhéanamh lena **bpáistí** ar an téama **Féach cad is féidir liomsa a dhéanamh:**

Labhraimís faoi:

Cad iad na rudaí fút féin a mbraitheann tú go bhfuil siad speisialta?

Cad iad na rudaí a dhéanann tú go maith ar scoil?

Cad iad na rudaí gur maith leat a dhéanamh?

nó

Tarraingímís pictiúr, faoin teideal Féach cad is féidir liomsa a dhéanamh:

Gearr pictiúir amach as nuachtáin agus irisí, pictiúir de dhaoine ag déanamh rudaí ar féidir leatsa iad a dhéanamh agus greamaigh ar leathanach iad.

nó

Tarraing pictiúr, ar chúl an leathanaigh seo, díot féin ag déanamh ruda éigin ar maith leat bheith á dhéanamh, faoin teideal Féach cad is féidir liomsa a dhéanamh.

sen 2 irish:sen 2 irish 14/07/2009 08:22 Page 107

2 Seo iad mo chairde



sen 2 irish:sen 2 irish 14/07/2009 08:22 Page 108

Téama 2

Seo iad mo chairde.

Aidhm: Chun cabhrú le páistí tuiscint a fháil ar luach cairdis ina saol agus conas an cairdeas sin a fhorbairt.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Am Scéalta:	Cara do Chonchúr Moladh le haghaidh Scéil Eile
Labhraimís:	Faoin Scéal

Rogha 2

Am Gníomhaíochta:	Cad is cara ann?
Labhraimís:	Faoi chairde

Gníomhaíochtaí a Leanann

Gníomhaíocht Ealaíne:	Meas ar Chairdeas
Am Ciúin:	Ag léiriú cairdis

Nóta ar Chairdeas

Glacann cairde ról tábhachtach i saol páiste. De réir mar a idirghníomhaíonn páistí le cairde agus a roinneann siad a dtaithí le chéile, leathnaíonn a dtuiscint ar an domhan thar an tuiscint atá acu bunaithe ar a dtaithí féin. Tríd an aiseolas a fhaigheann siad ó dhaoine eile, tosaíonn páistí ag féachaint orthu féin mar a fhéachann daoine eile orthu. Agus deiseanna á soláthar do pháistí chun cabhrú leo nádúr an chairdis a thuiscint cabhraítear leo dáimh a bheith acu le daoine eile agus leagtar an bonn don tuiscint ar nádúr an phiarghrúpa de réir mar a théann siad in aois.

sen 2 irish:sen 2 irish 14/07/2009 08:22 Page 109

Rogha 1

Am Scéalta:	Cara do Chonchúr Moladh le haghaidh Scéil Eile
Labhraimís:	Faoin Scéal

Is coincheap úsáideach é coincheap cairde samhlaithe. De bharr na dinimice sóisialta laistigh de rang beidh gnaoi níos mó ar roinnt páistí thar pháistí eile. Is féidir le roghnú cairde ón rang bheith dochrach agus fritorthúil dóibh sin a ainmníonn cara nach roghnaíonn iad ina dhiaidh sin nó dóibh sin nach roghnaítear in aon chor. Gan dabht tá a dteorannacha ag cairde samhlaithe chomh maith agus labhartar faoi sin sa cheacht.

Am Scéalta: Cara do Chonchúr

An cuimhin libh an scéal a d'inis mé daoibh faoi Chonchúr agus Sinéad? Is cairde maithe iad. Ach bhí tráth ann sula raibh siad ina gcairde, tráth nuair nach raibh aithne acu ar a chéile. Inniu, táim chun insint daoibh faoin gcaoi ar bhuail siad le chéile agus faoin gcaoi ar éirigh siad cairdiúil.

Sular thosaigh Conchúr ar scoil agus sular bhuail sé le Sinéad ní raibh aige ach aon chara amháin. Éadbhard an t-ainm a bhí ar an gcara sin. Ba chairde iad ó bhí Conchúr ina bhabaí. Ba ghnách le Conchúr agus Éadbhard dul i ngach áit le chéile. D'imríodh Conchúr le hÉadbhard an t-am ar fad. Ar bhealaí ba chara maith é Éadbhard. Bhí am aige i gcónaí nuair a theastaigh ó Chonchúr imirt. Ní théadh sé ag argóint leis riamh. Roghnaíodh Conchúr na cluichí a theastaigh uaidh a imirt agus bhí Éadbhard sásta leo i gcónaí.

Cheapfá go mbeadh Mamaí agus Daidí Chonchúir sásta go raibh cara chomh maith sin ag Conchúr. Ach mar a tharlaíonn, bhí beagán imní orthu. Mar thús, ní bhíodh Conchúr ródheas lena chara. Dá ndéanfadh Conchúr rud éigin dána nó trioblóideach, ar nós a chuid bréagán a fhágáil ar fud na háite nó dearmad a dhéanamh a bhróga a ghlanadh agus lorga salacha cré a fhágáil ar an urlár, chuirfeadh Conchúr an milleán ar Éadbhard. Agus dá dtabharfadh Mamaí nó Daidí úll nó briosca nó uachtar reoite do Chonchúr, ní shásódh aon rud é ach go dtabharfaí úll nó briosca nó uachtar reoite d'Éadbhard chomh maith. B'fhéidir go bhfuil cuma chineálta ar Chonchúr dá bharr sin ach, mar a tharlaíonn, d'íosadh sé féin i gcónaí na bronntanais bheaga a bhí in ainm is a bheith ag dul d'Éadbhard. Bhíodh an t-uafás leithscéalta maithe aige faoi sin. Éistigí go cúramach anois, agus cloisfidh sibh i bhfad níos mó faoi chara Chonchúir, Éadbhard.

'Níor theastaigh an t-úll sin ó Éadbhard,' a deireadh Conchúr, 'mar nach bhfuil aon fhiacla aige!' Nó b'fhéidir go ndéarfadh sé: 'Dúirt Éadbhard go bhféadfainn a bhriosca a ithe mar nár theastaigh uaidh aon mhionbhruar a chur ar a fhionnadh,' nó 'Ní raibh uachtar reoite ó Éadbhard mar go raibh eagla air go n-éireodh a lapaí salach.'

Anois, tuigeann sibh nach buachaill a bhí in Éadbhard in aon chor. Cad a bhí ann, meas tú ...? Is fíor duit, teidí a bhí ann, teidí Chonchúir, Éadbhard Teidí. Bhí fionnadh donn air agus bhí súile soilseacha dubha cnaipe aige. Mar gur teidí é níorbh fhéidir leis labhairt le Conchúr ná bheith ina fhíorchara dó. Ba é sin an phríomhchúis go raibh imní ar Mhamaí agus Daidí Chonchúir. Mar sin féin, mheas Conchúr gur chara iontach é. Bhí Conchúr in ann an milleán a chur ar Éadbhard faoi rudaí nach ndearna sé agus bhaineadh sé úsáid as fiú chun bronntanais bhreise a fháil uaireanta. Agus ní raibh argóint ná comhrá mímhúinte aige leis riamh.

Mar sin, nuair a tháinig an lá go raibh ar Chonchúr dul ar scoil, thug sé Éadbhard leis. Agus níor shásaigh aon rud é go dtí go raibh a mhála scoile féin agus bosca lóin le lón ann ag Éadbhard chomh maith. Thaispeáin an múinteoir do Chonchúr cár chóir dó suí. Bhí cailín beag ina suí in aice leis. 'Dia duit, Sinéad is ainm domsa. Cad is ainm duitse?' a dúirt sí, agus rinne sí meangadh cairdiúil gáire leis, ach ní dhearna Conchúr ach barróg a thabhairt d'Éadbhard agus fanacht ina thost.

sen 2 irish:sen 2 irish 14/07/2009 08:22 Page 110

Bhí alán rudaí le déanamh an mhaidin sin ar scoil. Bhí an-spórt ag na páistí eile ag déanamh sealaíochta, ag súgradh le marla, bloic agus míreanna mearaí. Ach ní raibh aon chuid de seo furasta do Chonchúr mar go raibh greim daingean á choimeád aige ar Éadbhard. Nuair a bhí seal Chonchúir ann chun súgradh leis an ngaineamh, d'éirigh leis buicéad a líonadh go barr. Ach dhoirt sé cuid mhaith ar an urlár.

'Cad a tharla anseo?' a d'fhiafraigh an múinteoir. Éadbhard a rinne é!' a dúirt Conchúr. 'Éadbhard?' arsa an múinteoir. 'Níl aon Éadbhard sa rang seo.' 'Seo é Éadbhard!' a dúirt Conchúr, ag taispeáint a theidí di. Thosaigh na páistí eile ag gáire. 'Cabhraigh le hÉadbhard é a scuabadh suas mar sin!' a dúirt an múinteoir.

Ag am lóin, chonaic na páistí eile an lón ollmhór a bhí tugtha ag Conchúr leis. 'An íosfaidh tú é sin ar fad?' a d'fhiafraigh Sinéad. 'Is le hÉadbhard cuid de,' arsa Conchúr. Chuala na páistí eile é sin agus thosaigh siad ag gáire arís.

I ndiaidh lóin chuaigh siad go dtí an halla chun cluichí a imirt. 'Faigh páirtí agus beir ar a lámh,' a dúirt an múinteoir. D'fhan Conchúr mar a raibh sé agus rug sé greim ar Éadbhard. Fuair na páistí eile páirtithe agus thosaigh siad an cluiche. Chuaigh Conchúr chun suí síos. Chonaic sé na páistí eile ag rith timpeall ag déanamh spóirt is spraoi. Ní raibh páirtnéir ag Sinéad fós. Mar sin, chuir Conchúr Éadbhard ina sheasamh ag an mballa agus shiúil sé sall chuici. 'Dia duit!' a dúirt sé, agus chuir sise a lámh amach agus rinne meangadh gáire leis.

Anois mar sin, tá a fhios agaibh cén chaoi ar bhuail Sinéad agus Conchúr le chéile don chéad uair agus cén chaoi ar éirigh siad cairdiúil.

Moladh le haghaidh Scéil Eile

Jessica *le Kevin Henkes, foilsithe ag Puffin*
Scéal Ruth agus an chaoi ar iompaíodh a brionglóid faoi fhíorchara darb ainm Jessica ina fírinne.

B'fhéidir go mbeadh scéalta oiriúnacha eile ar eolas ag an múinteoir.

Labhraimís: Faoin Scéal

B'fhéidir go mbeadh cuid de na ceisteanna seo a leanas úsáideach chun tús a chur le plé:

- **Is scéal é seo faoi bhuachaill darb ainm Conchúr a raibh bréagchara nó cara samhlaithe aige. Cén t-ainm a bhí ar a chara?**
- **Arbh chara maith é Éadbhard? Cén fáth? Arbh chara maith é Conchúr le hÉadbhard? Cén fáth go ndeir tú é sin?**
- **An cuimhin leat gur chuala tú faoi Shinéad cheana, nuair a chabhraigh sí le Conchúr prochóg a thógáil faoi bhord? An dóigh leat gur cara maith í Sinéad? Cén fáth?**
- **Ligeann páistí orthu uaireanta go bhfuil cairde samhlaithe acu. Ar lig tusa ort go raibh cara samhlaithe agat riamh?**
- **An bhfuil aithne agat ar éinne eile a raibh cara samhlaithe aige/aici? Cad ab ainm do do chara samhlaithe? Cathain a d'imir tú le do chara samhlaithe? Cén sórt cluichí a d'imir sibh?**
- **Inis dom na rudaí maithe faoin gcara seo? An bhfuil aon rud faoi chara samhlaithe nach bhfuil go maith? Cé acu ab fhearr leat, cara samhlaithe nó fíorchara? Cén fáth?**

sen 2 irish:sen 2 irish 14/07/2009 08:22 Page 111

Rogha 2

Am Gníomhaíochta:	Cad is cara ann?
Labhraimís:	Faoi chairde

Am Gníomhaíochta: Cad is cara ann?

B'fhéidir go dtógfadh an ceacht seo roinnt laethanta d'amanta 'nuachta an lae' ionas go bhfaigheadh gach páiste deis labhairt ar an rud is gá a dhéanamh chun bheith i do chara maith agus chun a dhearbhú gur cairde maithe iad.

Labhair leis na páistí faoi na tréithe is gá bheith acu chun bheith ina gcairde maithe. D'fhéadfaí a áireamh sna tréithe sin bheith taitneamhach mar pháirtí súgartha, bheith go maith ag déanamh sealaíochta agus ag roinnt le daoine, bheith greannmhar, bheith i d'éisteoir maith, bheith go maith chun labhairt leat nó bheith maiteach. Ar bhonn na dtréithe seo ar fad, iarr ar na páistí labhairt faoi chairde atá acu a bhíonn mar sin.

Iarr orthu samplaí a thabhairt den chaoi a mbíonn a gcairde cineálta, flaithiúil, maiteach agus mar sin de. Má tá páiste sa rang nach luaitear in aon chor, cuir tús leis trí ráiteas dearfach fúthu a dhéanamh e.g.

Labhraimís faoi bheith cineálta. Caithfidh cara maith bheith dea-chroíoch. An cuimhin libh nuair a thit Siobhán sa chlós, nach raibh Daithí cineálta léi? Chabhraigh sé léi dul sall chuig an múinteoir sa chlós agus d'fhan sé léi fad a bhí na páistí eile ag súgradh.

Féadfaidh an múinteoir tréithe cara mhaith a scríobh síos. Féadfaidh na páistí iad a léiriú i bhfoirm pictiúr. D'fhéadfaí é sin a thaispeáint ar bhalla an tseomra ranga nó i bhfoirm leabhair faoin teideal **'Is cara maith mé nuair ...'**

Labhraimís: Faoi chairde

- **Is cairde iad na daoine a bhfuil cion acu ort. Inis dom faoi chuid de do chairde. Cén chaoi a bhfuil a fhios agat gur cairde leat iad? Cad iad na cineálacha rudaí a dhéanann siad chun a thaispeáint gurb iad do chairde iad?**
- **Cad iad na cineálacha rudaí is féidir leat a dhéanamh chun a thaispeáint gur cara leo thú? Is féidir leat labhairt le do chairde agus spórt a bheith agat leo. Cad iad na cineálacha rudaí a labhrann sibh fúthu? Cad iad na cineálacha cluichí a imríonn sibh? Cén spraoi eile a bhíonn agaibh?**
- **Bíonn cairde difriúil. Is féidir leo bheith ar comhaois leat, níos sine nó níos óige ná thú. Is féidir cairde a bheith agat ar cailíní agus buachaillí iad. Cén cineál cairde atá agatsa?**
- **Is mór an spórt é súgradh le cairde áirithe agus is mór an spórt é labhairt le cairde eile. Cén cineál cairde ar mór an spórt é labhairt leo? Cén fáth?**
- **Féadfaidh tú cairde a dhéanamh i do theaghlach féin. Cé hiad do chairde sa bhaile?**
- **Is féidir le peata bheith mar chara fiú. Nuair a bhíonn uaigneas ar roinnt páistí, is breá leo labhairt le peataí, iad a mhuirniú nó súgradh leo. An bhfuil peata agatsa gur féidir leis bheith mar chara leat chomh maith?**
- **Bíonn roinnt daoine sásta le beirt chairde nó triúr cairde. Is fearr le cuid eile an-chuid cairde bheith acu. Cé acu is fearr leatsa?**

sen 2 irish:sen 2 irish 14/07/2009 08:22 Page 112

Gníomhaíochtaí a Leanann

Gníomhaíocht Ealaíne:	Meas ar Chairdeas
Am Ciúin:	Ag léiriú cairdis

Gníomhaíocht Ealaíne: Meas ar Chairdeas

Spreag na páistí chun machnamh a dhéanamh ar an meas atá acu ar a gcairde trí ghníomhaíocht ealaíne. Bheadh grúpobair oiriúnach don téama seo. D'fhéadfá iarraidh ar na páistí pictiúir a bhailiú ó irisí de na rudaí a dhéanann cairde le chéile agus d'fhéadfaidís iad a chur le chéile mar chnuasach grúpa. D'fhéadfadh an páiste nó an rang leabhar a dhéanamh faoi chairde nó cairdeas ag baint úsáide as na cnuasaigh seo nó as grianghraif.

D'fhéadfadh grúpaí páistí scéal a chruthú le pictiúir, le gach grúpa ag soláthar pictiúir chun gach abairt nó cuid den scéal a léiriú. Mar shampla: Tá buachaill nua ar scoil inniu. Tá sé tar-éis slán a fhágáil ag a seanchairde. Tá uaigneas air. Tá na páistí eile dea-chroíoch. Déanann siad cairdeas leis. Deir siad: 'Dia duit!' Imríonn siad go léir cluichí le chéile. Tá sé sásta anois.

nó

Tá dearmad déanta ag Sinéad ar a lón inniu. D'fhág sí ar bhord na cistine é. Tá ocras uirthi. Tá brón uirthi. Tá lón mór ag Conchúr. Tugann sé úll agus briosca do Shinéad. Tá Sinéad sásta anois. Deir sí 'Go raibh maith agat!' le Conchúr.

Am Ciúin: Ag léiriú cairdis

Spreag na daltaí chun a mboird a chóiriú, ag cur pinn luaidhe i leataobh agus aon ní eile a d'fhéadfadh a n-aire a chur ar seachrán. Is fearr gan tosú le 'hAm Ciúin' go dtí go mbíonn na páistí ar fad socraithe síos agus a n-aire agat. Agus an múinteoir ag labhairt de ghuth ciúin treoraíonn sé/sí iad:

Ligigí bhur scíth *(sos)*

Suígí síos go compordach *(sos)*

Sínigí amach bhur gcosa ar an urlár *(sos)*

Cuirigí bhur lámha ar bhur nglúine *(sos)*

Go ciúin, go réidh, dúnaigí bhur súile *(sos)*

(I gcogar nach mór) **Éistigí ... éistigí ...**

Shh ... le do shúile dúnta i gcónaí ... inniu táimid chun smaoineamh ar chairde ...

Smaoinigh ar chara maith de do chuid ... smaoinigh ar an gcéad uair a bhuail tú leis an gcara sin ... smaoinigh ar an áit ar bhuail sibh le chéile den chéad uair ... b'fhéidir gur i naíscoil a bhí sé ... nó ar scoil ... nó ag baile ...

An cuimhin leat cad a bhí á dhéanamh ag do chara nuair a bhuail tú leis/léi den chéad uair? ... Smaoinigh ar bheith ag rá 'Dia duit' le do chara agus ar an gcaoi a ndearna sibh cairdeas ...

Smaoinigh ar an gcaoi a bhfuil an duine sin ina c(h)ara maith leat anois ... agus faoi na rudaí a dhéanann sé/sí a thaispeánann gur cara é/í ... agus faoi na rudaí a dhéanann tusa a thaispeánann gur cara leis/léi tusa ...

Oscail do shúile go mall anois agus S-Í-N tú fein!

sen 2 irish:sen 2 irish 14/07/2009 08:22 Page 113

Páirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Is féidir leis na páistí insint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí faoi chara Chonchúir. B'fhéidir go bhfiafródh na páistí dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí an raibh teidí nó bréagán speisialta acu nuair a bhí siad níos óige. An raibh cairde speisialta acu, fíorchairde nó cairde samhlaithe? Cén fáth go raibh na cairde sin speisialta?

D'fhéadfadh na páistí na pictiúir ó irisí a bhailiú sa bhaile don chnuasach rudaí a dhéanann cairde le chéile.

Is féidir an obair ealaíne a thaispeáint do thuismitheoirí/chaomhnóirí a thagann ar cuairt chuig an seomra ranga.

sen 2 irish:sen 2 irish 14/07/2009 08:22 Page 114

Naisc idir Baile is Scoil Naíonáin Shinsearacha 2 Seo iad mo chairde

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná cabhrú le páistí tuiscint ar luach cairdis ina saol a fhorbairt. De réir mar a idirghníomhaíonn páistí le cairde agus a roinneann siad a dtaithí le chéile, foghlaimíonn siad níos mó faoin domhan timpeall orthu. Ina theannta sin, cuireann siad aithne níos fearr orthu féin de réir mar a fheiceann siad iad féin mar a fheiceann daoine eile iad.

Foghlaimíonn páistí faoin gcairdeas trí phlé sa bhaile agus ar scoil agus chomh maith leis sin tríd na samplaí den chairdeas a fheiceann siad ina ndomhan féin. Feiceann siad cairde ag caint, ag roinnt, ag tabhairt aire dá chéile, ag éisteacht, ag déanamh spraoi, ag maitheamh, srl.

Seo a leanas roinnt moltaí le haghaidh **Gníomhaíochtaí Baile** a d'fhéadfadh **Tuismitheoirí/ Caomhnóirí** a dhéanamh lena **bpáistí** ar an téama **Seo iad mo chairde:**

Labhraimís faoinár gcairde:

Cé hé do dhlúthchara? Cén fáth gurb é/í do dhlúthchara é/í?

An bhfuil a fhios agat cé hé/hí mo dhlúthchara? Cén fáth sin, meas tú?

nó

Déanaimis smaoineamh ar bheith mar chairde:

Cad iad na rudaí maithe a dhéanann cairde dá chéile?

Cad a tharlaíonn má bhíonn argóint/troid/'titim amach' ag cairde maithe?

nó

Cad a dhéanfá:

dá dteastódh ó dhuine éigin bheith páirteach i do chluiche le cara?

dá mbeadh duine gránna le do chara i gclós na scoile?

mura mbeadh do chara ag iarraidh súgradh leat lá éigin?

nó

Tarraing pictiúr, ar chúl an leathanaigh seo, díot féin agus do chairde faoin teideal Seo iad mo chairde.



sen 3 irish:sen 3 irish 14/07/2009 08:22 Page 115

3 Seo iad mo theaghlach



sen 3 irish:sen 3 irish 14/07/2009 08:22 Page 116

Téama 3

Seo iad mo theaghlach

Aidhm: Chun cabhrú le páistí foghlaim faoi róil na mball éagsúil de theaghlaigh agus chun an chaoi ar féidir leis na róil sin athrú a thuiscint.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Am Scéalta:	Ábhar Iontais do Chonchúr Moladh le haghaidh Scéil Eile
Labhraimís:	Faoin Scéal

Rogha 2

Forbairt Teanga:	Ag féachaint ar ghrianghraif
Labhraimís:	Faoi theaghlaigh

Gníomhaíochtaí a Leanann

Gníomhaíocht Ealaíne:	Ag déanamh míreanna mearaí
Am Súgartha:	Clanna Sona

Nóta ar Theaghlaigh

Glacann caidreamh ról tábhachtach i saol páistí. Cabhraíonn sé le páistí tuiscint níos fearr ar a saol a fhorbairt. Tríd an aiseolas a fhaigheann siad ó dhaoine eile, forbraíonn siad meas réadúil ar a gcumas agus a dteorainn féin. Nuair a thugtar gníomhaíochtaí do pháistí atá ceaptha chun iad a chur ag smaoineamh ar a gcaidreamh le daoine eile tugtar an deis dóibh a dtuiscint orthu féin agus ar an saol sóisialta ina maireann siad a fhorbairt.

Ba chóir patrúin dhifriúla teaghlach a chur san áireamh agus ceacht á ullmhú ar an teaghlach. Beidh ar an múinteoir ranga tuiscint do dhéanamh éagsúil theaghlaigh na bpáistí a thaispeáint, lena n-áirítear na páistí uchtaithe nó altrama. B'fhéidir go mbeadh gá le dul i gcomhairle le tuismitheoirí, maidir le noirm chultúir agus creideamh reiligiúnach.

sen 3 irish:sen 3 irish 14/07/2009 08:22 Page 117

Rogha 1

Am Scéalta:	Iontas do Chonchúr Moladh le haghaidh Scéil Eile
Labhraimís:	Faoin Scéal

Am Scéalta: Iontas do Chonchúr

Lá amháin tháinig Conchúr abhaile ón scoil agus chonaic sé go raibh a Dhaidí sa chistin ag ullmhú a lóin. Bhí cóta Mhamaí ar crochadh ag cúl an dorais agus bhí a mála láimhe ar an mbord. Bhain sé de a chóta agus chuir sé a mhála ar an urlár agus thug sé barróg mhór do Dhaidí.

'Nach bhfuil Mamaí imithe ag obair inniu?' arsa Conchúr. 'Tá sí thuas staighre ag ligean a scíthe. Croch do chóta agus cuir do mhála i leataobh agus suas leat chuici chun a rá go bhfuil tú sa bhaile. Tá a fhios agam go mbeidh sí sásta tú a fheiceáil.' Chuaigh Conchúr suas an staighre. 'A Chonchúir!' a ghlaoigh a Mhamaí. 'An tú atá ann? Tar aníos chugam agus inis dom do chuid nuachta ar fad.'

D'inis Conchúr a chuid nuachta ar fad dá Mhamaí faoin madra a lean go doras na scoile é agus faoin nead éin a thug Sinéad chuig an scoil, agus ansin dúirt sé: 'Cén fáth go bhfuil tú sa leaba? Níl sé in am luí fós!' 'Bhuel!' a dúirt Mamaí. 'Tá nuacht agam duit! Is gearr go mbeidh tú i do dhearthár mór. Beidh babaí agam san athbhliain agus caithfidh mé mo scíth a ligean níos mó anois.'

Cheap Conchúr gur an-nuacht go deo í sin. Thaitin sé go mór leis go raibh sé chun bheith ina dhearthár mór. Bhí a fhios aige cheana cén chaoi a raibh sé bheith ina dhearthár beag. Bhí dearthár mór darbh ainm Caoimhín ag Conchúr. Uaireanta bhíodh Caoimhín an-deas leis ach uaireanta eile ní bhíodh. 'Beidh mise i mo dhearthár mór cineálta don bhabaí nua seo an t-am ar fad,' a bheartaigh Conchúr. 'Múinfidh mé an-chuid rudaí don bhabaí seo agus beidh an-spórt againn ag imirt peile.'

Bhí an-chuid athruithe i dteach Chonchúir ina dhiaidh sin. Bhíodh Daidí an-ghnóthach ag déanamh cuid mhaith de na jabanna a dhéanadh Mamaí roimhe sin. Dhéanadh Caoimhín an folúsghlanadh. Bheartaigh Conchúr ar ról an dearthár mhóir a chleachtadh agus chabhraíodh sé leis an bhfolúsghlanadh chomh maith. Ba chuma le Caoimhín faoi sin. D'fhoghlaim Conchúr an chaoi lena leaba a chóiriú. I ndiaidh tamaill bhí sé i bhfad níos fearr ag glanadh suas ina dhiaidh. Tráthnóna amháin, chabhraigh Conchúr le Mamaí a mála taistil a phacáil don ospidéal.

Ansin, cúpla lá ina dhiaidh sin, tháinig Conchúr abhaile ón scoil agus cé a bhí roimhe ach a Mhamó ag réiteach a lóin dó. Bhí cóta agus mála láimhe a Mhamaí imithe. Bhain sé de a chóta, chroch sé go cúramach ag cúl an dorais é agus chuir a mhála scoile i leataobh. Thug sé barróg mhór do Mhamó. 'Cá bhfuil Mamaí agus Daidí?' a d'fhiafraigh Conchúr. 'Tá Mamaí ullamh chun an babaí a bhreith anois,' a dúirt Mamó. 'Tá Mamaí agus Daidí imithe chuig an ospidéal. Beidh tusa i do dhearthár mór go han-luath.'

Moladh le haghaidh Scéil Eile

A Family Tree *le Mary Beckett, foilsithe ag Poolbeg Press*
Déanann teaghlach roinnt athruithe le teacht cúpla.

sen 3 irish:sen 3 irish 14/07/2009 08:22 Page 118

Labhraimís: Faoin Scéal

I ndiaidh rogha a dhéanamh an scéal faoi Chonchúr agus Sinéad a léamh, b'fhéidir go dtosófá an ceacht seo le labhairt faoin scéal ag baint úsáide as cuid de na ceisteanna seo thíos:

- **I dtosach an scéil, cé a bhí ag déanamh lón Chonchúir? Ar chroch Conchúr a chóta? Ar chuir sé a mhála scoile i leataobh?**
- **Cén chaoi a raibh a fhios ag Conchúr nach raibh a Mhamaí imithe ag obair? Cá raibh Mamaí? Cén nuacht a bhí ag Conchúr dá Mhamaí? Cén nuacht a bhí ag a Mhamaí dó? Ar chuir nuacht Mhamaí áthas ar Chonchúr?**
- **Cad a bhí beartaithe ag Conchúr a dhéanamh don bhabaí nua? Cén fáth go raibh a Mhamaí sa leaba i lár an lae?**
- **Cad iad na hathruithe a tharla i dteach Chonchúir? Cén chaoi ar chabhraigh Caoimhín? Cén chaoi ar chabhraigh Conchúr?**
- **Cé a thug aire do Chonchúr nuair a bhí Mamaí agus Daidí imithe chuig an ospidéal? Cad a rinne Conchúr lena chóta an uair seo? Cad a rinne sé lena mhála scoile?**
- **Cén fáth go raibh Mamaí agus Daidí imithe chuig an ospidéal?**
- **Bhí Conchúr ag súil le bheith ina dheartháir mór. An dóigh leat go raibh deartháir óg nó deirfiúr óg ag teastáil ó Chonchúr? Cén fáth?**

sen 3 irish:sen 3 irish 14/07/2009 08:22 Page 119

Rogha 2

Forbairt Teanga:	Ag féachaint ar ghrianghraif
Labhraimís:	Faoi theaghlaigh

Forbairt Teanga: Ag féachaint ar ghrianghraif

Iarr ar na páistí grianghraf de lá speisialta teaghlaigh a thabhairt isteach. Faigh amach uathu cén ócáid a bhí ann agus cé eile a bhí ann. Pléigh an t-ullmhúchán leo a bhí ag teastáil chun go n-éireodh leis an lá. Fiafraigh díobh cé a rinne na hullmhúcháin éagsúla agus cén chaoi ar chabhraigh siad. Mura bhfuil grianghraf ag páistí iarr orthu cuimhneamh ar ócáid dá leithéid agus pictiúr de a tharraingt chun labhairt faoi.

Déan bailiúchán leis na páistí de phictiúir agus grianghraif dá dteaghlaigh, peataí san áireamh. D'fhéadfaí leabhair a chur ar taispeáint chomh maith. Pointe maith tosaigh a bheadh anseo chun labhairt faoi theaghlaigh.

Labhraimís: Faoi theaghlaigh

- **Cé a dhéanann do lón nuair a thagann tú isteach ón scoil? Cé a chrochann do chóta? Cé a chuireann do mhála scoile i leataobh?**
- **Cé eile a chónaíonn i do theach? Cad a dhéanann siad fad a bhíonn tú ar scoil? Cé dó a n-insíonn tú do chuid nuachta faoin scoil?**
- **An bhfuil babaí i do theach? An tú an páiste is sine sa bhaile? An rud maith é sin? Cén fáth? Cad iad na dualgais a chomhlíonann na páistí is sine sa bhaile de ghnáth?**
- **An bhfuil tú i lár an teaghlaigh? An maith leat bheith sa lár? Cén fáth? An bhfuil deartháireacha nó deirfiúracha móra, deartháireacha nó deirfiúracha beaga agat?**
- **An bhfuil sé deas gur páiste aonair thú? Cén fáth?**
- **Conas a chabhraíonn tú sa bhaile? An féidir leat smaoineamh ar bhealaí eile chun cabhrú sa bhaile?**
- **An bhfuil dualgais timpeall an tí le comhlíonadh ag daoine eile sa bhaile? Cad iad? Cé a dhéanann na dualgais sin nuair a bhíonn siad breoite nó as baile áit éigin?**
- **Nuair a d'imigh Mamaí agus Daidí chuig an ospidéal, thug Mamó aire do Chonchúr. Cé eile a thugann aire duitse? An maith leat é sin? Cén fáth?**

sen 3 irish:sen 3 irish 14/07/2009 08:22 Page 120

Gníomhaíochtaí a Leanann

Gníomhaíocht Ealaíne:	Ag déanamh míreanna mearaí
Am Súgartha:	Clanna Sona

Gníomhaíocht Ealaíne: Ag déanamh míreanna mearaí

I ndiaidh cheacht teangan ar ainmneacha na mball éagsúil de chlann i ndomhan na n-ainmhithe (e.g. poc gabhair, minseach, meannán gabhair), d'fhéadfaí bileoga cárta éatroim, fillte ina dtrí chuid, a thabhairt do na páistí. Ansin, iarrtar orthu an chlann a tharraingt, ceann i ngach cuid éagsúil. D'fhéadfaí na bileoga a ghearradh ina dtrí chuid ar nós míreanna mearaí. Is féidir iad a bhailiú arís ansin agus iad a chur ar taispeáint nó a úsáid sa chéad ghníomhaíocht eile.

Am Súgartha: Clanna Sona

Cluiche 1

Ullmhaíonn an múinteoir pictiúir agus luas-chártaí focal de bhaill éagsúla den chlann.

(A) tugtar sraith iomlán de na cártaí seo do gach páiste agus déanann sé/sí iad a mheaitseáil. D'fhéadfadh clann ainmhithe nó clann daoine a bheith sna cártaí.

nó

(B) Tugtar cárta amháin do gach páiste agus iarrtar air/uirthi teacht ar an gcuid eile den 'chlann' agus an grúpa clainne a chur le chéile.

Cluiche 2

Deir an múinteoir i gcogar le gach páiste cén chlann ainmhithe lena mbaineann sé/sí agus cén ball den chlann sin é/í. Tugtar glór cuí do gach duine le déanamh nuair a thugtar an chomhartha chun a fháil amach cén chlann í tríd an bhfuaim sin a dhéanamh. Ní cheadaítear aon chaint eile. Níl gá leis an méid céanna ullmhúcháin don mhalairt ceachta seo ach tá an cumas ann go mbeidh sé glórach.

Mínigh do na páistí má théann siad chun teacht ar a gclanna féin tríd an nglór cuí a dhéanamh go leanúnach agus go glórach. Beidh an leibhéal glóir chomh hard sin nach mbeidh siad ábalta an glór atá á lorg acu a chloisteáil. Ceacht úsáideach é seo sa chumarsáid.

sen 3 irish:sen 3 irish 14/07/2009 08:22 Page 121

Páirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Féadfaidh na páistí insint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí faoi ionadh Chonchúir.

Féadfaidh siad labhairt leo faoi na grianghraif a thugann siad isteach nó faoina bpictiúir.

B'fhéidir go gcabhródh na tuismitheoirí/caomhnóirí chun na míreanna mearaí a dhéanamh.

Eanáir

Ullmhúchán le haghaidh Cheacht 8: Fásaim agus Athraím

Am Mata: Ag tomhas Fáis

Is é an ceacht seo an dara ceann i gceacht trí chuid. *(Féach téama 1 agus téama 8.)*

Tomhaistear **airde, fad lámh** agus **tomhas bróg** gach páiste

d) ag tús na scoilbhliana

e) ag tús Eanáir, agus

f) ag deireadh téarma an tsamhraidh

Is féidir leis na páistí cabhrú le chéile iad féin a thomhas, faoi stiúradh an mhúinteora. Le tuiscint an mhúinteora déanfar deimhin de nach ndírítear an iomarca airde ar rátaí fáis thar meán i measc na bpáiste.

Is féidir **airde** a thomhas ag baint úsáide as cairt balla agus í a mharcáil i ndath le hainm an pháiste scríofa láimh leis an marc. Is féidir dath difriúil a úsáid le haghaidh gach tomhais.

Is féidir an **fad lámh** agus an **tomhas bróg** a thaifeadadh, a leathanach féin ag gach páiste, trí líne a tharraingt timpeall ar lámha agus cosa an pháiste, ag baint úsáide as dath difriúil gach uair.

D'fhéadfaí na leathanaigh sin a chur le chéile i bhfoirm leabhair. I dtreo dheireadh na bliana, d'fhéadfaí an tomhas deiridh a ghearradh amach agus a chur ar taispeáint. Feicfidh na páistí an chaoi a bhfuil siad i ndiaidh fáis agus feicfidh siad an chaoi a mbíonn rátaí fáis éagsúil. Bheadh sé cabhrach dá bhfaighfí cúnamh ó thuismitheoirí/chaomhnóirí sa ghníomhaíocht seo.

sen 3 irish:sen 3 irish 14/07/2009 08:22 Page 122

Naisc idir Baile is Scoil Naíonáin Shinsearacha 3 Seo iad mo theaghlach

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná cabhrú le páistí foghlaim faoi róil na mball éagsúil de theaghlaigh agus chun an chaoi ar féidir leis na róil sin athrú a thuiscint. Is é an teaghlach an chéad soláthróir oideachais chaidrimh i saol an pháiste. Má chabhraítear le páistí a ról féin i saol laethúil an teaghlaigh a thuiscint, agus má fhorbraítear a dtuiscint ar róil na mball eile den teaghlach, tugtar mothú dóibh go mbaineann siad leis an teaghlach, in éineacht leis an mothú aire a thabhairt dá chéile agus rudaí a roinnt le chéile.

Seo a leanas roinnt moltaí le haghaidh **Gníomhaíochtaí Baile** a d'fhéadfadh **Tuismitheoirí/ Caomhnóirí** a dhéanamh lena bpáistí ar an téama **Seo iad mo theaghlach:**

Labhraimís faoinár dteaghlach:

Cad tá speisialta faoi do theaghlach, dar leat?

Cad iad na rudaí a dhéanaimid le chéile mar theaghlach a thaitníonn leat?

Ar mhaith leat ceisteanna a chur orm faoi mo shaol sa teaghlach nuair a bhí mé níos óige?

nó

Féachaimis ar na grianghraif den teaghlach:

Pléigh cuimhneacháin ar ócáidí speisialta an teaghlaigh sna grianghraif,

Dírigh aird ar an mórtheaghlach - ainmneacha gaolta, srl.

nó

Tarraing pictiúr, ar chúl an leathanaigh seo, de gach duine i do theaghlach faoin teideal Seo iad mo theaghlach. ***(B'fhéidir go mbeadh roinnt ball den teaghlach sásta "suí" fad a tharraingítear portráid díobh.)***



sen 4 irish:sen 4 irish 14/07/2009 08:21 Page 123

4 Is féidir liom bheith sábháilte



sen 4 irish:sen 4 irish 14/07/2009 08:21 Page 124

Téama 4

Is féidir liom bheith sábháilte

Aidhm: Chun cabhrú le páistí foghlaim faoi bheith sábháilte san iliomad suíomh coitianta agus chun daoine a mhúineann straitéisí sábháilteachta dóibh a aithint.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Cuairteoir chuig an Seomra Ranga:	Duine a mhúineann sábháilteacht ar bhóithre dúinn – Maor Scoile
Labhraimís:	Faoin gCuairteoir

Rogha 2

Siúlóid:	Siúlóid Sábháilteachta
Labhraimís:	Faoi Shábháilteacht ar Bhóithre

Gníomhaíochtaí a Leanann

Am Athbhreithnithe:	Ag dul abhaile ón scoil
Gníomhaíocht Ealaíne:	Leabhar Pictiúr ar Shábháilteacht ar Bhóithre

Nóta ar Shábháilteacht Phearsanta

Beidh OCG ina chuid thábhachtach den Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), mar a bheidh chomh maith oideachas sa chosaint ar mhí-úsáid ar pháistí, oideachas in úsáid/mí-úsáid substaintí, sa chothú agus i sláinteachas, srl. Tá ábhair ar fáil do scoileanna i gcuid mhaith de na réimsí seo agus is féidir iad a úsáid chun an obair in OSPS agus OCG a chomhlánú.

Cuirtear béim ar an tsábháilteacht phearsanta do pháistí go minic ag baile agus ar scoil i gcomhthéacs na gcontúirtí a bhaineann le trácht, uisce, tinte, leictreachas, srl. Tá sé tábhachtach nach bhfaigheann na páistí teachtaireachtaí nach bhfuil ar aon fhocal sa bhaile nó ar scoil nó idir chláir ar scoil.

sen 4 irish:sen 4 irish 14/07/2009 08:21 Page 125

Rogha 1

Cuairteoir chuig an Seomra Ranga:	Duine a mhúineann sábháilteacht ar bhóithre dúinn – Maor Scoile
Labhraimís:	Faoin gCuairteoir

Cuairteoir chuig an Seomra Ranga: Duine a mhúineann sábháilteacht ar bhóithre dúinn

Tugtar cuireadh do dhuine éigin a bhíonn ag plé le sábháilteacht páistí ar bhóithre teacht ar cuairt chuig na páistí sa seomra ranga. D'fhéadfadh gur Garda, Maor Scoile, Tuismitheoir/Caomhnóir a bheadh ann.

Sholáthródh cuairteanna dá leithéid, leis an ullmhúchán cuí, deis do na páistí foghlaim faoi shábháilteacht ar bhealach suimiúil. Is próiseas tábhachtach é ullmhú le haghaidh cuairteora. Le hullmhúchán cúramach cinntítear deis mhaith foghlama. Ullmhaítear ceisteanna roimh ré agus tugtar eolas don chuairteoir roimh ré faoi shuim agus imní na bpáistí.

Dá mhéad an pháirt a ghlacann na páistí ann is ea is mó a fhoghlaimeoidh siad. Agus iad ag ullmhú don chuairteoir, éiríonn na páistí níos freagraí as a bhfoghlaim féin. Faightear na céimeanna chun ullmhú le haghaidh cuairteora faoi uimhir 7 de Mhodhanna Molta Múinteoireachta i dtús an leabhair.

Labhraimís: Faoin gCuairteoir

Braithfidh an plé seo ar an gcuairteoir agus ar na ceisteanna a chuirtear. I measc na gceisteanna a d'fhéadfaí a chur tá:

- **Cén post a bhí ag an gcuairteoir?**
- **An cuimhin leat cad dúirt an cuairteoir leat faoi shábháilteacht ar bhóithre?**
- **Cad a bhí ar eolas agat cheana faoi shábháilteacht ar bhóithre?**
- **Cad é nach raibh ar eolas agat cheana?**
- **Cad í an chomhairle is fearr a chuala tú?**
- **Cén chaoi a múineann ár gcuairteoir linn faoi bheith sábháilte?**

sen 4 irish:sen 4 irish 14/07/2009 08:21 Page 126

Rogha 2

Siúlóid:	Siúlóid Sábháilteachta
Labhraimís:	Faoi Shábháilteacht ar Bhóithre

Siúlóid: Siúlóid Sábháilteachta

Ba chóir go ndíreofaí ar shiúlóidí sábháilteachta sa seomra ranga i dtosach agus ansin i dtimpeallacht na scoile sula dtabharfaí faoi áiteanna lasmuigh den scoil. Réamhcheacht an-úsáideach atá sa cheacht seo a leanas le haghaidh siúlóidí eile dúlra lasmuigh den scoil. Chun an tairbhe is mó a bhaint as an gceacht seo ullmhaigh na páistí roimh ré. Seo a leanas roinnt moltaí:

Sa seomra ranga ceap na páistí ina 'nOifigigh Shábháilteachta' agus inis dóibh go bhfuil siad chun scileanna sábháilteachta a chleachtadh a chabhróidh leo níos déanaí nuair a bheidh siad ar an mbóthar. Tosaigh le cigireacht ar an seomra ranga. Féach le haghaidh rudaí a d'fhéadfadh bheith ina n-údar timpistí sa seomra ranga. Pléigh an chaoi gur comhfhreagracht í an tsábháilteacht sa seomra ranga agus an chaoi go gcuireann gach páiste léi. Cabhraigh leis na páistí a n-iompar féin agus cúram a ngiúirléidí a mheas chun sábháilteacht sa seomra ranga a chur chun cinn. Labhair faoin mbaol a bhíonn ann le málaí caite sna pasáistí idir na boird, cótaí ar an urlár, doirteadh, cathaoireacha bunoscionn, srl.

Ullmhaigh na páistí le haghaidh siúlóide i bhfaiche na scoile. Scrúdaigh an t-ullmhúchán pearsanta - an bhfuil na hiallacha ar fad ceangailte? an bhfuil na cótaí curtha orthu i gceart agus dúnta i gceart? má tá rud éigin á iompar an bhfuil sé inláimhsithe? Eagraigh an líne ranga, 'crogall' mar a thugtar air de ghnáth, le 'ceannairí tosaigh' agus 'ceannairí cúil'. Má tá an múinteoir chun feadóg a úsáid, chun teagmháil a dhéanamh le dhá thaobh an chrogaill, mínigh 'cód na feadóige' do na páistí (mar shampla: fead mhór fhada le haghaidh 'stadaigí' agus dhá fhead ghairide le haghaidh 'ar aghaidh linn').

Labhraimís: Faoi Shábháilteacht ar Bhóithre

- **Cad iad na cluichí gur maith leat a imirt? Cén áit gur maith leat iad a imirt? Cén fáth?**
- **An imríonn tú ar an mbóthar choíche? An smaoineamh maith é sin? Cén fáth?**
- **An bhfuil áiteanna contúirteacha sa teach le dul ag súgradh iontu? Cá bhfuil siad? Cén fáth go bhfuil na háiteanna sin contúirteach?**
- **An bhfuil aon rud sa bhaile a bheadh contúirteach súgradh leis? *(m.sh. lasáin, lastóirí, sceana, ábhar leighis, trealamh leictreach)* Cén fáth go bhfuil na rudaí sin contúirteach?**
- **An bhfuil sé sábháilte dul ag súgradh sa ghairdín? An imríonn tú sa pháirc choíche? Cad iad na rudaí maithe a bhaineann le dul ag súgradh sa pháirc?**
- **An bhfuil aon áit ar maith leat súgradh ann ach nach bhfuil cead agat? Cén fáth?**
- **An bhfuil rialacha ann faoi shúgradh i gclós na scoile? Cad iad na rialacha sin? Cén fáth go bhfuil na rialacha sin ann?**

sen 4 irish:sen 4 irish 14/07/2009 08:21 Page 127

Gníomhaíochtaí a Leanann

Am Athbhreithnithe:	Ag dul abhaile ón scoil
Gníomhaíocht Ealaíne:	Leabhar Pictiúr ar Shábháilteacht ar Bhóithre

Am Athbhreithnithe: Ag dul abhaile ón scoil

Labhair leis na páistí faoi shábháilteacht ar an mbealach abhaile ón scoil, pé acu ag siúl, ag rothaíocht nó ag taisteal ar bhus nó carr a bhíonn siad.

Gníomhaíocht Ealaíne: Leabhar Pictiúr ar Shábháilteacht ar Bhóithre

Tarraingíonn nó péinteálann na páistí pictiúir chun sábháilteacht ar bhóithre a léiriú. Cuirtear le chéile iad i bhfoirm leabhair agus cuirtear na leabhair chríochnaithe ar taispeáint nó i leabharlann an ranga.

Páirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Is féidir iarraidh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí teacht chuig caint an Chuairteora nó cabhrú leis an tSiúlóid Sábháilteachta.

Is féidir an Leabhar Pictiúr ar Shábháilteacht ar Bhóithre a thaispeáint do thuismitheoirí/chaomhnóirí a thagann ar cuairt chuig an seomra ranga.

sen 4 irish:sen 4 irish 14/07/2009 08:21 Page 128

Naisc idir Baile is Scoil Naíonáin Shinsearacha 4 Is féidir liom bheith sábháilte

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná cabhrú le páistí mothú sábháilteachta ar bhóithre a fhorbairt agus daoine a chabhraíonn leo bheith sábháilte ar an mbóthar a aithint. Is cosaint ríthábhachtach do na páistí i ngnáthimeachtaí laethúla iad na scileanna sábháilteachta a fhorbraítear iontu ag baile agus ar scoil, maidir le trácht, uisce, tinte, leitreachas, srl.

Déileáltar le scileanna sábháilteachta pearsanta, a chosnaíonn ó mhí-úsáid ghnéis, mhothúchánach agus fhisiceach iad, sa Chlár um Mí-Úsáid ar Pháistí a Chosc (CMUPC), clár dar teideal "Bí Sábháilte" atá mar chuid den Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte chomh maith.

Seo a leanas roinnt moltaí le haghaidh **Gníomhaíochtaí Baile** a d'fhéadfadh **Tuismitheoirí/ Caomhnóirí** a dhéanamh lena bpáistí ar an téama **Is féidir liom bheith sábháilte:**

Labhair faoin tsábháilteacht i gcoitinne ar an mbóthar:

Siúl/Rothaíocht/Taisteal ar bhus nó carr

Féachaint/Éisteacht/Fanacht/Déanamh de réir orduithe

nó

Pléigh am súgartha:

Na cluichí is maith le do pháiste a imirt agus an áit a n-imríonn sé/sí iad.

An imríonn tú ar an mbóthar choíche? An smaoineamh maith é sin? Cén fáth?

An bhfuil áiteanna contúirteacha sa teach anseo le dul ag súgradh iontu? Cá bhfuil siad? *(an staighre, an díon)* Cén fáth go bhfuil na háiteanna sin contúirteach?

An bhfuil aon rud ag baile anseo a bheadh contúirteach súgradh leis? *(m.sh. lasáin, lastóirí, sceana, ábhar leighis, trealamh leictreach)* Cén fáth?

nó

Tarraing pictiúr, ar chúl an leathanaigh seo, faoin teideal Sábháilteacht ar Bhóithre



sen 5 irish:sen 5 irish 14/07/2009 08:21 Page 129

5 Tá mothúcháin ag daoine eile chomh maith



sen 5 irish:sen 5 irish 14/07/2009 08:21 Page 130



sen 5 irish:sen 5 irish 14/07/2009 08:21 Page 131

Téama 5

Tá mothúcháin ag daoine eile chomh maith

Aidhm: Chun cabhrú le páistí mothúcháin a aithint agus a ainmniú agus a thuiscint go bhfuil mothúcháin ag daoine eile chomh maith.

Roghchlár Téamaí

Moltaí le haghaidh Scéalta: Faoi Mhothúcháin

Labhraimís: Faoin Scéal

Gníomhaíocht Ealaíne: Freagra Pictiúrtha

Labhraimís: Faoi Mhothúcháin

Gníomhaíocht Ealaíne: Leabhar Pictiúr ar Mhothúcháin

Am Ciúin: Ag Éisteacht le Ceol

Nóta ar Mhothúcháin

Is cuid fhíorthábhachtach de thaithí páistí iad na mothúcháin. Tá na mothúcháin a ghabhann leis an taitneamh a bhaineann siad as an saol, na hathruithe ina saol agus na hamanta struis agus scíthe, casta go maith. Chun an cumas a fhorbairt maidir leis na mothúcháin sin a léiriú ar bhealaí oiriúnacha, ní mór bheith ar an eolas fúthu, iad a aithint, a admháil agus glacadh leo agus bheith ábalta iad a léiriú agus a rialú.

Is éard atá san fheasacht mhothúcháin go n-aithníonn tú do chuid mothúchán féin chomh maith le mothúcháin daoine eile. Nuair a ghlactar leo tuigtear nádúr mhothúcháin an duine. Is éard atá i rialú mothúchán ná an cumas déileáil le mothúcháin phearsanta agus iad a rialú agus bheith ábalta iad a léiriú ar bhealaí cuí sóisialta a nglactar leo. Is mór an buntáiste é d'fhorbairt shláintiúil an pháiste é nuair a fhoghlaimíonn sé/sí faoi mhothúcháin.

sen 5 irish:sen 5 irish 14/07/2009 08:21 Page 132

Rogha 1

Moltaí le haghaidh Scéalta:	Faoi Mhothúcháin
Labhraimís:	Faoin Scéal

Moltaí le haghaidh Scéalta: Faoi Mhothúcháin

Bealach amháin chun deiseanna a thabhairt do pháistí foghlaim faoi mhothúcháin is ea trí éisteacht le scéal oiriúnach.

Moltaí le haghaidh Scéalta

The Huge Bag of Worries *le Virginia Ironside, foilsithe ag MacDonald Young Books*
Tá ábhair imní Jenny i mála mór gorm nach féidir léi fáil réidh leis, go dtí go bhfaigheann sí roinnt comhairle praiticiúla.

An tSraith Leabhar Mr. Men agus Little Miss *le Roger Hargreaves*
Sraith leabhar faoi charachtair le hainmneacha a léiríonn a bpearsantachtaí. Mar shampla: Little Miss Shy, Mr. Grumpy, Mr. Happy.

Labhraimís: Faoin Scéal

I ndiaidh scéal a léamh, cuireann an múinteoir ceisteanna cuí chun cabhrú le páistí na mothúcháin a léirítear sa scéal a aithint.

Cuirtear ceisteanna ar na páistí a chabhraíonn leo tuiscint do na carachtair sa scéal agus uaidh sin cabhraítear leo a mothúcháin féin a aithint.

sen 5 irish:sen 5 irish 14/07/2009 08:21 Page 133

Gníomhaíocht Ealaíne: Freagra Pictiúrtha

Labhraimís: Faoi Mhothúcháin

Gníomhaíocht Ealaíne: Freagra Pictiúrtha

Iarr ar na páistí pictiúir a tharraingt mar gheall ar na nithe seo a leanas:

Seo rudaí a chuireann fearg orm ...

Seo rudaí a chuireann fearg ar dhaoine eile ...

Nuair a bhíonn fearg orm bíonn cuma mar seo orm ...

Nuair a bhíonn fearg ar dhaoine eile bíonn cuma mar seo orthu ...

D'fhéadfá iarraidh orthu a bhfreagra ar chuid de na nithe seo a leanas a tharraingt:

Cad a chuireann áthas *(brón, tuirse, uaigneas, ocras, tart, eagla, iontas, náire, srl.)* ort?

Cad a chuireann an mothú seo ar dhaoine eile'

Cén chuma a bhíonn ort ansin?

Cén chuma a bhíonn ar dhaoine eile nuair a bhraitheann siad mar sin?

sen 5 irish:sen 5 irish 14/07/2009 08:21 Page 134

Faoi Mhothúcháin

B'fhéidir go mbeadh cuid de na ceisteanna seo a leanas úsáideach:

- **Cad a chuireann ag meangadh gáire thú?**
- **Cad a chuireann ag gáire thú?**
- **Cén chuma a bhíonn ort nuair a bhíonn áthas ort? Taispeáin dom.**
- **An féidir leat daoine eile a chur ag gáire nó ag meangadh gáire?**
- **Cad a chuireann fearg ort? Cén chuma a bhíonn ort nuair a bhíonn fearg ort? Taispeáin dom.**
- **Cad is féidir leat a dhéanamh chun tú a chur ar do shuaimhneas arís? Cén chaoi a mbíonn a fhios agat go bhfuil fearg ar dhuine eile?**
- **An mbíonn uaigneas ort choíche? Cad is féidir leat a dhéanamh nuair a bhíonn uaigneas ort?**
- **Ar cuireadh díomá ort riamh? Cén chaoi ar tháinig tú chugat féin arís?**
- **Cé eile a chuireann ar do shuaimhneas arís thú?**
- **Nuair a bhíonn ocras nó tart ort, cad is féidir leat a dhéanamh faoi?**
- **Cén chaoi a mbraitheann tú nuair a bhíonn tú i do chodladh agus nuair a dhúisíonn duine éigin thú? Cad a dhéanann tú? Cad deir tú?**
- **Cad a chuireann brón ort? Cén chuma a bhíonn ort nuair a bhíonn brón ort? Taispeáin dom.**
- **Cad is féidir leat a dhéanamh chun tú a chur ar do shuaimhneas arís?**
- **Cé eile a chabhraíonn leat nuair a bhíonn brón ort?**
- **Cén chaoi a mbíonn a fhios agat go bhfuil brón ar dhuine eile?**
- **Má tá brón ar dhuine éigin a bhfuil aithne agat air/uirthi, cad is féidir leat a dhéanamh chun iad a chur ar a suaimhneas?**

sen 5 irish:sen 5 irish 14/07/2009 08:21 Page 135

Gníomhaíochtaí a Leanann

Gníomhaíocht Ealaíne: Leabhar Pictiúr ar Mhothúcháin

Am Ciúin: Ag Éisteacht le Ceol

Gníomhaíocht Ealaíne: Leabhar Pictiúr ar Mhothúcháin

1. Iarr ar na páistí pictiúir ó irisí a bhailiú a léiríonn áthas, brón, eagla, uaigneas, iontas, srl. ar dhaoine. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh sa bhaile.

2. Greamaigh idir ocht gcinn agus dhá cheann déag de bhileoga páipéir líníochta ar an mbord taispeántais. Ba chóir go mbeadh aghaidh shimplí ar bharr gach bileoige, le teideal agus mothú ar leith á léiriú.

3. Féadfaidh na páistí na pictiúir a léiríonn an mothú cuí a ghreamú ar an leathanach cuí.

4. Nuair atá ganntanas pictiúr ó irisí ann nó nuair a bhíonn an iomarca pictiúr ar an spás don ghreamú, féadfaidh na páistí pictiúir a léiríonn na mothúcháin a tharraingt.

5. Cruinnigh na leathanaigh idir chlúdaigh. Scríobh an teideal i gcló trom air e.g. 'Ár Leabhar Pictiúr ar Mhothúcháin'. Mar mhalairt, d'fhéadfaí na leathanaigh a fhágáil ar taispeáint. B'fhéidir go ndéanfadh cuid de na scríbhneoirí cumasacha sa rang abairtí faoi na mothúcháin éagsúla a chumadh.

Am Ciúin: Ag Éisteacht le Ceol

Cuir píosa ceoil ar siúl a léiríonn taghad ar leith nó iliomad mothúchán e.g. blúire as 'Peter and the Wolf' *(Prokofiev)*.

Spreag na daltaí chun a mboird a chóiriú, ag cur pinn luaidhe i leataobh agus aon ní eile a d'fhéadfadh a n-aire a chur amú. Is fearr gan tosú le 'hAm Ciúin' go dtí go mbíonn na páistí ar fad socraithe síos agus a n-aire agat. Agus an múinteoir ag labhairt de ghuth ciúin treoraíonn sé/sí iad:

Ligigí bhur scíth *(sos)*

Suígí síos go compordach *(sos)*

Sínigí amach bhur gcosa ar an urlár *(sos)*

Cuirigí bhur lámha ar bhur nglúine *(sos)*

Go ciúin, go réidh, dúnaigí bhur súile *(sos)*

(I gcogar nach mór) **Éistigí ... éistigí ...**

Éist leis an bpíosa ceoil dar teideal 'Peadar agus an Mac Tíre'. *(Cuir an píosa ceoil ag seinm)*

Le do shúile dúnta fós, éist leis an gceol ... cad a chuireann an ceol i gcuimhne duit ...

Cad iad na mothúcháin sa cheol? ... cén chaoi a mothaíonn tú leis an gceol?

Oscail do shúile go mall anois agus S-Í-N tú fein!

Ina dhiaidh féadfaidh na páistí insint duit faoin gcaoi ar mhothaigh siad agus na pictiúir a tháinig chucu ina n-aigne a tharraingt.

sen 5 irish:sen 5 irish 14/07/2009 08:21 Page 136

Páirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Féadfaidh na páistí insint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí faoi na scéalta a chuala siad.

Féadfaidh na páistí a n-obair ealaíne a thaispeáint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. D'fhéadfaidís í a thabhairt abhaile nó í a chur ar taispeáint.

D'fhéadfadh na páistí na pictiúir don leabhar pictiúr ar mhothúcháin a bhailiú sa bhaile.

Is féidir leabhar an ranga a thaispeáint do thuismitheoirí/chaomhnóirí a thagann ar cuairt chuig an seomra ranga.



sen 6 irish:sen 6 irish 14/07/2009 08:26 Page 137

6 Ag tabhairt aire do bheatha nua

sen 6 irish:sen 6 irish 14/07/2009 08:26 Page 138

Téama 6

Ag tabhairt aire do bheatha nua

Aidhm: Chun cabhrú le páistí fios a fháil ar bheatha dhaonna, maidir le haire a thabhairt do bhabaí nuashaolaithe.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Am Scéalta:	Deirfiúr Nuashaolaithe Chonchúir
Labhraimís:	Faoin Scéal

Rogha 2

Cuairteoir chuig an Seomra Ranga:	Cuairt ó Thuismitheoir(í) agus Babaí
Ionad Spéise:	Babaithe
Labhraimís:	Faoi Bhabaithe Nua

Gníomhaíochtaí a Leanann

Siúlóid Dúlra:	Beatha Nua san Earrach
Scrúdaímis:	Ag Fás Plandaí ón Síol
Gníomhaíocht Ealaíne:	Pictiúr de Bheatha Nua/Forleagan Criáin

Nóta ar Bheatha Nua

Is mó cleachtadh a fhaigheann páistí ar bheatha nua - an t-earrach, fás nua sa ghairdín, peataí nua sa bhaile nó peataí nua ar an bhfeirm, teacht babaí nua (deartháir nó deirfiúr, col ceathrair nó comharsa). Is rídheas an t-iontas a spreagtar iontu leis an tarlúint is simplí de bheatha nua agus féadfaidh siad tuiscint nua a mhúscailt sna daoine fásta timpeall orthu ar bheatha nua agus ar dhomhan an dúlra.

Trí mhúineadh do pháistí conas beatha nua agus an chaoi a dtarlaíonn sí a thuiscint, spreagann an múinteoir iad gan talamh slán a dhéanamh de na míorúiltí laethúla seo agus músclaíonn iontu meas agus luach ar bheatha nua.

sen 6 irish:sen 6 irish 14/07/2009 08:26 Page 139

Rogha 1

Am Scéalta:	Deirfiúr Nuashaolaithe Chonchúir
Labhraimís:	Faoin Scéal

Am Scéalta: Deirfiúr Nuashaolaithe Chonchúir

An cuimhin libh go raibh rud éigin deas le tarlúint i dteach Chonchúir? Cad é a bhí chun tarlúint? Is fíor sin! Bhí Mamaí Chonchúir chun babaí a bheith aici, agus mar sin bhí Conchúr chun bheith ina Dheartháir Mór. Bhuel, bhí babaí nua ag Mamaí, cailín beag! Aoife an t-ainm a thug siad uirthi. Meas tú cad a cheap Conchúr faoi sin?

An cuimhin libh cé a bhí ag tabhairt aire do Chonchúr fad a bhí a Mhamaí san ospidéal? Is ea! Tá sin ceart! Daidí den chuid is mó, ach thug Mamó aire mhaith do Chonchúr nuair a bhí a Mhamaí as baile.

Bhraith Conchúr a Mhamaí uaidh nuair a bhí sí san ospidéal. Chuaigh sé ar cuairt chuici ach bhí an méid sin daoine eile ann nach bhfuair sé an deis a chuid nuachta ar fad a insint di. Theastaigh uaidh insint di faoi J.J. a bhrúigh sa chlós é agus faoin bpictiúr de dhineasár corcra a phéinteáil sé ar scoil.

Cheap Conchúr nuair a thiocfadh Mamaí abhaile ón ospidéal go mbeadh gach rud mar a bhíodh sé roimhe. Ach bhí an-chuid aire ag teastáil ón mbabaí. Bhíodh an-ocras go deo ar an mbabaí. Bhíodh beathú uaithi gach ceithre uair an chloig. Bhíodh beathú uaithi i rith na hoíche fiú, nuair a bhíodh gach duine eile ina chodladh.

Thógadh sé tamall maith Babaí Aoife a bheathú mar go mbíodh ar Mhamaí stopadh anois is arís agus a droim a chuimilt agus fanacht go dtí go ndéanfadh sí cúpla brúcht. 'Sin gaoth,' a mhíníodh Mamaí, 'caithfidh mé Aoife a chur ag brúchtadh nó gheobhaidh sí pian ina boilgín.' Bhíodh gá le clúidín Aoife a athrú gach uair a d'itheadh sí agus uaireanta eile chomh maith.

Níor thuig Conchúr roimhe go mbeadh an babaí chomh beag bídeach agus nach mbeadh sí ábalta mórán a dhéanamh. Bheadh ar Chonchúr a chuid pleananna ar fad a chur ar an méar fhada. 'Bhí tusa mar sin uair amháin!' a dúirt Daidí, 'agus féach an buachaill mór atá déanta díot anois.' 'Is ea, fásfaidh Aoife,' a dúirt Conchúr leis féin, 'ach cailín a bheidh inti i gcónaí.' Bhí Conchúr ag súil le dearthár beag. Smaoinigh sé an mbeadh aon suim ag Aoife peil a imirt nuair a bheadh sí níos sine.

Tráthnóna amháin, nuair a tháinig Conchúr abhaile ón scoil fuair sé amach go raibh a Mhamaí imithe a luí. Ní raibh mórán codlata á fháil aici istoíche de bharr an bhabaí nua. Bhí an-tuirse uirthi.

Bhí Aoife díreach i ndiaidh beathú a fháil agus athraíodh a clúidín, ach ní stopfadh sí ag caoineadh. Rinne Mamó iarracht í a shuaimhniú. 'Shhh! Dúiseoidh tú do Mhamaí!' a dúirt sí i gcogar agus í á luascadh go réidh ina lámha. Lean Aoife den chaoineadh.

Thug Daidí Aoife síos an gairdín, ag taispeáint na gcrann agus na gréine agus na n-éan di. Ach níor stad sí den chaoineadh. Tháinig sé isteach sa teach arís. 'Níor oibrigh sé sin!' a dúirt sé. 'Lig domsa triail a bhaint as!' a dúirt Conchúr. Mar sin, shuigh Conchúr síos i gcathaoir uilleann agus chuir Daidí Babaí Aoife ina lámha. Thaispeáin Daidí dó an bealach ceart chun breith uirthi. Agus go han-chúramach thóg Conchúr ina lámha i gceart í, ag tabhairt tacaíochta do chúl a cinn, mar a thaispeáin Daidí dó.

Ansin, go han-mhín, d'inis sé di faoina lá ar scoil, faoina mhúinteoir ag rá go raibh sé an-mhaith ag suimeanna agus faoin bpeil a d'imir sé ag am lóin. Stop Babaí Aoife ag caoineadh agus bhí an chuma uirthi go raibh sí ag éisteacht leis. 'Maith thú!' a dúirt Daidí. Agus an beart bog te seo ar a ghlúine ag Conchúr, dúirt sé leis féin: 'Is dóigh liom gur maith liom deirfiúr óg bheith agam i

sen 6 irish:sen 6 irish 14/07/2009 08:26 Page 140

ndeireadh na dála.'

Labhraimís: Faoin Scéal

I ndiaidh an scéal faoi dheirfiúr nuashaolaithe Chonchúir, b'fhéidir go dtosófá an ceacht seo le labhairt faoin scéal ag baint úsáide as cuid de na ceisteanna seo a leanas:

- **An cuimhin leat cén t-ainm a bhí ar dheirfiúr nuashaolaithe Chonchúir?**
- **Cathain a bhíodh gá le hAoife a bheathú? Cén fáth gur thóg sé tamall maith Aoife a bheathú? Cad a tharlódh mura gcuirfeadh a Mamaí ag brúchtadh í? Cathain a bhíodh gá le clúidín Aoife a athrú? Cad a chuir ionadh ar Chonchúr faoi Aoife?**
- **Cén fáth go ndeachaigh Mamaí a luí i lár an lae? Cé a bhí ag tabhairt aire do Bhabaí Aoife nuair a tháinig Conchúr abhaile ón scoil?**
- **Bhí Babaí Aoife ag caoineadh. Cad a rinne Mamó ag iarraidh Aoife a shuaimhniú? Cad a rinne Daidí? Cad a theastaigh ó Chonchúr a dhéanamh?**
- **Cad a thaispeáin Daidí do Chonchúr a dhéanamh? Cén chaoi ar rug Conchúr ar an mbabaí? Cad a d'inis Conchúr do Bhabaí Aoife? Cad a rinne Babaí Aoife?**

sen 6 irish:sen 6 irish 14/07/2009 08:26 Page 141

Rogha 2

Cuairteoir chuig an Seomra Ranga:	Cuairt ó Thuismitheoir(í) agus Babaí
Ionad Spéise:	Babaithe
Labhraimís:	Faoi Bhabaithe Nua

Cuairteoir ar an Seomra Ranga: Cuairt ó Thuismitheoir(í) agus Babaí

Eagraigh cuairt ó thuismitheoir(í) agus deartháir nó deirfiúr bheag chuig an rang. Ullmhaigh liosta ceisteanna leis na páistí roimh ré. Soláthróidh cuairteanna dá leithéid, leis an ullmhúchán cuí, deis do na páistí iontas beatha nua a thuiscint agus a cheiliúradh. Féadfaidh siad foghlaim faoina bhfuil riachtanach chun cúram a thabhairt agus soláthar do bhabaithe nuashaolaithe i ndomhan an duine, ar bhealach an-nádúrtha. Bheadh na róil éagsúla atá ag tuismitheoirí agus baill eile den teaghlach soiléir maidir le soláthar do bhabaithe nuashaolaithe.

Is próiseas tábhachtach é ullmhú le haghaidh cuairteora. Tá sé tábhachtach roghnú go cúramach agus ullmhúchán iomlán a dhéanamh. Cinntíonn ullmhúchán cúramach go mbíonn an fhoghlaim a fhaightear ón gcuairt oiriúnach do leibhéal forbartha na bpáistí. Ullmhaítear ceisteanna roimh ré agus tugtar coimriú ar na ceisteanna sin don chuairteoir roimh ré agus faoin eolas a bheadh oiriúnach do leibhéal forbartha na bpáistí agus de réir pholasaí OCG na scoile.

Tá céimeanna chun ullmhú le haghaidh cuairteora le fáil faoi uimhir 7 de Mhodhanna Molta Múinteoireachta i dtús an leabhair.

Ionad Spéise: Babaithe

D'fhéadfadh an múinteoir agus na páistí bailiúchán a dhéanamh d'éadaí babaí, grianghraif bhabaí, earraí maisíochta a theastaíonn chun aire a thabhairt don bhabaí (clúdaigh fholamha), buidéil bheathaithe, leabhair faoi bhabaithe agus mar sin de. Ba phointe maith tosaigh an taispeántas seo le haghaidh plé faoi bhabaithe.

sen 6 irish:sen 6 irish 14/07/2009 08:26 Page 142

Labhraimís: Faoi Bhabaithe Nua

- Cé chomh minic a theastaíonn beathú ó bhabaithe nua?
- Cén cineál bia a thugann tú do bhabaí nua?
- Cad as a dtagann an bainne? (beathú cíche/beathú buidéil)
- Cén chaoi a mbíonn a fhios agat go bhfuil ocras ar do bhabaí?
- Cén chaoi a bhféadfá cabhrú?
- Cén fáth go mbíonn gá ag babaithe le brúchtadh?
- Cén chaoi a mbíonn a fhios agat go bhfuil pian sa bholg ag babaí?
- Cathain a theastaíonn athrú clúidín ó bhabaí?
- Cad iad na rudaí a theastaíonn chun clúidín babaí a athrú?
- Cad a tharlaíonn má fhágtar clúidín salach ar bhabaí ar feadh an iomarca ama nó rómhinic?
- Cad is gá duit a dhéanamh chun babaí a choinneáil glan?
- Cén chaoi a bhféadfá cabhrú?
- Cad is gá a dhéanamh chun babaí a choinneáil ar a s(h)uaimhneas nó compordach?
- Cad is féidir le babaithe a dhéanamh dóibh féin?
- Cén fáth go gcaoineann babaí? Cén chaoi ar féidir leat an caoineadh sin a stop?
- Cad é an bealach ceart chun breith ar bhabaí? Taispeáin dom.
- Cad a athraíonn ag baile nuair a thagann babaí nua?

sen 6 irish:sen 6 irish 14/07/2009 08:26 Page 143

Gníomhaíochtaí a Leanann

Siúlóid Dúlra:	Beatha Nua san Earrach
Scrúdaímis:	Ag Fás Plandaí ón Síol
Gníomhaíocht Ealaíne:	Pictiúr de Bheatha Nua/Forleagan Criáin

Siúlóid Dúlra: Beatha Nua san Earrach

Sula dtéitear ar an tsiúlóid, moltar duit:

a) an bealach a scrúdú agus comharthaí beatha nua san earrach a aithint.

b) na páistí a ullmhú trí mhíniú dóibh faoi chuspóir na siúlóide agus iad a spreagadh chun faire amach do chomharthaí beatha nua atá feicthe agat. D'fhéadfadh an múinteoir a rá leis na páistí ligean orthu féin gur bleachtairí iad agus go gcaithfidh siad faire amach do leideanna a thugann le fios go bhfuil an t-earrach linn: plúiríní sneachta, crócais, bachlóga ar chranna, éin ag canadh agus Uibheacha Cásca i bhfuinneoga na siopaí b'fhéidir. D'fhéadfaí iad sin a tharraingt ar an gclár dubh. D'fhéadfadh na páistí na 'leideanna' seo ar na rudaí atá á lorg acu a bhreacadh síos. Féadfaidh an scríbhneoir cumasach na focail a bhreacadh síos chomh maith. D'fhéadfaidís an leathanach a thabhairt leo mar chuimhneachán dóibh.

c) ar mhaithe le sábháilteacht ar na bóithre iarr ar thuismitheoirí/chaomhnóirí teacht in éineacht libh chun an Cód Sábhála a mhúineadh nó dul siar air sa rang. Ba chóir go mbeadh duine fásta ag tús agus ag deireadh líne an ranga;

d) go dtabharfadh an múinteoir feadóg leis/léi chomh maith, i ndiaidh 'cód na feadóige' a mhúineadh roimhe ré m.sh. fead fhada amháin le haghaidh "stadaigí" agus dhá fhead ghairid le haghaidh "ar aghaidh".

Scrúdaímis: Ag Fás Plandaí ón Síol

Cén fáth nach bhfásann sibh plandaí ón síol sa seomra ranga nó i ngairdín na scoile? Seanchairde iad mustard agus biolar. Is féidir síolta lus na gréine a chur faoin aer. Lean na treoracha ar an bpaicéad. Mínigh do na páistí cad iad riachtanais na síolta chun fás iontach a bhaint amach. Más mian leat is féidir sé phota a lipéadú agus déanamh mar seo a leanas leo:

1.	**Gan Uisce**	Ná cuir uisce ar an gceann seo.
2.	**Gan Ithir**	Mínigh do na páistí go bhfaigheann siad beathú mianraí ón ithir.
3.	**Gan Aer**	Cuir an ceann seo i mála plaisteach aerdhíonach trédhearcach.
4.	**Gan Solas**	Coinnigh an ceann seo i gcupard dorcha.
5.	**Gan Teas**	Pioc dalta amháin chun an ceann seo a thabhairt abhaile agus a choinneáil i gcuisneoir.
6.	**Le hAire**	Déan deimhin de go bhfuil ithir ag an gceann seo, go bhfaigheann sé uisce agus go gcoinnítear é in áit gheal, theolaí le haeráil mhaith.

Sna seachtainí a leanann beidh an deis ag na páistí a fheiceáil dóibh féin cad a theastaíonn ó phlanda chun fás.

Tarraing cairt ar ar féidir dul chun cinn a thaifeadadh gach seachtain.

sen 6 irish:sen 6 irish 14/07/2009 08:26 Page 144

Gníomhaíocht Ealaíne: Pictiúr de Bheatha Nua/Forleagan Criáin

Lig do na páistí freagairt dá bhfuil foghlamtha acu faoi bheatha nua tríd an ealaín. D'fhéadfaidís an babaí a tháinig ar cuairt chucu a tharraingt.

Sa phictiúr d'fhéadfaí a áireamh na rudaí a theastaíonn ó bhabaithe chun fás agus bheith sláintiúil: tuismitheoirí/caomhnóirí, gaolta eile, bia, éadaí, trealamh níocháin agus fearas athraithe clúidín.

D'fhéadfaidís na 'Comharthaí Beatha Nua' a chonaic siad ar an tsiúlóid dúlra a tharraingt.

Níl ach tábhacht thánaisteach ag an meán féin. Cén fáth nach mbaineann sibh úsáid as 'forleagan criáin'? Tarraingíonn na páistí pictiúr. Cuir teorainn leis an méid dathanna a bhíonn ar fáil agus bíodh na dathanna réasúnta dorcha, ach ní dubh! Don chéad cheacht d'fhéadfaidís seomra folamh a tharraingt mar thús.

I gcás an dara ceacht d'fhéadfaidís suíomh geimhriúil faoin aer a tharraingt. Fan go dtriomóidh sé sin. Ansin tabhair cuid mhaith crián dathannach do na páistí. Leo sin féadfaidh siad mionsonraí agus dathanna an phictiúir a tharraingt. Ag an aois seo ní bheidh mórán spreagadh uathu chun mionsonraí criáin a leagan ar an na píosaí péinteáilte.

Féadfaidh siad ceann díobh seo a tharraingt:

1. An babaí agus na daoine a thugann aire dó nó di agus an trealamh a theastaíonn chun aire a thabhairt don bhabaí.

nó

2. Na comharthaí beatha nua san earrach a thug siad faoi deara ar an tSiúlóid Dúlra. D'fhéadfaidís síol ag fás ina bhláth a tharraingt agus na rudaí a theastaíonn ón bplanda chun fás a áireamh - solas na gréine agus báisteach.

Páirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Féadfaidh na páistí insint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí faoi dheirfiúr nuashaolaithe Chonchúir nó plé a dhéanamh faoi na ceisteanna gur féidir leo a chur ar an gcuairteoir faoi chúram babaithe. Go hidéalach, tuismitheoir/caomhnóir duine den rang a bheadh sa chuairteoir.

Is féidir cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí cabhrú leis an ngarraíodóireacht agus teacht ar an tSiúlóid Dúlra.

Is féidir na pictiúir den bheatha nua a thaispeáint do thuismitheoirí/chaomhnóirí a thagann ar cuairt chuig an seomra ranga. B'fhéidir go mbainfeadh cuid de na páistí triail as an 'bhforleagan criáin' ag baile.

sen 6 irish:sen 6 irish 14/07/2009 08:26 Page 145

Naisc idir Baile is Scoil **Naíonáin Shinsearacha 6** **Ag tabhairt aire do bheatha nua**

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná cabhrú le páistí fios a fháil ar bheatha dhaonna, maidir le haire a thabhairt do bhabaí nuashaolaithe. Is rídheas an t-iontas a spreagtar iontu leis an tarlúint is simplí de bheatha nua agus féadfaidh siad tuiscint nua a mhúscailt sna daoine fásta timpeall orthu ar bheatha nua agus ar dhomhan an dúlra.

Is mó cleachtadh a fhaigheann páistí ar bheatha nua - an t-earrach, fás nua sa ghairdín, peataí nua ag baile nó peataí nua ar an bhfeirm, teacht babaí nua (deartháir nó deirfiúr, col ceathrair nó comharsa). Soláthraítear deiseanna do pháistí ar scoil tuiscint a fháil ar an gcúram agus an aire a theastaíonn chun gur féidir fás sláintiúil beatha nua a chothú.

Seo a leanas roinnt moltaí le haghaidh **Gníomhaíochtaí Baile** a d'fhéadfadh **Tuismitheoirí/ Caomhnóirí** a dhéanamh lena bpáistí ar an téama **Ag tabhairt aire do bheatha nua:**

Labhair faoi bhabaí nua:

Cé chomh minic a theastaíonn beathú ó bhabaithe nua?

Cén cineál bia a thugann tú do bhabaí nua?

Cad as a dtagann an bainne? (beathú cíche/beathú buidéil)

Cén fáth go mbíonn gá ag babaithe le brúchtadh?

nó

Féachaimis ar bheatha nua i ndomhan an dúlra:

An bhfuil aon chomharthaí beatha nua sa ghairdín - cad iad?

Cad iad na hainmhithe nuashaolaithe a d'fheicfeá ar fheirm?

nó

Féach ar leabhair, sa bhaile nó sa leabharlann, ar bheatha nua

nó

Tarraing pictiúr, ar chúl an leathanaigh seo, faoin teideal Ag tabhairt aire do bheatha nua.

sen 6 irish:sen 6 irish 14/07/2009 08:26 Page 146

sen 7 irish:sen 7 irish 14/07/2009 08:23 Page 147

7 Mo chorp

sen 7 irish:sen 7 irish 14/07/2009 08:23 Page 148

Téama 7

Mo chorp

Aidhm: Chun cabhrú le páistí foghlaim faoina gcoirp agus sa chomhthéacs sin na téarmaí cearta do chodanna an choirp a fhoghlaim.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Am Chur i gCéill:	Ag tabhairt folctha do bhábóg Moladh le haghaidh Scéil Eile
Labhraimís:	Faoi am folctha

Rogha 2

Ionad Spéise:	Bheith Glan
Labhraimís:	Faoi: 1. Ag tabhairt aire dár gcoirp 2. Ag éirí ar maidin 3. Ag ullmhú don leaba 4. Ag an trá/linn snámha 5. Cuairt chuig an dochtúir 6. Ag tabhairt aire do bhabaí 7. Leabhar scéalta

Gníomhaíochtaí a Leanann

Gníomhaíocht Ealaíne 1:	Péint ar Fhorleagan Criáin
Gníomhaíocht Ealaíne 2:	Cnuasach

Nóta ar an Teanga don Chorp

Tá an-chumhacht i dteanga agus nuair nach mbíonn na téarmaí bitheolaíochta don chorp ar eolas ag na páistí fágtar faoi mhíbhuntáiste iad. Chun an foclóir seo a thabhairt do na páistí, moltar go mbaineann an múinteoir úsáid as gnáth-tharluithe laethúla chun focail don chorp agus feidhmeanna an choirp a mhúineadh, go nádúrtha agus gan an iomarca béime. Tá na hábhair seo a leanas ceaptha chun iliomad deiseanna a thabhairt do mhúinteoirí chun téarmaíocht do pháirteanna an choirp a mhúineadh i gcomhthéacs cleachtais sláinteachais, breoiteachta, gortaithe, snámha, srl. Ní áirítear na focail atá le húsáid sa téacs nó sna ceisteanna a mholtar. Beidh sé sin faoi chomhairle an mhúinteora féin, de réir Pholasaí OCG na Scoile.

Sa leabhrán OCG do Thuismitheoirí, "Ag Dul Chun Cinn le Chéile", tugtar an réasúnachas seo a leanas maidir le húsáid na téarmaíochta cruinne le haghaidh pháirteanna an choirp:

sen 7 irish:sen 7 irish 14/07/2009 08:23 Page 149

Tá sé tábhachtach go bhfoghlaimíonn páistí an foclóir cuí chun gnéithe den saol a bhaineann le gnéasacht, fás agus athruithe fisiceacha a gcorp a phlé ionas go mbeidh siad ábalta cumarsáid a dhéanamh fúthu féin go muiníneach.

Nuair a thosaíonn páistí ar scoil, níl sé neamhghnách - tá sé coitianta go maith dáiríre - go mbeadh ainm eile acu ar a mbaill ghiniúna. Ba chóir, áfach, úsáid na dtéarmaí cruinne do pháirteanna an choirp agus feidhmeanna an choirp a spreagadh a luaithe is féidir, ionas go dtugtar stádas agus inghlacthacht do na téarmaí sin.

De réir mar a éiríonn páistí níos sine agus níos compordaí leis na focail seo, féadfaidh siad gnéithe dá bhfás agus dá bhforbairt a phlé le suaimhneas. Ina theannta sin, laghdaítear an seans go mbainfidh siad úsáid as teanga neamhoiriúnach nó gáirsiúil agus iad ag tagairt don chorp nó d'fheidhmeanna an choirp. (lch. 17-18)

Ba chóir go mbeadh Polasaí OCG na Scoile soiléir maidir le ról an mhúinteora nuair a thagann deiseanna chun solais go neamhfhoirmiúil sa rang chun teanga a shoiléiriú. Sampla simplí de sin is ea go bhféadfadh páiste a bhfuil a mháthair ag iompar a rá "Tá babaí ag mo Mhamaí ina bolg". Ba chóir go dtabharfadh an polasaí le fios an féidir leis an múinteoir an deis sin a thapú chun a mhíniú gurb éard a thugtar ar an áit speisialta i gcorp mná ina gcaitheann páiste naoi mí sula saolaítear é/í ná broinn.

Sna hábhair seo a leanas moltar go mbeidh roinnt leideanna pictiúrtha ann a thabharfaidh le fios cé acu an buachaill agus cé acu an cailín. Bealach amháin a d'fhéadfaí a úsáid chun tabhairt le fios cé acu is ea an buachaill agus cé acu is ea an cailín ná go bhfuil péineas ag buachaill agus nach bhfuil péineas ag cailín. Is dócha go n-úsáidfidh páistí gnáthleaganacha cainte chun cur síos ar an bpéineas agus d'fhéadfadh nach bhfuil téarma ar leith acu do bhaill ghiniúna eachtracha cailín/mná. (***Pit*** *atá ar an taobh amuigh agus is é seo an téarma cruinn ar an oscailt don* ***fhaighean*** *arb í an chuid inmheánach í. Is é an t-****úiréadra*** *an bealach trína seoltar mún.)* Tabharfaidh Polasaí OCG na Scoile le fios cad iad na téarmaí bitheolaíochta don chorp atá le húsáid agus na haoiseanna nuair a mhúinfear iad.

sen 7 irish:sen 7 irish 14/07/2009 08:23 Page 150

Rogha 1

Am Chur i gCéill:	Ag tabhairt folcadh do bhábóg Moladh le haghaidh Scéil Eile
Labhraimís:	Faoi am folctha

Am Chur i gCéill: Ag tabhairt folcadh do bhábóg

Déan tagairt siar don mhéid a foghlaimíodh faoi chúram babaí ón scéal Deirfiúr Nuashaolaithe Chonchúir, nó ó chuairt na Mamaí/an Daidí leis an mbabaí nua. Chun dul siar air sin, iarr ar dhuine de na páistí bábóg a thabhairt isteach nó d'fhéadfaí ceann ón gCúinne Baile a úsáid.

Mínigh go bhfuil an 'babaí' seo chun folcadh bheith aige inniu agus go mbeadh sé rófhuar agus míchompordach d'fhíorbhabaí folcadh a bheith aige sa seomra ranga. Ní bheadh na hearraí atá riachtanach don fholcadh ar fáil ach an oiread.

Féadfaidh an múinteoir a thaispeáint cén chaoi a dtugtar folcadh do bhabaí. B'fhéidir go mbeadh roinnt 'cur-i-gcéill' ag teastáil. Ach bheadh sé tábhachtach go mbeadh báisín le roinnt uisce ann ag an múinteoir, agus an trealamh riachtanach: gallúnach, tuáille, seampú, srl. Dhéanfadh buidéil fholmha cúis.

Taispeáin do na páistí an chaoi le breith ar 'bhabaí' i gceart agus mínigh an tábhacht leis sin. Fiafraigh de na páistí conas a thástáiltear teocht an uisce. Beidh a fhios ag cuid acu i ndiaidh dóibh a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí a fheiceáil ag tástáil an uisce lena n-uillinneacha.

Lean ar aghaidh leis an bhfolcadh, ag déanamh cinnte nach gcuirtear gallúnach/seampú i súile an bhabaí, ag ní idir na méara agus méara na gcos, srl.

Fiafraigh de na páistí an buachaill nó cailín atá sa bhabaí? Cad í an difríocht idir buachaill beag agus cailín beag?

Labhair faoi eilimint spraoi am an fholctha don bhabaí agus dá M(h)amaí/D(h)aidí. Is féidir leis an mbabaí síneadh, ciceáil, slaparnach fad a choinníonn a M(h)amaí/D(h)aidí greim daingean air/uirthi. Labhrann Mamaí/Daidí leis an mbabaí agus déanann an babaí glóir mar fhreagra.

Mínigh do na páistí gur féidir leo cabhrú le Mamaí/Daidí folcadh a thabhairt don bhabaí ach nár chóir choíche go dtabharfadh páiste folcadh do bhabaí de bharr chontúirtí an uisce m.sh. scalladh, bá.

Moladh le haghaidh Scéil Eile

Andrew's Bath *le David McPhail, foilsithe ag Puffin Playtime Books*
Bhí an ghráin ag Aindriú ar fholcthaí! Insíonn an leabhar seo faoin gcaoi ar éirigh sé an-tugtha dóibh!

sen 7 irish:sen 7 irish 14/07/2009 08:23 Page 151

Labhraimís: Faoi am folctha

Cothaíonn an múinteoir plé leis an rang ar am folctha:

- **Cá mbíonn folcadh agat? An bhfuil seomra folctha ar scoil? Cén fáth nach bhfuil?**
- **Cén chaoi a dtéitear an t-uisce don fholcadh? Cén teocht a thaitníonn leatsa? Conas a dtástálfá teocht an uisce sula rachfá isteach san fholcadán? Cén chaoi ar féidir é a théamh/fhuarú?**
- **Cé a chabhraíonn leat nuair a bhíonn folcadh agat? Cad iad na rudaí a theastaíonn uait nuair a bhíonn tú ag glacadh folctha? An dtugann tú bréagáin leat isteach san fholcadán?**
- **Bíonn folcadh ag páistí óga le chéile i dteaghlaigh uaireanta. An mbíonn a leithéid sin ag aon duine agaibhse? Cad é a thaitníonn libh faoi sin?**
- **De réir mar a éiríonn páistí níos sine is maith leo folcadh a bheith acu leo féin. An bhfuil tusa mar sin fós? Cad a thaitníonn leat faoi fholcadh a bheith agat leat féin?**
- **Cá fhad a chaitheann tú san fholcadh de ghnáth? Cén chaoi a dtriomaíonn tú tú féin?**
- **Cad a tharlaíonn nuair a chríochnaíonn tú leis an bhfolcadh? Cá dtéann an fuíolluisce? Cé a ghlanann an seomra folctha?**

sen 7 irish:sen 7 irish 14/07/2009 08:23 Page 152

Rogha 2

Ionad Spéise:	Bheith Glan
Labhraimís:	Faoi: 1. Ag tabhairt aire dár gcoirp 2. Ag éirí ar maidin 3. Ag ullmhú don leaba 4. Ag an trá/linn snámha 5. Cuairt chuig an dochtúir 6. Ag tabhairt aire do bhabaí 7. Leabhar scéalta

Ionad Spéise: Bheith Glan

Taispeáin roinnt earraí do na páistí a theastaíonn chun tú féin a choinneáil glan e.g. seampú, taos fiacla, scuab fiacla, flas fiacla, spúinse, éadach aghaidhe, scuab ingne, gallúnach, sobal folctha, siosúr ingne, tuáille, srl. Cuir lipéad orthu agus pléigh cuspóir gach earra. Is féidir na hearraí seo a choinneáil ar taispeáint sa seomra ranga ar feadh tamaill.

Labhraimís: 1. Ag tabhairt aire dár gcoirp

Inis do na páistí go bhfuil tú chun labhairt inniu ar an aire ba chóir dóibh a thabhairt dá gcoirp agus iad féin a choinneáil glan. Ag an gcéim seo, beidh an cumas acu é seo a dhéanamh go pointe, cé go mbeidh roinnt cúnaimh uathu. Ag baint úsáide as pictiúr de pháistí i seomra folctha, d'fhéadfaí ceisteanna a fhorbairt ar ghnéithe éagsúla den sláinteachas pearsanta:

An ní an choirp/na gruaige/na bhfiacla/na n-ingne agus Sláinteachas sa Leithreas

- **Cé chomh minic ba chóir dúinn sinn féin a ní?**
- **Cad é an bealach is fearr leat chun tú féin a ní - folcadh/cithfholcadh/báisín?**
- **Cad a úsáideann tú agus tú do do ní féin?**
- **Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach go dtriomóidh tú tú féin i gceart?**
- **An féidir leat do chuid gruaige a ní gan chúnamh?**
- **Cad a úsáideann tú?**
- **Inis dom cén chaoi a ndéanann tú é?**
- **An gcabhraíonn éinne leat?**
- **Cé chomh minic ba chóir duit do chuid fiacla a ní?**
- **Cad a úsáideann tú chun do chuid fiacla a ní?**
- **Cé mhéad den taos fiacla ba chóir duit a úsáid?**
- **Taispeáin dom cén slí a scuabann tú do chuid fiacla?**
  (D'fhéadfá a rá leis na páistí go bhfuil a scuab fiacla mar thraein nó bus a chaithfidh taisteal timpeall a mbéil agus stopadh ag gach fiacail (stáisiún nó stad bus) ar feadh tamaill chun iad a ní.)
- **Cá bhfuil na hingne ar fad a gcaithfidh tú aire a thabhairt dóibh?**
- **Cad a dhéanann tú chun aire a thabhairt d'ingne do chos?**

sen 7 irish:sen 7 irish 14/07/2009 08:23 Page 153

- **Cén chaoi a dtugann tú aire d'ingne do lámh?**
- **Cé a chabhraíonn leat?**
- **Cad a dhéanann sé/sí?**
- **Cén chaoi a n-éiríonn ingne na lámh salach?**
- **Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach d'ingne a choinneáil gairid agus glan?**
- **Cad a úsáideann tú chun tú féin a ghlanadh i ndiaidh an leithreas a úsáid?**
  (b'fhéidir go dtiocfadh deiseanna chun solais chun téarmaíocht an choirp a mhúineadh i gcomhthéacs sláinteachais sa leithreas)
- **Cad ba chóir duit a dhéanamh le do lámha i gcónaí i ndiaidh an leithreas a úsáid?**
- **Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach do lámha a ní i ndiaidh an leithreas a úsáid?**

2. Ag éirí ar maidin / 3. Ag ullmhú don leaba

Bain úsáid as pictiúr de dheartháir nó deirfiúr ag am luí nó an chéad rud ar maidin. Ceistigh na páistí faoin bpictiúr.

- **Cad tá ag tarlú sa phictiúr, dar leat?**
- **Cad tá á dhéanamh ag an gcailín?**
- **Cad tá á dhéanamh ag a deartháir?**

Ag cloí le haidhm an cheachta seo fiafraigh de na páistí faoina nósanna féin agus a gcleachtais sláinteachais istoíche nó ar maidin.

4. Ag an trá/linn snámha

Sa phictiúr d'fhéadfadh páistí bheith ag an trá nó linn snámha, ag caitheamh a gcultacha snámha. Ceistigh na páistí:

- **Cad tá ag tarlú sa phictiúr, dar leat?**
- **An maith leat dul chuig an trá nó linn snámha?**
- **Cén sórt aimsire atá ann?**
- **Cén chaoi a mothaíonn na páistí, dar leat?**
- **Cén fáth go ndeir tú é sin?**
- **An dóigh leat go bhfuil siad ag baint taitnimh as?**
- **Cén fáth go gceapann tú é sin?**
- **Cad é an trealamh atá tugtha acu leo?**
- **Cad is féidir leat a dhéanamh leo sin?**
- **Cad tá á chaitheamh ag na páistí?**
- **Cad iad na páirteanna dá gcoirp is féidir a fheiceáil?**
- **Cad iad na páirteanna nach féidir leat a fheiceáil?**

sen 7 irish:sen 7 irish 14/07/2009 08:23 Page 154

I measc na bpáirteanna nach mbeidh na páistí ábalta a fheiceáil tá an bolg, an fhuil, na cnámha, an croí is araile, chomh maith leis na páirteanna seachtracha den chorp fireann agus baineann. Má bhaineann na páistí úsáid as gnáthleaganacha cainte, tabhair na téarmaí bitheolaíochta dóibh mar a mhínítear i bPolasaí OCG na Scoile.

5. Cuairt chuig an dochtúir

B'fhéidir go n-áireofaí foclóir comhchosúil i bplé ar chuairt chuig an dochtúir.

6. Ag tabhairt aire do bhabaí

Ag baint úsáide as pictiúr oiriúnach, labhair leis na páistí faoi bhabaí a choinneáil glan. D'fhéadfadh na ceisteanna faoi rogha 2 i dtéama 7, Ag tabhairt aire do bheatha nua, bheith úsáideach. Fiafraigh de na páistí an buachaill nó cailín atá sa phictiúr agus conas a bhfuil a fhios acu. Tugann sé sin an deis chun na téarmaí bitheolaíochta ar na páirteanna seachtracha den chorp fireann agus baineann a mhúineadh do na páistí.

7. Leabhar Scéalta

Is mó leabhar atá ann a dhéileálann le hábhair choitianta mar am folctha, am luí, dul chuig an linn snámha nó trá.

Tá leabhair eile scríofa chun páistí a chur ar a suaimhneas faoi thaithí nach bhfuil chomh coitianta sin, ar nós babaí nua sa teaghlach nó cuairt chuig an dochtúir nó ospidéal.

Roghnaigh leabhar i bhfoirm leabhair phictiúrtha, inis an scéal do na páistí, mar rang nó mar ghrúpa beag, agus sa phlé a leanfaidh, labhair leis na páistí faoin gcaoi inar féidir leo a aithint gur buachaill nó cailín atá i gcarachtar sa leabhar. Tugann sé sin bealach eile do na páistí chun foghlaim faoi théarmaí bitheolaíochta na bpáirteanna seachtracha den chorp fireann agus baineann.

I gcás bheith glan nó cuairt chuig an dochtúir nó ospidéal, b'fhéidir go mbeadh sé an-oiriúnach labhairt faoi pháirteanna an choirp.

sen 7 irish:sen 7 irish 14/07/2009 08:23 Page 155

Gníomhaíochtaí a Leanann

Gníomhaíocht Ealaíne 1:	Péint ar Fhorleagan Criáin
Gníomhaíocht Ealaíne 2:	Cnuasach

Gníomhaíocht Ealaíne 1: Péint ar Fhorleagan Criáin

Iarr ar na páistí na hearraí a úsáideann siad chun coinneáil glan a tharraingt. Is éard atá sa teicníocht de 'phéint ar fhorlegan criáin' ná pictiúr a tharraingt le criáin agus mionsonraí a chur leis le péint.

Ionas go ngreamóidh an phéint den líníocht chriáin, ní mór duit braon leachta níocháin a chur leis an bpéint. D'fhéadfá iarraidh ar na páistí pictiúr de sheomra folchta a tharraingt agus na mionsonraí a chur isteach ag baint úsáide as péint.

Gníomhaíocht Ealaíne 2: Cnuasach

Iarr ar na páistí ceanna, súile, sróna, béil, cluasa, muiníl, coirp, cosa agus lámha a aimsiú in irisí. 'Meascann agus meaitseálann' na páistí iad agus greamaíonn siad le chéile iad chun daoine a dhéanamh. Ansin bailíonn na páistí pictiúir d'earraí a theastaíonn chun coinneáil glan agus cuireann siad sa phictiúr chomh maith iad.

Páirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Iarr ar na páistí insint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí faoin gcaoi ar thug an múinteoir folcadh don 'bhabaí'.

Féadfaidh na páistí pictiúir a bhailiú don chnuasach ó irisí ag baile.

Is féidir an obair ealaíne a thaispeáint do thuismitheoirí/chaomhnóirí a thugann cuairt ar an seomra ranga.

(Beidh a fhios ag tuismitheoirí/caomhnóirí, ón bpáirt atá glactha acu i bhfoirmiú polasaí agus i ndiaidh dóibh Dearbhú Pholasaí OCG na Scoile a fháil, faoin tábhacht leis an téarmaíocht cheart le haghaidh pháirteanna den chorp a áireamh in OCG.)

sen 7 irish:sen 7 irish 14/07/2009 08:23 Page 156

Naisc idir Baile is Scoil — Naíonáin Shinsearacha 7 — Mo chorp

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná cabhrú le páistí foghlaim faoina gcoirp agus sa chomhthéacs sin chun na téarmaí cearta ar gach páirt den chorp a fhoghlaim. Tugtar focail "bhabaí" do pháistí dá mbaill phríobháideacha, nó b'fhéidir go mbeadh téarmaí "béarlagair" foghlamtha acu, ach moltar go dtabharfaí na téarmaí cearta dóibh, ar bhealach chomh nádúrtha agus is féidir agus gan aon róbhéim nó fuirseadh.

Tagann deiseanna chun solais, sa bhaile agus ar scoil, do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus do mhúinteoirí chun téarmaí ar pháirteanna den chorp a mhúineadh, i gcomhthéacs cleachtais sláinteachais, gortaithe, snámha, srl. Tugtar treoir do mhúinteoirí maidir leis seo i bPolasaí OCG na Scoile, a dhréachtar i gcomhairle le tuismitheoirí, múinteoirí agus an bord bainistíochta.

Seo a leanas roinnt moltaí le haghaidh **Gníomhaíochtaí Baile** a d'fhéadfadh **Tuismitheoirí/ Caomhnóirí** a dhéanamh lena bpáistí ar an téama **Mo chorp:**

Labhair faoi Am Folctha:

Cad é a thaitníonn leat faoi fholcadh a bheith agat?

Cad nach maith leat faoi fholcadh a bheith agat? Cén fáth?

Cad iad na páirteanna de do chorp a níonn tú agus tú ag glacadh folctha?

Cad a dhéanann tú nuair a thagann tú amach as an bhfolcadán?

nó

Labhair faoi Snámh:

Cad é is mó a thaitníonn leat faoi dhul ag snámh?

Cad é is lú a thaitníonn leat faoi dhul ag snámh? Cén fáth?

Cá n-athraíonn tú chun dul ag snámh?

Cén chaoi a n-aithneofá an difríocht idir bhuachaill agus cailín?

nó

Féach ar leabhair ar Am Luí/Am Folctha/Cois Farraige agus labhair faoi na pictiúir, ag tapú na ndeiseanna a d'fhéadfadh teacht chun solais chun téarmaí ar chodanna den chorp a mhúineadh, má oireann.

nó

Labhair faoi Chuairt chuig an Dochtúir:

Cén chaoi a bhfaigheann an dochtúir amach cad tá mícheart leat nuair a bhíonn tú breoite?

Ar mhaith leat bheith i do dhochtúir? Cén fáth?

Ar chuma leat dá scrúdódh an dochtúir do ...? Cén fáth?



sen 8 irish:sen 8 irish 14/07/2009 08:25 Page 157

8 Fásaim agus Athraím

sen 8 irish:sen 8 irish 14/07/2009 08:25 Page 158

Téama 8

Fásaim agus Athraím

Aidhm: Chun cabhrú le páistí fios a fháil go mbíonn athrú i gceist le fás agus go mbíonn rátaí fáis uathúil ag gach duine.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Am Scéalta:	Beirt Bhabaí Chliste Moladh le haghaidh Scéalta Eile
Labhraimís:	Faoin Scéal

Rogha 2

Am Mata:	Ag Tomhas Fáis
Ionad Spéise:	Ag Fás agus ag Athrú
Labhraimís:	Faoin bhFás

Gníomhaíochtaí a Leanann

Am Míme:	Ag Fás agus ag Athrú - an Chruimh Chabáiste
Gníomhaíocht Ealaíne:	Tógáil – Péinteáil Cruimheanna Cabáiste Bhosca Uibheacha Leathfhéileacáin Fhillte

Nóta ar an bhFás

Feiceann páistí réimse athruithe saoil le linn phróiseas a bhforbartha. De réir mar a tharlaíonn athruithe go fisiceach, go sóisialta agus go cognaíoch foghlaimíonn páistí conas dul i dtaihí ar na hathruithe sóisialta agus cultúrtha timpeall orthu. Nuair a dhírítear ar na hathruithe seo cuirtear forbairt an fhéineolais agus an fhéinmheasa i bpáistí chun cinn.

sen 8 irish:sen 8 irish 14/07/2009 08:25 Page 159

Rogha 1

Am Scéalta:	Beirt Bhabaí Chliste Moladh le haghaidh Scéalta Eile
Labhraimís:	Faoin Scéal

Am Scéalta: Beirt Bhabaí Chliste

An cuimhin libh Babaí Aoife agus a deartháir mór Conchúr? Bhuel, tá cuid mhaith i ndiaidh tarlú i saol Aoife ó d'inis mé daoibh fúithi an uair dheireanach. Ní babaí nua a thuilleadh í. Ní bainne amháin a ólann sí anois. Is maith léi rudaí eile chomh maith. Ar dtús, thaitin rudaí mar úlla stofa agus banana brúite agus mionrís léi. Ansin d'fhás cúpla fiacail agus is féidir léi cuid mhaith rudaí difriúla a ithe anois.

An bhfuil a fhios agat cén cineál bia a thaitníonn le babaithe mar Aoife ... m.s.h. cairéad brúite, sicín mionghearrtha ...? Is ea, tá sin ceart! D'ith sí na rudaí sin ar fad agus níos mó. Bhí goile mór aici agus bhí an-chuid fuinnimh aici. Go han-luath, bhí sí ag únfairt timpeall ar an urlár agus í sa bhealach ar gach duine.

Uaireanta chuireadh Mamaí/Daidí Aoife sa naíchóiste, í tacaithe le roinnt piliúr agus shuífeadh sí ag féachaint ar an domhan mórthimpeall uirthi. Chinntigh siad i gcónaí gur coinníodh an ghrian uaithi. Uaireanta eile, thabharfadh Mamaí/Daidí amach í agus chuireadh ar ruga ar an bhféar í, fad a bhíodh sé/sí agus Conchúr ina suí ag féachaint uirthi ag síneadh agus ag ciceáil. De réir mar a chuaigh sí in aois, bhí orthu súil ghéar a choinneáil uirthi, agus í ag foghlaim únfairt agus gluaiseacht ón ruga. 'Is cailín cliste thú!' a dúirt Conchúr ag gáire, nuair a chonaic sé á dhéanamh sin í den chéad uair.

Is mar sin a bhuail Conchúr le Brian agus a dheifiúr bheag Orla. Ar laethanta gréine, thugadh Brian Orla suas anuas an tsráid sa naíchóiste, ag dul thar theach Chonchúir. Lá amháin bhí Conchúr agus Aoife, a dheifiúr bheag, sa ghairdín. Bhí Aoife ina luí ar a droim ag ciceáil a cos san aer. Bhí sí ag dul an-tapa. Bhí an chuma uirthi gur ag rothaíocht a bhí sí. 'Is cailín an-chliste thú!' a dúirt Conchúr ag meangadh gáire.

D'fhéach Brian thar an bhfalla. 'Dia duit!' a dúirt sé. 'Cad is ainm duitse agus cad a thugtar ar do bhabaí?' 'Is mise Conchúr agus seo í Aoife,' a dúirt Conchúr go bródúil. 'Tá sí sé mhí d'aois. Cad a thugtar ar do bhabaí féin?' 'Orla ... Orla Ciara Ní Chonaill,' a dúirt Brian, 'agus tá sí sé mhí ... agus LÁ AMHÁIN d'aois!' a dúirt sé. 'Is féidir le hOrla únfairt timpeall cheana féin!' 'Tá Aoife á dhéanamh sin le TAMALL MAITH anois ... agus is féidir léi suí suas chomh maith,' a dúirt Conchúr. '" ...!' arsa Brian, 'ní féidir le hOrla é sin a dhéanamh fós!'

Agus is mar sin a thosaigh sé. Aon uair a luaigh Conchúr rud a bhí Babaí Aoife ábalta a dhéanamh, theastaigh ó Bhrian a rá go raibh a dheifiúr Orla ábalta é a dhéanamh níos fearr. Agus aon rud a chuala Conchúr faoi ábaltacht Bhabaí Orla theastaigh uaidh go mbeadh Aoife ábalta é a dhéanamh níos fearr.

An chéad lá breá eile agus Brian ag siúl thar theach Chonchúir le hOrla sa naíchóiste, ghlaoigh Brian amach: 'Is féidir le hOrla "gú-gú" a rá anois. Cad is féidir le hAoife a rá?' 'Faic' a dúirt Conchúr. 'Ní dhéanann sí ach glothar agus durdáil.' 'Hmmm ...!' a dúirt Brian.

Tamall maith ina dhiaidh sin bhí mórnuacht ag Conchúr do Bhrian faoi Bhabaí Aoife. Bhí sí in ann snámh ar an talamh. Chuir sé sin iontas ar Bhrian. 'Níor mheas mé go mbeadh babaithe ábalta snámh ar an talamh chomh luath sin!' a dúirt Brian.

Ach ní raibh Brian le sárú. Bhí roinnt nuachta aige do Chonchúr chomh maith. 'Is féidir le hOrla "Da-da" AGUS "Ba-ba" a rá anois!' Ní dúirt Conchúr faic. Bhí Babaí Aoife ábalta 'gú-gú' agus 'cú-cú' a rá, ach b'shin an méid.

sen 8 irish:sen 8 irish 14/07/2009 08:25 Page 160

Dúirt Conchúr lena Mhamaí faoi Bhrian agus a dheirfiúr bheag chainteach. 'Cén fáth gur féidir le hOrla rudaí a rá nach féidir le hAoife iad a rá?' 'Ná bí buartha,' arsa Mamaí, 'foghlaimíonn gach páiste conas rudaí a dhéanamh ina am féin. Bhí do dheartháir mór an-tapa ag foghlaim cainte. Níor thosaigh tú féin go dtí go raibh tú beagán níos sine. Ach a luaithe a thosaigh tú ní raibh aon stop ort!'

Shleamhnaigh an t-am thart agus d'fhoghlaim Orla an chaoi le snámh ar an talamh. Ach faoin tráth sin bhí Babaí Aoife ábalta seasamh. Bhí sí beagán corrach i dtosach. Ansin, ag baint úsáide as troscán nó glúine daoine, dhéanadh Aoife iarracht siúl timpeall an tseomra go dtí go raibh sí ábalta siúl gan aon chúnamh. 'Is cailín an-chliste thú!' a dúirt Conchúr.

Idir an dá linn, bhí cuid mhaith á rá ag Orla. Bhí sí ábalta 'Hiya!' agus 'Ta-ta!' agus 'Na-na!' agus 'Brian' agus cuid mhaith focal eile a rá. Bhí Aoife ábalta 'Da-da!' agus 'Ma-ma' agus 'gú-gú' agus cú-cú' a rá ach b'shin an méid.

Tá áthas orm a rá libh gur cairde maithe a bhí i gConchúr agus Brian faoin tráth seo. I ndeireadh na dála, bhí siad ar comhaois, agus chuaigh siad ar an scoil chéanna, agus chónaigh siad in aice le chéile AGUS bhí babaithe beaga le haire a thabhairt dóibh ag an mbeirt acu.

Tráthnóna breá amháin bhí siad ar fad ina suí os comhair theach Chonchúir. Bhí Babaí Orla ina suí ar an ruga agus bhí Babaí Aoife ag rith timpeall. Go hobann sheas Orla SUAS agus SHIÚIL sí i dtreo Aoife ag croitheadh a lámh agus ag glaoch 'Hiya! Hiya! amach.' Bhí ionadh an domhain ar Bhrian.

Ansin is ar Chonchúr a bhí an t-iontas. Chas Aoife timpeall agus shiúil i dtreo Orla agus bhí an chuma air go ndúirt sí 'cailín cliste!' Díreach mar a bhí ráite ag Mamaí, cé go raibh an dá bhabaí ar comhaois bhí siad tar éis rudaí a fhoghlaim ag amanta difriúla. Bhí a caint foghlamtha ag Aoife agus siúl foghlamtha ag Orla san am ceart dóibh féin.

Moltaí le haghaidh Scéalta Eile

Titch *le Pat Hutchins, foilsithe ag Puffin*
Is é Titch an ball is lú den teaghlach. Tá an chuma air go bhfuil gach rud atá ag a dheartháir agus a dheirfiúr níos mó agus níos fearr go dtí go ndéanann Titch roinnt garraíodóireachta.

Once There Were Giants *le Martin Waddell agus Penny Dale, foilsithe ag Walter Books*

sen 8 irish:sen 8 irish 14/07/2009 08:25 Page 161

Labhraimís: Faoin Scéal

I ndiaidh scéal Bhabaí Aoife agus Babaí Orla a léamh, b'fhéidir go gcuirfeá tús leis an gceacht seo le labhairt faoin scéal:

- **An cuimhin libh Babaí Aoife agus í nuashaolaithe?**
- **Cad a d'ól sí?**
- **Cá bhfuair sí a bainne?**
- **An cuimhin libh conas tá Aoife athraithe ó bhí sí ina babaí nuashaolaithe?**
- **Cé hé Brian? Cad is ainm dá dheirfiúr bheag?**
- **Ar dtús bhí Aoife ábalta únfairt timpeall. Cad a d'fhoghlaim sí ina dhiaidh sin? Cad a d'fhoghlaim Aoife go tapa?**
- **D'fhoghlaim sí conas rud éigin a dhéanamh roimh Orla. Cad a bhí ann? Bhí Orla níos fearr ag rud eile. Cad a bhí ann? Cad iad na focail a bhí Orla ábalta a rá?**
- **Cén fáth go ndúirt Mamaí gan "bheith buartha"?**
- **Níor shnámh Babaí Orla ar an talamh riamh. Cén uair a d'fhoghlaim sí siúl? Cén chaoi a raibh Aoife i ndiaidh siúl a fhoghlaim?**
- **Sular fhoghlaim Aoife conas labhairt, cad iad na fuaimeanna a dhéanadh sí? Cad dúirt Aoife nuair a d'fhoghlaim sí ar deireadh conas labhairt? Cén chaoi ar fhoghlaim sí labhairt?**

sen 8 irish:sen 8 irish 14/07/2009 08:25 Page 162

Rogha 2

Am Mata:	Ag Tomhas Fáis
Ionad Spéise:	Ag Fás agus ag Athrú
Labhraimís:	Faoin bhFás

Am Mata: Ag Tomhas Fáis

Is é an ceacht seo an tríú ceann i gceacht trí chuid.

Tomhaistear **airde, fad lámh** agus **tomhas bróg** gach páiste

g) ag tús na scoilbhliana

h) ag tús Eanáir, agus

i) ag deireadh téarma an tsamhraidh

Is féidir leis na páistí cabhrú le chéile iad féin a thomhas, faoi stiúradh an mhúinteora. Le tuiscint an mhúinteora déanfar deimhin de nach ndírítear an iomarca airde ar rátaí fáis thar meán i measc na bpáistí.

Is féidir **airde** a thomhas ag baint úsáide as cairt balla agus í a mharcáil i ndath le hainm an pháiste scríofa láimh leis an marc. Is féidir dath difriúil a úsáid le haghaidh gach tomhais.

Is féidir an **fad lámh** agus an **tomhas bróg** a thaifeadadh, a leathanach féin ag gach páiste, trí líne a tharraingt timpeall ar lámha agus cosa an pháiste, ag baint úsáide as dath difriúil gach uair.

D'fhéadfaí na leathanaigh sin a bhailiú i bhfoirm leabhair. I dtreo dheireadh na bliana, d'fhéadfaí an tomhas deiridh a ghearradh amach agus a chur ar taispeáint. Feicfidh na páistí an chaoi a bhfuil siad i tar éis fás agus feicfidh siad an chaoi a mbíonn rátaí fáis éagsúil. Bheadh sé cabhrach dá bhfaighfí cúnamh ó thuismitheoirí/chaomhnóirí sa ghníomhaíocht seo.

Ionad Spéise: Ag Fás agus ag Athrú

Déan bailiúchán leis na páistí d'earraí a léiríonn go bhfuil athrú i gceist san fhás. Sa bhailiúchán d'fhéadfaí leabhair agus póstaeirí a áireamh a léiríonn na hathruithe a thagann ar chruimheanna cabáiste agus torbáin.

D'fhéadfaí na cruimheanna cabáiste a dhéantar le bosca uibheacha agus na leathfhéileacáin fhillte ón ngníomhaíocht ealaíne sa cheacht seo a chur ar taispeáint chomh maith. Bheadh grianghraif de na páistí anois agus de na páistí agus iad ina mbabaithe oiriúnach.

Mar mhalairt, d'fhéadfaí earraí a luaitear in ábhar na gníomhaíochta **Labhraimís faoin bhFás** a leanann a chur ar taispeáint. D'fhéadfaí na cineálacha éagsúla bia a léiriú le cartáin fholmha bainne, clúdaigh iógairt, boscaí uibheacha, le pictiúir díobh nó le bia bréige.

sen 8 irish:sen 8 irish 14/07/2009 08:25 Page 163

Labhraimís: Faoin bhFás

Is féidir leis an múinteoir roghnú ó na ceisteanna seo a leanas:

D'fhéadfadh gur ábhar íogair é seo dóibh sin atá níos airde nó níos ísle ná an meán. Déantar iarracht sna ceisteanna a leanann iarracht gan aird a dhíriú ar an iomarcaíocht. Ní fhiafraítear sa phlé seo a leanas cé hé/hí an duine is ísle nó is airde sa rang?

- **Cén chaoi a mbíonn a fhios agat gur ag fás atá tú?** ***(bróga nua? éadaí ag éirí róbheag? an chairt airde? bheith ábalta rudaí arda a aimsiú nach raibh tú ábalta a aimsiú roimhe? e.g. an lasc don solas)***
- **An bhfuil tú i ndiaidh fás mórán ó thús na bliana?**
- **Cad a chabhraíonn leat fás go sláintiúil agus go láidir?**

Bia

- **Is iad na cineálacha bia a chabhraíonn leat fás** ***(.i. a thugann próitéiní duit)*** **ná bainne, iógart, cáis, uibheacha, iasc, feoil. An maith leat na cineálacha sin bia?**
- **Is iad na cineálacha bia a thugann fuinneamh** ***(.i. carbaihíodráití)*** **duit ná arán, gránaigh, prátaí, rís, pasta. Le fuinneamh is féidir leat cuid mhaith rudaí a dhéanamh gan éirí róthraochta. An itheann tú na cineálacha bia a thugann fuinneamh duit?**
- **Is iad na cineálacha bia a chabhraíonn leat fás go láidir agus go sláintiúil** ***(.i. vitimíní agus mianraí)*** **ná torthaí agus glasraí. An itheann tú na cineálacha sin bia?**
- **Cad a itheann tú don bhricfeasta?** ***(gránach? ubh?)***
- **An itheann tú bricfeasta sláintiúil?** ***(Beidh gá le tuiscint do shuímh bhaile.)***
- **Cad a bhíonn agat don lón?**
- **An itheann tú torthaí don lón?**
- **Cén cineál bia nár chóir duit mórán de a ithe?**
- **Cén fáth gur cheart duit na cineálacha sin bia a sheachaint?**

Codladh

- **An mbíonn do dhóthain codlata agat? Bíonn gá ag do chorp le codladh chun fás! Cén t-am a théann tú a luí? Cén t-am a dhúisíonn tú?**

sen 8 irish:sen 8 irish 14/07/2009 08:25 Page 164

Cleachtadh Coirp

Bíonn gá ag do chorp le cleachtadh.

- **Cad a dhéanann tú i ndiaidh scoile?**
- **An bhfanann tú istigh ag féachaint ar an teilifís?**
- **An dtéann tú amach ag súgradh?**
- **An imríonn tú peil?**
- **An dtéann tú ag rothaíocht?**
- **An snámhann tú?**
- **Cé mhéad páiste a bhí sé bliana d'aois um Nollag?**
- **Cé a bheidh sé bliana d'aois i Meitheamh srl?**
- **An bhfuil an lá breithe céanna ag aon bheirt pháiste sa rang?**
- **Cad é an tomhas bróg atá agat?**
- **Taispeáin dom cé chomh hard atá tú?**
- **Tá sibh ar comhaois ach tá tomhas difriúil bróg ag cuid agaibh?**
- **Tá airde dhifriúil ag gach duine agaibh.**

sen 8 irish:sen 8 irish 14/07/2009 08:25 Page 165

Gníomhaíochtaí a Leanann

Am Míme:	Ag Fás agus ag Athrú - an Chruimh Chabáiste
Gníomhaíocht Ealaíne:	Tógáil – Péinteáil Cruimheanna Cabáiste Bhosca Uibheacha Leathfhéileacáin Fhillte

Am Míme: Ag Fás agus ag Athrú – an Chruimh Chabáiste

Beidh spás ag teastáil don ghníomhaíocht seo. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as téipthaifeadán agus ceol cúlra mar rogha.

Spreag na daltaí chun a mboird a chóiriú, ag cur pinn luaidhe i leataobh agus aon ní eile a d'fhéadfadh a n-aire a chur ar seachrán. Is fearr gan tosú go dtí go mbíonn **na páistí ar fad ina suí ar an urlár** agus a n-aire agat. Agus an múinteoir ag labhairt de ghuth ciúin treoraíonn sé/sí iad:

Ligigí bhur scíth *(sos)*

Suígí síos go compordach *(sos)*

(I gcogar nach mór) **Éistigí ... éistigí ...**

Beireann féileacáin a n-uibheacha ar dhuilleoga. Tagann larbhaí as na huibheacha sin. Iompaíonn siad sin ina gcruimheanna cabáiste. Iompaíonn na cruimheanna cabáiste ina bpúpaí. Athraíonn siad ansin agus iompaítear ina bhféileacáin iad.

Lig ort gur ubh bheag bhídeach bhuí greamaithe de thaobh duilleoige cabáiste thú ... ní féidir leat corraí ach má fhéachann tú timpeall feicfidh tú go bhfuil na céadta ubh bheag bhídeach bhuí timpeall ort ... tagann tú amach as an ubh bheag agus iompaíonn tú i do larbha beag bídeach - péist bheag liath.

Go mall iompaíonn tú i do chruimh bheag ghlas chabáiste a itheann duilleog an chabáiste ... is ea, sin é is maith leat a ithe agus sin é a dhéanann tú don lá ar fad! ... féadfaidh tú bogadh go mall anois. Snámhann tú chuig spota eile ar an duileog chabáiste chun teacht ar phíosa úr duilleoige súmhaire cabáiste. Cnag! Cnag! Cnag! ... I gcuntais Dé! Tá tú ag éirí mór ...

Anois braitheann tú lán go béal agus an-chodlatach ... ach tá jab le déanamh agat sular féidir leat codladh a dhéanamh ... dá rachfá a chodladh anseo b'fhéidir go n-íosfadh éan ocrach thú don tae ... gluais chuig áit shábháilte agus déan pubaillín duit féin chun dul a chodladh ann ... tá tú breá teolaí agus sábháilte anois ...

Téann tú a chodladh ... Shh! Fanann tú i do chodladh ar feadh tamaill mhaith ... ní cruimh chabáiste a thuilleadh thú ... tá tú athraithe. Púpa a thugtar anois ort ... tá tú i do cheirtlín breá teolaí.

Ansin lá breá amháin dúisíonn tú agus tagann tú amach as do phuball ... ní púpa a thuilleadh thú ach an oiread ... tá tú iompaithe i d'fhéileacán álainn ... tá sciatháin agat ... is féidir leat eitilt ... ar aghaidh leat ... cén fáth nach dtugann tú cuairt ar na cabáistí arís?

Ag an bpointe seo d'fhéadfá roinnt ceoil a chur ar siúl a bhféadfadh na páistí rince leis e.g.

The Waltz of the Flowers *le Tchaikovsky*

sen 8 irish:sen 8 irish 14/07/2009 08:25 Page 166

Gníomhaíocht Ealaíne: Tógáil – Péinteáil Cruimheanna Cabáiste Bhosca Uibheacha

Gearr amach na cupáin bheaga i mbosca uibheacha pháipéar *maché*. Péinteáil iad i ndath uaine. Déan poll beag i mbun gach ceann acu agus greamaigh le chéile iad le sreangán chun cruimh chabáiste a dhéanamh.

Leathfhéileacáin Fhillte

Taispeáin do na páistí an chaoi le cruth leathfhéileacán a phéinteáil ar leathanach agus an leathanach a fhilleadh ionas go bhfeictear an féileacán ina iomláine le sciatháin chomhionanna.

Taispeáin an dá cheann acu seo mar ábhar gluaisteach nó ar an mballa leis an gceannteideal 'Táimid i ndiaidh fás agus athrú'.

Páirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Iarr ar na páistí insint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí faoi Bhabaí Aoife agus Babaí Orla nó faoin gcaoi a bhfásann agus a n-athraíonn cruimh chabáiste.

D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí teacht chun cabhrú leis na páistí a thomhas nó leis na gníomhaíochtaí ealaíne. Is féidir na táirgí deiridh a thaispeáint do thuismitheoirí/chaomhnóirí a thagann ar cuairt chuig an seomra ranga.

sen 8 irish:sen 8 irish 14/07/2009 08:25 Page 167

Naisc idir Baile is Scoil Naíonáin Shinsearacha 8 Fásaim agus Athraím

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná cabhrú le páistí fios a fháil go mbíonn athrú i gceist le fás agus go mbíonn rátaí fáis difriúil ag gach duine.

Bíonn deiseanna ar fáil, ar scoil nó sa bhaile, do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus tuismitheoirí chun cabhrú le páistí fios a fháil faoina bhfás fisiceach agus chun a thuiscint go bhfásann siad ar an-chuid bealaí eile de réir mar a fhásann siad ó thaobh méid de - éiríonn siad níos neamhspleáiche, tugann siad aire dá mbréagáin, cabhraíonn siad sa teach, tuigeann siad nach féidir leo gach rud a theastaíonn uathu a fháil nuair is mian leo, srl.

Seo a leanas roinnt moltaí le haghaidh **Gníomhaíochtaí Baile** a d'fhéadfadh **Tuismitheoirí/ Caomhnóirí** a dhéanamh lena bpáistí ar an téama **Fásaim agus Athraím:**

Pléigh le do pháiste cad a chabhraíonn leis/léi fás go láidir agus go sláintiúil agus faoin gcaoi inar féidir leat cabhrú maidir le

Bia, Cleachtadh, Codladh srl.

nó

Iarr ar do pháiste labhairt faoi rudaí gur féidir leis/léi a dhéanamh i mbliana nárbh fhéidir leis/léi a dhéanamh anuraidh:

Cóta/Seaicéad a dhúnadh, iallacha a cheangal, im a chur ar arán, caoi a chur ar na bréagáin, srl.

nó

Le chéile, déan colláis rudaí is féidir le do pháiste a dhéanamh, trí phictiúir chuí a ghearradh ó nuachtáin agus irisí agus iad a ghreamú ar leathanach chun pictiúr suimiúil tarraingteach a dhéanamh:

Rothaíocht, siúl, níochán, amhránaíocht, croitheadh lámh, srl.

nó

Le chéile, cum dán nó rím ghairid faoi do pháiste ag fás.

sen 8 irish:sen 8 irish 14/07/2009 08:25 Page 168

sen 9 irish:sen 9 irish 14/07/2009 08:23 Page 169

9 Ag déanamh cinntí

sen 9 irish:sen 9 irish 14/07/2009 08:23 Page 170

Téama 9

Ag déanamh cinntí

Aidhm: Chun cabhrú le páistí fios a fháil faoi thosca a mbíonn tionchar acu ar an rogha a dhéanann siad.

Roghchlár Téamaí

Rogha 1

Am Scéalta:	Déanann Sinéad Rogha Moladh le haghaidh Scéil Eile
Labhraimís:	Faoin Scéal

Rogha 2

Plé Ranga:	Déan Rogha
Labhraimís:	Faoi chinntí a dhéanamh

Gníomhaíochtaí a Leanann

Am Chur i gCéill:	Ag déanamh cinntí
Gníomhaíocht Ealaíne:	Ag aimsiú réitigh

Nóta ar Chinntí a dhéanamh

Agus lántaitneamh á bhaint as an saol ní mór fadhbanna a fhuascailt agus cinntí is roghanna a dhéanamh. Is féidir teacht ar phróisis dá leithéid mar dhuine aonair nó mar ghrúpa. Agus iarracht á déanamh fadhbanna páistí a fhuascailt nó a ndeacrachtaí a réiteach dóibh, cothaítear an meon iontu gur féidir le duine éigin eile an fhadhb a "réiteach" agus nach bhfuil an cumas acu féin na fadhbanna is simplí fiú a fhuascailt gan chúnamh ó dhuine fásta.

Is féidir an próiseas cinnteoireachta sna hábhair sin a mhúineadh do rang nó do dhuine aonair a bheidh ábalta, le cleachtadh, cinntí céillí a oireann dá n-aois a dhéanamh go neamhspleách le tuiscint ar na hiarmhairtí.

sen 9 irish:sen 9 irish 14/07/2009 08:23 Page 171

Rogha 1

Am Scéalta:	Déanann Sinéad Rogha Moladh le haghaidh Scéil Eile
Labhraimís:	Faoin Scéal

Am Scéalta: Déanann Sinéad Rogha

An cuimhin libh cailín beag darbh ainm Sinéad agus a cara Conchúr? Tá cuid mhaith ar eolas againn cheana faoi Shinéad. An cuimhin libh go bhfuil deirfiúr mhór, Bríd, agus deartháir mór, Tomás, ag Sinéad? Tá Sinéad ró-óg chun an iarnáil a dhéanamh agus ní féidir léi feadaíl go fóill ach tá sí go maith ag imirt peile agus ag déanamh prochóige faoi bhord na cistine. Is cara maith le Conchúr í. Ach tá rud éigin faoi Shinéad nach bhfuil ar eolas agaibh. Tá sí beagán mínéata. Is minic a dhéanann sí dearmad ar a cuid fiacla a ní agus a cuid gruaige a chíoradh. Bíonn a seomra leapa ina phraiseach i gcónaí.

Más cuimhin leat, táim cinnte gur cuimhin, tugann Conchúr aire do Bhabaí Aoife agus tugann Brian aire do Bhabaí Orla. Cabhraíonn Sinéad le Conchúr aire a thabhairt do Bhabaí Aoife uaireanta ach dáiríre ba bhreá léi dá mbeadh rud éigin aici féin le grá agus aire a thabhairt dó. Bhíodh cuid de na páistí sa rang i gcónaí ag insint don mhúinteoir faoina deirfiúracha agus dearthaireacha beaga.

Rinne sí machnamh air sin agus d'iarr sí comhairle ar a deirfiúr, Bríd. 'Ba mhaith liom rud éigin a bheith agam chun aire a thabhairt dó,' a dúirt sí. 'Cén fáth nach lorgaíonn tú iasc órga ar Dhaidí?' a dúirt Bríd. 'Ní fhéadfainn barróg a thabhairt d'iasc órga,' a mheas Sinéad. 'Cad faoi bhéar mór donn mar sin?' a dúirt Bríd ag gáire. Bhí a fhios ag Sinéad nach raibh Bríd ach ag magadh fúithi agus mar sin chuaigh sí chun cainte lena deartháir Tomás. 'Cad ba mhaith leat féin?' a d'fhiafraigh sé. Ní raibh Sinéad róchinnte.

Chuaigh Sinéad chun cainte lena Daidí. 'A Dhaidí,' a dúirt sí, 'tá mo lá breithe ag teacht go luath. Bhí mé ag smaoineamh gur mhaith liom peata a fháil chun aire agus cúram a thabhairt dó ach nílim cinnte cén cineál fós!' 'Níl a fhios agam,' arsa Daidí, 'is ar éigean go bhfuil tú ábalta aire a thabhairt duit féin. Ní bhíonn slacht ar do chuid gruaige choíche. Fágann tú do chuid bréagán ar an staighre agus tá do sheomra leapa ina phraiseach cheart. Bíonn an-aire ag teastáil ó pheataí. Ní dóigh liom go mbeifeá ábalta ceann a láimhseáil. Ní bheadh ann ach breis oibre domsa!'

Bhí díomá ar Shinéad ach bhí a fhios aici go raibh an ceart ag a Daidí. Dá dtaispeánfadh sí dá hathair chomh maith a d'fhéadfadh sí a bheith, b'fhéidir go n-athródh sé a intinn. Bheartaigh sí ar iarracht a dhéanamh bheith níos néata. Fad a bhí sí ag scuabadh a cuid gruaige smaoinigh sí ar an gcineál peata a thaitneodh léi. Bheartaigh sí gur mhaith léi coileán a bheith aici. Agus í ag dul síos an staighre phioc sí suas a cuid bréagán a bhí ann. 'A Dhaidí,' a dúirt sí, 'tá mo chuid gruaige scuabtha agus mo chuid bréagán pioctha suas agam. Tá m'aigne déanta suas agam gur mhaith liom coileán!' 'Tá brón orm,' a dúirt Daidí, 'ach bíonn an-chuid aire ag teastáil ó choileáin. Ní mór iad a bheathú agus cleachtadh a thabhairt dóibh agus cóir is oiliúint a chur orthu. Ní bheadh ann ach breis oibre domsa!'

Níor éirigh Sinéad as go fóill. Chuaigh sí suas staighre agus chuir slacht ar a seomra. Dúirt sí lena deirfiúr, Bríd, cad dúirt Daidí. 'Ba chuma liomsa cabhrú leat cleachtadh a thabhairt dó agus umhlaíocht a mhúineadh dó.' Dúirt Tomás go gcabhródh sé chun folcadh a thabhairt dó agus cóir a chur air.

Ar ais ag Sinéad chuig a Daidí. Mhínigh sí an méid a dúirt Bríd agus Tomás faoi chabhair a thabhairt di aire a thabhairt don choileán. 'Tá brón orm,' arsa Daidí, 'ach ní féidir coileán a fháil agus sin sin. Is éard a tharlódh gur mise a bheadh ag glanadh suas ina dhiaidh. Ní bheadh ann ach breis oibre domsa agus tá mo dhóthain le déanamh agam cheana.'

sen 9 irish:sen 9 irish 14/07/2009 08:23 Page 172

Tháinig agus d'imigh lá breithe Shinéad agus bhí lá breá aici agus fuair sí an-chuid bronntanas deas ach ní raibh aon choileán ann. Bhí a fhios aici go raibh an-chuid oibre le déanamh ag Daidí agus chuaigh sí i bhfeabhas maidir le haire a thabhairt di féin agus a seomra a choinneáil néata.

Ansin tharla rud an-bhrónach. Cailleadh seanathair Chonchúir. Bhí Conchúr an-churtha amach mar go raibh grá mór aige dá Dhaideo. Bhí madra caorach álainn ag Daideo Chonchúir, ar a dtugtaí 'Sípín'. Bhí sí thart ar chúig bliana d'aois. Thugadh Daideo Chonchúir an-aire di. Ní raibh teaghlach Chonchúir ábalta í a choinneáil mar go raibh babaí beag acu le haire a thabhairt di. Bhí an chuma air go mbeadh ar Shípín dul chuig Póna na Madraí.

Rinne Sinéad iarracht amháin eile. D'inis sí dá hathair faoi Shípín agus chuir sí i gcuimhne dó an chaoi a gcabhródh Bríd agus Tomás. Bhí trua ag Daidí do Shípín. Níor theastaigh uaidh go rachadh sí go Póna na Madraí. Bhí sé tugtha faoi deara aige go raibh aire i bhfad níos fearr á tabhairt ag Sinéad di féin le déanaí agus go raibh a seomra á choinneáil glan aici. Ní bheadh an méid céanna aire a bheadh ó choileán ag teastáil ó mhadra mar Shípín. Agus bhí Daideo Chonchúir tar éis oiliúint mhaith a chur uirthi. Bhí an-ghrá tugtha aige di agus madra cairdiúil a bhí inti.

'Maith go leor, mar sin,' a dúirt Daidí. B'fhada le Sinéad an dea-nuacht a insint do Chonchúr!

Moladh le haghaidh Scéil Eile

A Pet for Mrs Arbuckle *le Gwenda Smythe, foilsithe ag Puffin Picture Book*
Roghnaíonn Bean Arbuckle peata.

B'fhéidir go mbeadh scéalta eile ar eolas ag an múinteoir a scrúdaíonn téama an roghnaithe.

Labhraimís: Faoin Scéal

Nuair a bhíonn an scéal léite, déanann Sinéad Rogha a léamh, b'fhéidir go gcuirfeá tús leis an gceacht seo le labhairt faoin scéal.

- **An cuimhin libh cad a bheartaigh sí a lorg? Cén fáth go raibh peata dá cuid féin ag teastáil uaithi?**
- **Cé a mhol di iasc órga a fháil? Cén fáth ar mhol Bríd iasc órga, dar leat? Cén fáth nach raibh iasc órga ó Shinéad?**
- **Cén fáth gur cheap Daidí nach mbeadh sí ábalta aire a thabhairt do pheata? Cad a bheartaigh Sinéad a dhéanamh chun go mbeadh a fhios ag a hathair go mbeadh sí ábalta aire a thabhairt do pheata?**
- **Bheartaigh Sinéad go raibh peata ar leith uaithi. Cén peata é sin? Cén fáth gur cheap Daidí nach mbeadh coileán oiriúnach?**
- **Dúirt a deirfiúr go gcabhródh sí. Cén chaoi a gcabhródh sí? Dúirt a dearthár go gcabhródh seisean chomh maith? Cén chaoi? Cén fáth gur cheap Daidí nach smaoineamh maith a bheadh i gcoileán a fháil fós?**
- **Cén t-ainm a bhí ar an madra caorach? Cén fáth go raibh baile uaithi? Cén fáth gur bheartaigh Daidí ar ligean do Shinéad Sípín a choinneáil?**

sen 9 irish:sen 9 irish 14/07/2009 08:23 Page 173

Rogha 2

Plé Ranga:	Déan Rogha
Labhraimís:	Faoi chinntí a dhéanamh

Plé Ranga: Déan Rogha

Cruthaíonn an múinteoir roinnt suíomh ina mbíonn gá le cinntí agus iarrtar ar na páistí na roghanna agus a n-iarmhairtí a phlé. B'fhéidir go mbainfeadh an múinteoir úsáid as seo mar dheis chun dul siar ar ábhair a clúdaíodh ní ba luaithe sa bhliain. m.sh.

Suíomh

Tá tú ag súgradh le do chairde. Iarrann duine eile ort súgradh libh.

Cinneadh

An ndéarfaidh tú leis/léi imeacht nó an ndéarfaidh tú go bhfuil sé ceart go leor súgradh libh?

Iarmhairtí

Má deir tú leis/léi imeacht conas a bhraithfidh sé/sí?
Conas a bhraithfidh tusa?
Conas a bhraithfidh do chairde?
An dóigh leat go n-iarrfadh an duine sin oraibh súgradh libh arís?
Ar stop éinne tusa riamh agus tú ag iarraidh súgradh le daoine eile?
Conas a bhraithfeá dá n-iarrfá agus nach gceadófaí duit súgradh leo?
Cén chúis a bhí agat lena rá leis/léi imeacht?
Cad déarfadh do Mhamaí/Dhaidí/Mhúinteoir leat faoi sin?

Má deir tú leis/léi go bhfuil sé ceart go leor súgradh libh conas a bhraithfidh sé/sí?
Conas a bhraithfidh tusa?
Conas a bhraithfidh do chairde?
Cén fáth gur chóir dúinn bheith cairdiúil le chéile?
Cad deir Mamaí/Daidí/Múinteoirí faoi bheith cairdiúil?

Le ceisteanna comhchosúla d'fhéadfaí plé a thosú ar na hábhair seo a leanas:

- **Tá páiste nua sa rang. An bhfágfaidh tú ina (h)aonar é/í chun a c(h)airde féin a dhéanamh nó an ndéanfaidh tú cairdeas leis/léi agus a rá leis/léi ar mhaith leis/léi go dtaispeánfá an áit dó/di?**
- **Tá tú buartha mar go bhfuil do chara ag súgradh le duine éigin eile. An rachaidh tú sall chucu ag iarraidh an féidir leat súgradh chomh maith nó an bhfaighidh tú cara eile chun súgradh leis/léi?**
- **Tá do chara ag súgradh le duine éigin eile. An rachaidh tú sall chucu ag iarraidh an féidir leat súgradh chomh maith nó an mbeidh argóint agat le do chara?**
- **Tá uaigneas ort. An rachaidh tú isteach i gcúinne ag caoineadh nó an bhfaighidh tú cairde eile le súgradh leo?**
- **Tá do Mhamaí tar éis bheith ag obair go dian an lá ar fad. An bhfiafróidh tú di cad tá ann don dinnéar nó an dtabharfaidh tú barróg di agus an bhfiafróidh tú cén chaoi ar féidir leat cabhrú?**

sen 9 irish:sen 9 irish 14/07/2009 08:23 Page 174

- **Tá tú ag féachaint ar an teilifís. Iarrann do Mhamaí ort rud éigin a dhéanamh. An ligfidh tú ort nach féidir leat í a chloisteáil nó an ndéanfaidh tú an rud di?**
- **Caithfidh tú roghnú cad a bheidh agat do lón na scoile. An mbeidh brioscáin phrátaí agus deoch bholgóideach agat nó an mbeidh ceapaire agus deoch oráistí agat?**

Pléigh na cinntí a dhéanann na páistí agus na fáthanna leis na cinntí sin. Ba chóir go mbeadh na roghanna a thugtar do na páistí meidhreach go maith. Níor chóir fadhbanna a chuifeadh idir dhá thine Bhealtaine iad a áireamh.

Labhraimís: Faoi Chinntí a dhéanamh

- **Dhúisigh tú ar maidin agus cad é an chéad chinneadh a bhí ort a dhéanamh? Cad iad na cinntí eile atá déanta agat ó mhaidin?**
- **An raibh aon rud uait nár ceadaíodh duit a dhéanamh? Cén fáth? An raibh aon rud uait nárbh fhéidir leat a dhéanamh? Cén fáth?**
- **Bíonn roinnt roghanna furasta. An féidir leat smaoineamh ar aon cheann?**
- **Bíonn roinnt roghanna deacair. An féidir leat smaoineamh ar aon cheann?**
- **An raibh ort cinneadh tábhachtach a dhéanamh riamh? Inis dúinn faoi. Cén cinneadh a rinne tú? Cén fáth? Má bhíonn ort cinneadh tábhachtach a dhéanamh agus má bhíonn comhairle uait cé air ar féidir leat ceist a chur?**

sen 9 irish:sen 9 irish 14/07/2009 08:23 Page 175

Gníomhaíochtaí a Leanann

Am Chur i gCéill:	Ag déanamh cinntí
Gníomhaíocht Ealaíne:	Ag aimsiú réitigh

Am Chur i gCéill: Ag déanamh cinntí

Fan go mbíonn aithne ag na páistí ar a chéile sula dtugann tú an ghníomhaíocht seo isteach. Mínigh an tasc go soiléir agus tabhair fadhb le fuascailt nó cinneadh le déanamh do na páistí. D'fhéadfá an suíomh is oiriúnaí ón liosta thíos a roghnú nó do shuíomh féin a cheapadh:

Lig ort go bhfuil tú le beirt chairde sa chlós. Tosaíonn siad ag troid le chéile.

Ní féidir leat teacht ar an bpeann luaidhe nua a thug tú isteach ar scoil leat. Tá ceann mar an gcéanna ag do chara.

Tá tú ag imirt le do chara. Iarrann duine éigin eile oraibh imirt libh.

Tá tú curtha amach mar go bhfuil do chara ag súgradh le duine éigin eile. Tá uaigneas ort. Braitheann tú nach bhfuil aon duine ann le súgradh leat sa chlós.

Tá an-ocras ort agus tá tú ag súil le do dhinnéar. Tá cuma thuirseach ar do Mhamaí. Tá sí tar éis bheith ag obair go dian an lá ar fad agus níl aon dinnéar ullamh fós.

Tá tú ag féachaint ar an gclár teilifíse is ansa leat. Iarrann do Mhamaí ort rud éigin a dhéanamh.

Chun na páistí a ullmhú léigh an fhadhb os ard. Cuir ag smaoineamh iad roimh ré faoi réiteach na faidhbe. Fiafraigh díobh.

- **Ar tharla sé seo duitse riamh?**
- **Cén chaoi a mothófá sa suíomh seo?**
- **Cad a dhéanfá?**
- **Cad a tharlódh ansin dá ndéanfá é sin?**
- **An bhfuil bealaí eile ann chun an fhadhb seo a fhuascailt?**

Tabhair dóthain ama do na páistí chun machnamh ar réiteach sula lorgaíonn tú daoine chun réiteach a sholáthar le gníomhaíocht. Déan monatóireacht chúramach air seo. Ní féidir leis na páistí an tasc a thugtar dóibh a athrú. Stop an ghníomhaíocht má thagann míthuiscintí chun solais agus má ghoilltear ar éinne.

Is féidir le páistí róil a ghlacadh ach is féidir le páiste gan páirt a ghlacadh má theastaíonn sé sin uaidh/uaithi. Is féidir leis na páistí sin féachaint ina áit sin. Inis dóibh éisteacht go cúramach agus iad féin a cheistiú:

- **An bhféadfadh sé seo tarlú dáiríre?**
- **Cad a dhéanfainnse sa suíomh sin?**
- **Cad a tharlódh dá ndéanfá é sin?**
- **An bhfuil bealaí eile ann chun an fhadhb seo a fhuascailt?**
- **Cad a tharlódh ansin?**

Nuair a bhíonn an tasc críochnaithe ag na páistí, stop agus déan an réiteach a mheas leo. Ceistigh iad:

- **Cad é an bealach is fearr chun an fhadhb seo a réiteach?**
- **Cén fáth?**

sen 9 irish:sen 9 irish 14/07/2009 08:23 Page 176

Gníomhaíocht Ealaíne: Ag aimsiú réitigh

Faigheann na páistí leathanach mór páipéir roinnte ina dhá chuid. Tarraingíonn siad pictiúr de shuíomh ina mbeadh gá le cinneadh a dhéanamh. D'fhéadfadh gur ceann díobh seo a leanas é:

1. **Rogha shimplí a dhéanann siad an lá sin:**
   Bricfeasta – gránach nó tósta?
   Ag gléasadh – raonchulaith nó bríste agus geansaí?
   Ag taisteal ar scoil – de shiúl na gcos,i mbus nó i gcarr?
   Ag imirt – peil nó tóraíocht

2. **Rogha le breis is dhá nó trí fhéidearthacht:**
   Cuairt ar an siopa milseán nó siopa bréagán.

3. **Cinneadh bunaithe ar an gcluiche nó rólghlacadh níos luaithe sa cheacht seo:**
   Tosaíonn do chairde ag troid le chéile.
   Tá tú ag féachaint ar an gclár teilifíse is ansa leat agus iarrann do Mhamaí ort rud éigin a dhéanamh.

I ndiaidh dóibh an pictiúr a chríochnú míneoidh siad an fhadhb dá bpáirtí. Malartaíonn siad a bpictiúir agus déanann cinneadh bunaithe ar phictiúr a bpáirtí agus tarraingíonn siad pictiúr. Is féidir leo a réiteach a phlé lena bpáirtí.

Páirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Iarr ar na páistí insint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí faoi Shinéad agus a peata nua.

Is féidir an obair ealaíne a thaispeáint do thuismitheoirí/chaomhnóirí a thagann ar cuairt chuig an seomra ranga.

sen 9 irish:sen 9 irish 14/07/2009 08:23 Page 177

Naisc idir Baile is Scoil — Naíonáin Shinsearacha 9 Ag déanamh cinntí

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Is í aidhm an cheachta seo ná cabhrú le páistí fios a fháil faoi thosca a mbíonn tionchar acu ar roghanna. Agus lántaitneamh á bhaint as an saol ní mór fadhbanna a fhuascailt agus cinntí is roghanna a dhéanamh. Agus iarracht á déanamh fadhbanna páistí a fhuascailt nó a ndeacrachtaí a réiteach dóibh, cothaítear an meon iontu gur féidir le duine éigin eile an fhadhb a "réiteach" agus nach bhfuil an cumas acu féin na fadhbanna is simplí fiú a réiteach gan aon chabhair ó dhuine fásta.

Seo a leanas roinnt moltaí le haghaidh **Gníomhaíochtaí Baile** a d'fhéadfadh **Tuismitheoirí/ Caomhnóirí** a dhéanamh lena bpáistí ar an téama **Ag déanamh cinntí:**

Cuirimis i gcéill:

Go bhfuil tú ag imirt le do chairde. Iarrann duine éigin eile ort imirt leo.

An ndéarfaidh tú leis/léi imeacht nó an ndéarfaidh tú go bhfuil sé ceart go leor imirt libh?

Má deir tú leis/léi imeacht conas a bhraithfidh sé/sí? Conas a bhraithfidh tusa?

Ar dhiúltaigh éinne duitse riamh teacht ag imirt i gcluiche?

Cén fáth gur chóir dúinn bheith cairdiúil le chéile?

nó

Labhraimís ar a tharla inniu:

Cad é an chéad chinneadh a rinne tú nuair a dhúisigh tú ar maidin? Inis dom faoi.

An raibh aon rud a theastaigh uait a dhéanamh inniu ach ar bheartaigh tú gan é a dhéanamh? Inis dom faoi.

nó

Cad a dhéanfá:

Dá mbeifeá le beirt chairde sa chlós agus dá dtosóidís ag troid?

Mura mbeifeá ábalta teacht ar an bpeann luaidhe nua a thug tú isteach ar scoil leat agus go raibh ceann mar an gcéanna ag do chara?

Dá mbeadh an-ocras ort i ndiaidh scoile ach nach raibh an dinnéar ullamh?

Dá mbeifeá ag féachaint ar an gclár teilifíse is ansa leat agus dá n-iarrfaí ort d'obair bhaile a thosú?

sen 9 irish:sen 9 irish 14/07/2009 08:23 Page 178

sen index irish:sen index irish 14/07/2009 08:21 Page 179

Innéacs

Naíonáin Shinsearacha: Imeascadh Curaclaim

Ábhar	Téama OCG	Lch
Béarla		
Forbairt Teanga		
Cad is féidir leatsa a dhéanamh	Féach cad is féidir liomsa a dhéanamh	103
Cairde	Seo iad mo chairde	111
Ag féachaint ar ghrianghraif	Seo iad mo theaghlach	119
Teaghlaigh	Seo iad mo theaghlach	119
Sábháilteacht ar Bhóithre	Is féidir liom bheith sábháilte	125
Mothúcháin	Tá mothúcháin ag daoine eile chomh maith	133
Babaithe Nua	Ag tabhairt aire do bheatha nua	142
Am Folctha	Mo Chorp	151
Ag tabhairt aire dár gcoirp	Mo Chorp	152
Ag éirí ar maidin	Mo Chorp	153
Ag ullmhú don leaba	Mo Chorp	153
Ag an trá/linn snámha	Mo Chorp	153
Cuairt chuig an dochtúir	Mo Chorp	154
Ag tabhairt aire do bhabaí	Mo Chorp	154
Leabhar scéalta	Mo Chorp	154
Ag Fás	Fásaim agus Athraím	163
Ag déanamh roghanna	Ag déanamh cinntí	173
Scéal		
Cad is féidir le Sinéad a dhéanamh	Féach cad is féidir liomsa a dhéanamh	101
Cara do Chonchúr	Seo iad mo chairde	109
Iontas do Chonchúr	Seo iad mo theaghlach	117
Deirfiúr Nuashaolaithe Chonchúir	Ag tabhairt aire do bheatha nua	139
Beirt Bhabaí Chliste	Fásaim agus Athraím	159
Déanann Sinéad Rogha	Ag déanamh cinntí	171
Mata		
Ag Tomhas Fáis	Féach cad is féidir liomsa a dhéanamh	105
Ag Tomhas Fáis	Seo iad mo theaghlach	121
Ag Tomhas Fáis	Fásaim agus Athraím	162
Eolas Imshaoil		
Cuairt		
Duine a mhúineann sábháilteacht ar bhóithre dúinn	Is féidir liom bheith sábháilte	125
Tuismitheoir(í) agus Babaí	Ag tabhairt aire do bheatha nua	141
Siúlóid		
Siúlóid Sábháilteachta	Is féidir liom bheith sábháilte	126
Siúlóid Dúlra	Ag tabhairt aire do bheatha nua	143

sen index irish:sen index irish 14/07/2009 08:21 Page 180

Ábhair Acmhainní don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Ábhar	Téama OCG	Lch
Ionad Spéise		
Babaithe	Ag tabhairt aire do bheatha nua	141
Ag Fás agus ag Athrú	Fásaim agus Athraím	162
Turgnamh		
Ag fás plandaí ón síol	Ag tabhairt aire do bheatha nua	143
Ceol		
Ag Éisteacht le Ceol	Tá mothúcháin ag daoine eile chomh maith	134
Drámaíocht		
Am Chur i gCéill		
Ag tabhairt folctha do bhabaí	Mo Chorp	150
Ag déanamh cinntí	Ag déanamh cinntí	175
Mím		
Ag Fás agus ag Athrú - an Chruimh Chabáiste	Fásaim agus Athraím	165
Am Ciúin		
Ag léiriú cairdis	Seo iad mo chairde	112
Am Súgartha		
Is éard a deir Síomón	Féach cad is féidir liomsa a dhéanamh	103
Cluiche Amhránaíochta	Féach cad is féidir liomsa a dhéanamh	104
Clanna Sona	Seo iad mo theaghlach	120
Ealaín		
Leabhar Pictiúr	Féach cad is féidir liomsa a dhéanamh	104
Cnuasach Grúpa	Seo iad mo chairde	112
Ag déanamh míreanna mearaí	Seo iad mo theaghlach	120
Leabhar faoi Shábháilteacht ar Bhóithre	Is féidir liom bheith sábháilte	127
Freagra Pictiúrtha	Tá mothúcháin ag daoine eile chomh maith	132
Leabhar Pictiúr ar Mhothúcháin	Tá mothúcháin ag daoine eile chomh maith	134
Forleagan Criáin	Ag tabhairt aire do bheatha nua	144
Péint ar Fhorleagan Criáin	Mo Chorp	155
Cnuasach	Mo Chorp	155
Péinteáil: Cruimheanna Cabáiste Bhosca Uibheacha	Ag tabhairt aire do bheatha nua	166
Péinteáil: Leathfhéileacáin Fhillte	Ag tabhairt aire do bheatha nua	166
Ag aimsiú réitigh (i bpéirí)	Ag déanamh cinntí	176